An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

# Tuarascáil Bhliantúil 2020

Bealtaine 2021
enterprise.gov.ie

# Clár na nÁbhar

Réamhfhocal.......................................................................................................... 3

Achoimre Feidhmiúcháin.......................................................................................... 8

Fís, Misean, Luachanna ........................................................................................... 19

Réámheolas faoin Roinn Fionar, Trádála agus Fostaíochta............................................ 20

Struchtúr na Roinne ................................................................................................ 22

Cairt Eagrúcháin ..................................................................................................... 23

Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne ..................................................................... 24

Ráiteas Stráitéise 2018-2021...................................................................................... 25

Sprioc 1:Fiontair agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú i réigiúin uile na tíre............................................................................................................ 25

Sprioc 2:Ceannaireacht a thabhairt do chur chuige uile-Rialtais maidir leis an timpeallacht is iomaíche a fhorbairt d'infheistíocht, táirgiúlacht agus poist inbhuanaithe ........ 38

Sprioc 3: Éire a chur chun cinn mar Cheannródaí Domhanta Nuálach ........................... 47

Sprioc 4: Tacaíochtaí caidrimh dhearfaidh san áit oibre, sásraí réitigh díospóidí a fheidhmíonn go maith, forfheidhmiú fónta na gceart fostaíochta agus timpeallacht oibre shábháilte a chur ar fáil ......................................................................... 60

Sprioc 5:A chinntiú go n-éascaíonn rialáil gnó infheistíocht agus forbairt gnó, iomaíochas sa mhargadh, ardchaighdeáin i dtace le cosaint tomhaltaí agus rialachas corparáideach.................................................................................................. 69

Sprioc 6: Oibriú go huaillmhianach lenár gComhpháirtithe AE agus Idirnáisiúnta i réimse leathan leasanna, lena n-áirítear an Breatimeacht.......................................... 80

Sprioc 7:Infheistíocht a dhéanamh inár bhfoireann agus ár n-acmhainní go léir a bharrfheabhsú ......................................................................................................... 92

Aguisín 1 Billí a Achtaíodh in 2020 107

Aguisín 2 Ionstraimí Reachtúla a Rinneadh in 2020 108

Aguisín 3 Soláthar Poiblí Glas. 112

# RÉAMHFHOCAL



## TÁNAISTE AGUS AIRE FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA, LEO VARADKAR, T.D

I dTuarascáil Bhliantúil mo Roinne le haghaidh 2020, leagtar amach na gníomhartha agus na tionscnaimh a rinne an Roinn in 2020 agus a sainordú á chomhlíonadh aici chomh maith lena gealltanais faoi Chlár an Rialtais. Tugtar aird sa Tuarascáil seo ar an gclár leathan oibre a rinneadh i rith thréimhse thar a bheith dúshlánach, agus sinn ag dul i ngleic le dhá ghéarchéim: paindéim COVID-19 agus ullmhúcháin don Bhreatimeacht. Agus sin á dhéanamh againn, choinníomar ag díriú ar an dá aistriú; digiteach agus glas.

Chomh luath agus a thosaigh an phaindéim, thug an Roinn freagra láithreach uirthi lena chinntiú go mbeadh an tionchar ba lú agus ab fhéidir ar ghnólachtaí agus ar sholáthar seirbhísí. Bhí ról ollmhór againn ag cuidiú le gnólachtaí i rith na géarchéime, trí bhíthin fhiontair agus poist inmharthana a chothabháil agus cúnamh breise a thabhairt do ghnólachtaí chun athoscailt agus chun fanacht ar oscailt.

Leanamar de dheontais agus de scéimeanna ráthaíochta iasachtaí a chur ar fáil chun cabhrú le sreabhadh airgid agus le pleanáil ghnó. Chuireamar níos mó airgeadais agus maoinithe ar fáil, agus iad níos inacmhainne freisin, agus chabhraíomar le gnólachtaí iad féin a ullmhú don Bhreatimeacht. Dhíríomar ar athléimneacht a fhorbairt ar feadh an fhiontair agus sinn ag féachaint lena chinntiú go mbeidh téarnamh iomlán ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí i ndiaidh na paindéime, agus fad a bhíomar ag ullmhú don Bhreatimeacht.

Sholáthraíomar bonn agus treoir do ghnólachtaí le hoibriú agus le hathoscailt ar bhealach slán sábháilte. Leis an bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, tugadh dearbhú d’fhostóirí agus d’oibrithe i ndáil le cumas gnólachtaí fanacht ar oscailt agus athoscailt i rith thréimhse na paindéime. D’athraíomar ár rialáil cuideachtaí chun cuideachtaí a éascú maidir lena bhfreagrachtaí rialachais. Agus an Straitéis Náisiúnta um Chianobair agus an Beartas um an gCeart chun Dícheangal a Dhéanamh á bhfoilsiú againn, tógfaimid ar an taobh dearfach a bhain le bheith ag obair go cianda i rith na paindéime agus déanfaimid na rioscaí gaolmhara a bhainistiú le go n-oibreoidh sé d’fhostóirí agus d’fhostaithe.

Le linn 2020, bhí an nuálaíocht ina gné láidir de mo Roinn i gcónaí agus, den tríú bliain as a chéile, tá Éire ar bharr Scórchlár Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh le haghaidh tionchair fostaíochta agus tionchair díolacháin maidir le nuálaíocht. Leanadh de rath Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha de chuid na Roinne, agus rinne Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide comhoibriú le cuideachtaí ilnáisiúnta agus le hinstitiúidí taighde ar thionscadail ollmhóra um thaighde tionsclaíoch atá ar thús cadhnaíochta san athrú teicneolaíochta.

Is gné lárnach de bheartais fiontraíochta agus nuálaíochta na Roinne é Gníomhú ar son na hAeráide agus i gcláir agus i ngníomhaíochtaí ár nGníomhaireachtaí. Rinneamar caidreamh gníomhach le Plean an Rialtais maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus thugamar rannchuidiú le forbairt ar an Straitéis Fadtéarmach don gheilleagar uile ina leagtar amach sprioc neodrachta na hÉireann don bhliain 2050.

Is gné ollmhór de mhisean na Roinne é téarmaí agus coinníollacha a fheabhsú do gach oibrí. Tá obair ar bun chun scéim reachtúil um shochar breoiteachta a thabhairt isteach le go mbeidh Éire ar aon dul le tíortha eile san Eoraip. Rinneadh comhairliúchán poiblí iomlán ina leith anuraidh. Tá sé ar intinn agam reachtaíocht a thabhairt chun cinn faoin scéim in 2021 le súil agus an scéim a bheith i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana. Tá tús curtha leis an obair chun aistriú chuig Íosphá Maireachtála d'Éirinn freisin.

In 2020, d'oibrigh an Roinn go dlúth le Coimisiún an Aontais Eorpaigh agus le Ballstáit chun líon comhaontuithe trádála a thabhairt chun críche go rathúil. Leanadh dár gcuideachtaí a chur chun cinn thar lear trí obair ár nGníomhaireachtaí Stáit agus a gcuid oifigí idirnáisiúnta.

Le linn 2020, thóg an Roinn ar an obair a rinneadh roimhe seo chun creat cobhsaí, trédhearcach agus nuachóirithe maidir le dlí na gcuideachtaí in Éirinn a fhorbairt go rathúil. Leanadh d'fhreagairtí ar dhúshláin nua agus ar dhúshláin a bhí ag teacht chun cinn a fhorbairt agus a mhúnlú maidir le dlí na gcuideachtaí, iomaíochas agus beartas tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal náisiúnta, go háirithe maidir leis an mBreatimeacht agus le COVID-19.

Ó ceapadh chuig an Roinn seo mé i mí an Mheithimh 2020, tá caighdeán, tiomantas agus díograis na foirne ar fud na Roinne, a cuid Oifigí agus a Gníomhaíochtaí, ag dul i bhfeidhm go mór orm. Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair an Aire a tháinig romham, an tAire Heather Humphreys, T.D., agus do na hAirí Stáit Pat Breen, T.D., agus John Halligan, T.D., a chuir go mór le gnóthachtálacha na Roinne in 2020. Is mian liom freisin buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe, na hAirí Stáit Damien English T.D., agus Robert Troy T.D., as a gcuid oibre leanúnaí agus as a dtiomantas leanúnach.

# RÉAMHFHOCAL



## ARD-RÚNAÍ
## AN DR ORLAIGH QUINN

Is í seo an Tuarascáil Bhliantúil deiridh faoi Ráiteas Straitéise na Roinne 2018 go 2021 agus tugtar achoimre inti ar an dul chun cinn a roinne an Roinn ar ár spriocanna agus ar ár gcuspóirí a bhaint amach in 2020. Comhaontaíodh Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2021 go 2023 i mí Eanáir 2021.

Bhí sraith dúshlán gnó nach bhfacthas riamh cheana roimh an Roinn in 2020, go háirithe maidir le dul i ngleic leis na tionchair ollmhóra a d'eascair as an mBreatimeacht agus as COVID-19. Bhainistíomar athruithe eagrúcháin agus aistriú feidhmeanna nua i ndiaidh gur toghadh an Rialtas nua i mí an Mheithimh 2020.

Ag tús na bliana, dhíríomar ar an mBreatimeacht agus ar an trádáil. Thugamar cúnamh do ghnólachtaí trí bhíthin scéimeanna airgeadais agus seirbhísí comhairleachta; sholáthraíomar anailís agus comhairle don rialtas ar fad maidir le himpleachtaí idirbheartaíochtaí an Aontais Eorpaigh. Leanadh den obair sin mar thosaíocht ollmhór agus thugamar aird freisin ar an ngéarchéim COVID-19. Bunaíodh Aonad COVID-19 tiomnaithe, rud a chinntigh cur chuige comhtháite agus comhordaithe ar an bpaindéim agus ar an iliomad dúshlán a chruthaigh sí ar fud na Roinne. Thugamar freagra láithreach agus freagrúil lena chur ar chumas na foirne a bheith ag obair ón mbaile agus aistríodh ár bhfoirne, ar ghearrfhógra, ó shamhail oibriúcháin oifig-bhunaithe go dtí an chianobair beagnach go hiomlán, seachas i gcás foirne mionlaigh nach raibh in ann a gcuid oibre a dhéanamh go cianda.

Is díol molta do gach ball foirne é gur thugamar freagra chomh tapa agus chomh solúbtha sin chun riachtanais phráinneacha na fiontraíochta a chomhlíonadh. Ath-imlonnaíodh baill foirne agus cruthaíodh róil nua agus scéimeanna airgeadais nua agus seirbhísí comhairleacha nua á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm againn, chomh maith le hathruithe rialála ar dhlí na gcuideachtaí, prótacail nua um shláinte agus sábháilteacht san áit oibre agus réimse leathan tionscnamh maidir le caidreamh san áit oibre agus fostaíocht, amhail seomraí cúirte fíorúla sa an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus sa Chúirt Oibreachais. D'oibríomar i gcomhar le go leor Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile chun cúnamh a thabhairt don iarracht náisiúnta; thugamar tosaíocht do cheadanna fostaíochta d'oibrithe túslíne sna seirbhísí sláinte agus rinneamar iad a mhear-eisiúint; bhí ról ceannasach againn i gcuidiú le FSS trealamh cosanta pearsanta a aimsiú tráth a raibh an-bhrú ann agus rinneamar baill foirne a ath-imlonnú ar shannacháin shealadacha chuig réimsí den tseirbhís phoiblí ina raibh gá le hacmhainní breise.

Trí bhíthin ár mbuiséad a mhéadú faoi dhó, bhíomar, ag obair lenár nGníomhaireachtaí agus lenár nOifigí, in ann cúnamh a raibh géarghá leis a thabhairt d'earnáil na fiontraíochta. B'éigean mion-anailís a dhéanamh ar scéimeanna iomchuí agus iad a sholáthar chun cuidiú le gnólachtaí, le hearnálacha agus le réigiúin ag gach céim den phaindéim. Bhunaíomar

Lárionad Faisnéise Fiontar nua, chomh maith le cuir chuige cumarsáide a chuir ar ár gcumas aistriú ar líne agus nascadh lenár bpáirtithe leasmhara ar fad. D'fhoilsíomar treoraíocht fhairsing, ina measc an Treoir maidir le Tacaíochtaí do Ghnólachtaí, an Prótacal um Obair go Sábháilte agus treoraíocht maidir le siopadóireacht shábháilte. Dhíríomar go leanúnach ar chaidrimh thrádála agus dhomhanda agus thug ár bhfoireann thar lear cúnamh mór dúinn lenár gcaidrimh idirnáisiúnta. D'oibrigh siad go dlúth le Coimisiún an Aontais Eorpaigh agus le Ballstáit chun líon comhaontuithe trádála a thabhairt chun críche go rathúil. Leanamar de gach réimse tábhachtach eile dár gclár gnó a sholáthar, lena n-áirítear réimsí ollmhóra beartais amhail cúrsaí digiteacha, aeráide, cianoibre agus an ceart chun dícheangal a dhéanamh.

Ba thosaíocht dúinn i rith 2020 teagmháil fhorleathan agus leanúnach lenár bpáirtithe leasmhara. Bhuaileamar le fostóirí, fostaithe agus grúpaí ionadaíochta go tráthrialta, ina measc an Fóram Fiontar, an Fóram Miondíola, Tascfhórsa na bhFiontar Beaga agus Meánmhéide, Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí agus Fóram Eacnamaíoch Fostóirí is Lucht Saothair, chomh maith le réimse leathan grúpaí eile chun cúnamh agus bonn eolais a chur ar fáil d'fhreagairtí leanúnacha na Roinne ar an mBreatimeacht agus ar COVID-19. Bhí an caidreamh sin uile le páirtithe leasmhara thar a bheith luachmhar ó thaobh riachtanais gnólachtaí, tionchar ár mbeart agus an tslí a bhféadfaí feabhas a dhéanamh, a chur in iúl dúinn.

Le linn 2020, i ndiaidh an athraithe Rialtais, athraíodh ainm na Roinne ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta go dtí an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Aistríodh an fheidhm maidir leis an trádáil a chur chun cinn ón Roinn Gnóthaí Eachtracha go dtí an Roinn seo, agus aistríodh an beartas maidir le cearta fostaíochta, iomarcaíocht agus dócmhainneacht ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Ghlac an Roinn freagracht as an gCoimisiún um Pá Íseal freisin. Ghlacamar freagracht freisin as an nGrúpa *Balance for Better Business* ón Roinn Dlí agus Cirt, agus as Dearbháin do Thrádáil Ar Líne ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Bhunaíomar foirne le haghaidh gach ceann de na réimsí nua oibre sin agus cheapamar tosaíochtaí agus pleananna oibre nua, a bhfuil gach ceann díobh á chur i bhfeidhm anois. Áirítear ar roinnt de na tosaíochtaí nua reachtaíocht maidir le pá breoiteachta a fhorbairt, beartas iomarcaíochta, cur chun cinn trádála agus for-rochtain neartaithe, agus béim níos láidre ar shaincheisteanna inscne ar fud ár sainchúraim uile. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, aistríodh feidhmeanna áirithe taighde agus nuálaíochta, lena n-áirítear Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Institiúid Náisiúnta Tyndall, chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Aireoimid uainn ár gcomhghleacaithe eolaíochta agus nuálaíochta ach táimid ag súil le leanúint den obair i gcomhar agus guímid gach rath orthu ina Roinn nua.

Tá ról ceannaireachta sa nuálaíocht glactha againn ar fud na Státseirbhíse. Trí bhíthin ár bhfoireann 'Innovate@ETE', tá gach ball foirne rannpháirteach go hiomlán agus spreagtar iad chun athruithe dearfacha a chur ar an tslí a n-oibrímid agus ar an timpeallacht oibre. Ní raibh tábhacht agus luach an mhéid sin chomh criticiúil riamh cheana, agus an fhoireann ag freagairt do shlite nua oibre agus iad a thabhairt isteach i rith 2020. Tionóladh Ócáid Aitheantais Fhíorúil le haghaidh Ghradaim Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse chun na tionscnaimh a ceapadh mar fhreagairt ar an bpaindéim a thaispeáint agus chun aitheantas a thabhairt dóibh. Trí bhíthin glacadh leis an Dearbhú ar Nuálaíocht Seirbhíse Poiblí leanamar de chultúr nuálaíochta a chur chun cinn inár n-eagraíocht. Thugamar rannchuidiú le comóradh

náisiúnta Dheich mBliana na gCuimhneachán nuair a d'eagraíomar *'The 23 Kildare Street Talks - The Countess, Casualties and The Civil Service'*, sraith léachtaí gearra faoin tréimhse réabhlóideach ó 1919 go 1923.

Sa bhliain seo a chuaigh thart, cé gur bheag an caidreamh aghaidh ar aghaidh a bhí againn lenár gcomhghleacaithe, thugamar faoi, agus sháraíomar, go leor dúshlán nua nach rabhthas ag súil leo, rud a léiríonn díograis agus luachanna seirbhíse poiblí na Roinne sin againne. Táim thar a bheith bródúil as an bhfoireann agus is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine díobh as a dtiomantas leanúnach. Is mian liom freisin buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord Bainistíochta agus leis na ceannairí sinsearacha inár gcuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí, agus aitheantas a thabhairt dóibh, as a gceannaireacht agus a dtacaíocht. Mar fhocal scoir, ní mór dom aitheantas a thabhairt don iliomad páirtithe leasmhara a d'oibrigh linn ar bhealach dearfach le linn na bliana, is mór againn an méid luachmhar sin. Táim ag súil le bheith ag obair leo ar an iliomad clár oibre comhroinnte eadrainn agus sinn ag éalú ón ngéarchéim sa bhliain amach romhainn.

# Achoimre Feidhmiúcháin

Le hocht mí dhéag anuas, tá brú nach beag á chur ar shochaithe ar fud an domhain mar gheall ar an bpaindéim COVID-19. Sa bhliain 2020, meastar gut thit an t-aschur geilleagrach domhanda idir 3.25% - 3.4%, atá ina geit i bhfad níos mó do gheilleagair ná an cúlú a tharla i ndiaidh na géarchéime domhanda airgeadais. I gcás na hÉireann, tugadh cosaint ar an éifeacht ar aschur geilleagrach mar gheall ar ilnáisiúntaigh atá lonnaithe anseo, agus méadú 3.4% ag teacht ar fhíor-OTI anuraidh. Mar sin féin, mar gheall ar mhéadú láidir in onnmhairí, a raibh borradh in onnmhairí cógaisíochta agus tréine leanúnach na hearnála IT ina cúis leis tríd is tríd, ceileadh an laghdú san éileamh intíre de réir mar a imríodh tionchar ar an ngeilleagar mar gheall ar an bpaindéim. Níor bheag an méid tacaíochta Stáit a cuireadh ar fáil i rith na bliana chun gnólachtaí agus oibrithe a chosaint ar an gcuid ba mheasa den phaindéim. B'ionann an costas don Stát i gcaitheamh na bliana agus €25 billiún, lenar áiríodh €8.8 billiún i dtacaíochtaí ioncaim tríd an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta, agus a réamhtheachtaí an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá agus an Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime.

Dá bharr sin, imríodh tionchar suntasach ag tús na paindéime COVID-19 ar phlean straitéiseach na Roinne don bhliain 2020. Cé go raibh an príomhchúram maidir le hullmhacht don Bhreatimeacht ina thosaíocht mhór i gcónaí, ghníomhaigh an Roinn ag céim luath ar fud gach gné dár sainchúram chun tacú le gnólachtaí le linn na paindéime. Áiríodh leis sin earnálacha nach raibh baint ag an Roinn leo go traidisiúnta agus ghníomhaíomar go leathan i ngach réimse inarbh fhéidir chun tacú le gnó agus leis an iarracht náisiúnta. Bhí ról tábhachtach ag an Roinn chun tacú le gnólachtaí le linn na géarchéime trí fhiontair agus gnólachtaí inmharthana a chothú agus cúnamh breise a thabhairt do chuideachtaí athoscailt agus fanacht ar oscailt. Maidir lenár sainchúram rialála, d'oibrigh an Roinn chun cinnteacht agus solúbthacht riaracháin a thabhairt do chuideachtaí agus tugadh bearta isteach chun cuidiú le gnólachtaí gníomhú i leith an dúshláin maidir le rialú cuideachta, sláinte agus sábháilteacht agus caidreamh san áit oibre.

Chomh maith leis sin, chuir an Roinn anailís agus comhairle fhairsing ar fáil don Rialtas maidir leis an ngeilleagar agus d'oibrigh an Roinn i ndlúthchomhar le Ranna Rialtais eile ar réimse scéimeanna chun tacú le gnó agus tuarastail, lena n-áirítear an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá, an Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime, an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta, na Scéimeanna Atosaithe agus an Scéim Tacaíochta um Shriantaí COVID-19 agus tacaíochtaí earnála eile.

Le linn na bliana 2020, is éard a bhí i gceist le hobair na Roinne ná:

- Cúnamh a thabhairt d'fhiontraíocht trí rannpháirteachas le páirtithe leasmhara, tabhairt faoi anailís chun tionchar na paindéime ar an ngeilleagar a mheas agus trí shraith tionscnamh idir thionscnaimh airgeadais agus neamhairgeadais agus tacaíochtaí rialála a fhorbairt.

- Beartais a fhorbairt maidir le sábháilteacht san ionad oibre chun muinín a thabhairt d'fhostaithe, d'fhostóirí agus do chustaiméirí agus chun cur ar chumas gnólachtaí fanacht ar oscailt agus a athoscailt so sábháilte le linn tréimhsí áirithe den phaindéim.
- Leanúnachas iomlán in oibríochtaí na Roinne agus seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil a chinntiú trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun éifeachtúlacht a aimsiú agus seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú.
- Nuálaíocht a chur chun cinn chun cuidiú le cuideachtaí gníomhú i leith na paindéime trí tháirgí agus réitigh nuálacha agus chun tacú leis an iarracht náisiúnta.
- Leanúint d'obair fhairsing chun cur chuige comhordaithe agus comhtháite a chinntiú maidir leis an mBreatimeacht ar fud na Roinne agus a hOifigí agus Gníomhaireachtaí lena n-áirítear rannpháirtíocht ar fud an Rialtais maidir le hullmhacht don Bhreatimeacht d'fhonn bheith ullamh do gach toradh i ndáil leis an mBreatimeacht, lena n-áirítear an Breatimeacht gan mhargadh.
- Féachaint chuige go seasfaidh an geilleagar agus an tsochaí an aimsir i ndáil leis an aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin agus dlús a chur le digitiú.
- Oibriú lenár nGníomhaireachtaí forbartha fiontar d'fhonn ceannaireacht a thabhairt d'fhiontar agus fostaíocht ar ardchaighdeán a chruthú agus a choinneáil.
- Dlúthchaidrimh agus caidrimh leis an AE, an RA agus ar fud an domhain a choinneáil a théann chun tairbhe gach páirtí.

### FREAGRA AR COVID-19 – CÚNAMH DO GHNÓ

Ag obair i ndlúthchomhar lenár nOifigí agus Gníomhaireachtaí, agus lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais agus páirtithe leasmhara fiontraíochta, ghlac an Roinn páirt in go leor grúpaí tras-rialtais chun dul i ngleic leis na príomhrioscaí a tháinig chun cinn i gcomhthéacs COVID-19. Sna laethanta tosaigh, thacaíomar le PPE a fháil agus a dháileadh agus le fadhbanna sa slabhra soláthair a tháinig chun cinn mar thoradh ar an bpaindéim. D'fhorbair an Roinn réimse leathan beartas agus scéimeanna comhairliúcháin d'fhiontair agus scéimeanna maoinithe nua, chomhaontaigh an Rialtas leo agus cuireadh iad ar fáil go mear. Áiríodh leis sin sraith scéimeanna maoinithe agus comhairliúcháin do ghnó, lena n-áirítear scéimeanna deontais, leachtacha agus maoinithe iasachta chun cuidiú le gnólachtaí ar imir an phaindéim tionchar orthu. Comhaontaíodh agus achtaíodh leasuithe rialála agus reachtacha chun tacú le cuideachtaí agus cuireadh obair mhór i gcrích i ndáil le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre.

## Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

Sheol an Roinn **Ionad Faisnéise d'Fhontraíocht** nua, atá ina acmhainn tiomnaithe chun faisnéis a fháil ar an réimse leathan cúnaimh atá ar fáil do ghnó. Cuireadh an tAonad ar bun i mí an Mhárta chun déileáil le ceisteanna i ndáil le COVID-19 agus méadaíodh é chun faisnéis maidir leis an mBreatimeacht a chur ar fáil. D'fhreagair an tIonad níos mó ná 11,200 glaoch agus ríomhphost in 2020.

Lean an **Fóram Miondíola** lena phríomhchúram maidir le riachtanais forbartha na hearnála in 2020 agus géaraíodh ar an obair maidir le hullmhacht don Bhreatimeacht, lena n-áirítear na hiarrachtaí maolaithe atá riachtanach chun cur isteach ar shlabhraí soláthair bhia agus tionchar COVID-19 ar an earnáil a íoslaghdú.

Ghníomhaigh an **Fóram Fiontraíochta um Bhreatimeacht agus Dhúshláin Dhomhanda,** le hionadaithe ó na príomhearnálacha gnó agus eagraíochtaí ionadaíocha, mar comhlacht comhairliúcháin láidir don Roinn agus tionóladh é go rialta i gcaitheamh na bliana.

Bunaíodh **Tascfhórsa Fáis FBM** in 2020 chun ardán a chur ar fáil do rannpháirteachas struchtúrtha idir fiontraithe, ionadaithe gnó agus an Rialtas maidir le Plean Náisiúnta Fáis FBM agus Fiontraíochta a chur ar fáil ina leagfar amach treoirphlean straitéiseach fadtéarmach uaillmhianach i ndiaidh COVID-19.

Cuireadh faisnéis agus comhairle sárluachmhar ar fáil tríd an bhFóram Eacnamaíoch Fostóirí Saothair (LEEF), atá ina fhóram d'idirphlé ardleibhéil idir ionadaithe rialtais, ceardchumann agus fostóirí maidir le saincheisteanna mhargadh an tsaothair, go háirithe maidir le heispéireas san ionad oibre agus sláinte agus sábháilteacht. I measc na rannpháirtithe sa phróiseas seo, bhí Ibec, Comhdháil na gCeardchumann agus Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta.

Thionóil an Tánaiste imeacht rannpháirteachais le páirtithe leasmhara don **Phlean Náisiúnta don Gheilleagar** i mí Dheireadh Fómhair chun smaointe a mhalartú don Phlean Náisiúnta don Gheilleagar ina leagfar amach tosaíochtaí treoracha agus cuspóirí beartais an Rialtais maidir le téarnamh inbhuanaithe. Bhí struchtúr an imeachta bunaithe ar thrí sheisiún ar leithligh inar tugadh faoi acmhainneacht a fhorbairt inár bhfiontair agus earnálacha; téarnamh ionchuimsitheach agus cothrom; agus féachaint chuige go seasfaidh ár ngeilleagar agus sochaí an aimsir.

Le linn 2020, leath an Roinn amach roinnt **feachtas cumarsáide dírithe** maidir le Tacaíochtaí Gnó COVID-19, an Feachtas um Shiopadóireacht a Dhéanamh go Sábháilte agus an Prótacal um Obair go Sábháilte.

Foilsíodh **Cód Iompair deonach nua idir tiarnaí talún agus gnó maidir le cíosanna tráchtála** a forbraíodh i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear Ibec, Feabhas Miondíola Éireann, *Chambers Ireland, Dublin Town* agus *Irish Institutional Property* an 1 Deireadh Fómhair 2020. Leagtar amach cur chuige struchtúrtha sa Chód i leith rannpháirteachas idir tiarnaí talún tráchtála agus tionóntaí araon, bunaithe ar a leas coiteann leanúint d'oibriú lena chéile.

## Anailís Gheilleagrach

Rinneadh samhaltú agus anailís fhairsing agus d'fhorbair an Roinn trí pháipéar maidir le **Ceisteanna Geilleagracha chun Gníomhaíocht Gheilleagrach a Thabhairt ar ais** ag céim a haon go céim a trí den **Treochlár chun an tSochaí agus Gnó a Athoscailt**. Forbraíodh na páipéir seo i gcomhar leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus cuireadh measúnú ar fáil iontu maidir leis an tionchar a imríodh ar an ngeilleagar mar gheall ar an bpaindéim COVID-19.

## Tacaíochtaí Airgeadais

Méadaíodh an **Scéim Deontais um Fhás sa Todhchaí** i mí Iúil 2020 d'fhonn an t-iasachtú iomlán atá ar fáil faoin scéim a thabhairt go €800m do ghnólachtaí incháilithe in Éirinn agus do na príomhearnálacha talmhaíochta agus bia mara chun cuidiú le hinfheistíocht straitéiseach fhadtéarmach.

Tugadh **Scéim Caipitil Oibre COVID-19 SBCI** isteach i mí an Mhárta 2020 mar fhreagra láithreach ar dhúshláin leachtachta a bhí roimh FBManna agus cuideachtaí lárchaipitlithe beaga a bhí buailte ag COVID-19 ag tús na paindéime. In éineacht le Scéim Deontais Breatimeacht, cuireadh iasachtú €337.5m ar fáil chun cuidiú le riachtanais leachtachta FBManna, amhail dheireadh na bliana 2020, tríd an dá scéim iasachta seo. Tá méadú breise fós idir lámha chun an t-iasachtú atá ar fáil a mhéadú go €500m.

I mí an Mhárta 2020, ghníomhaigh **Microfinance Ireland** go mear i leith thionchar COVID-19 trína Iasacht Gnó COVID-19 a raibh rátaí úis níos lú ag baint leis. Ceadaíodh €27.4m in iasachtaí chun cuidiú le 2,972 gnó, a bhí ceithre oiread níos mó ná an leibhéal iasachtaithe in 2019. I mí na Samhna sheol Microfinance Ireland a Iasacht Breatimeacht do Ghnólachtaí freisin. Cuireadh an tAcht um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair (Leasú) 2020 trí dhá theach an Oireachtais lena bhféadfar maoiniú cothromais níos mó a chur ar fáil ón Rialtas agus d'fhonn Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) a bheith ina hiasachtóir do Microfinance Ireland.

Rinne an tUachtarán an **Scéim um Ráthaíocht Chreidmheasa COVID-19** a cheapadh, a reachtú agus a shíniú ina dlí i mí Iúil chun freagra a thabhairt ar riachtanais ghnólachtaí in Éirinn i ndáil le leachtacht bhreise agus chun cobhsaíocht a thabhairt don mhargadh iasachtaithe FBM. Gan aon uasteorainn portfóilió a bheith i gceist agus ráthaíocht stáit 80 faoin gcéad, tá iasachtaí suas le 5.5 bliana agus €1m ar fáil ag rátaí úis laghdaithe. Agus é níos lú ná 4 mhí i bhfeidhm, bhí maoiniú níos mó ná €98m tarraingthe anuas ag 1,890 gnó faoi dheireadh na bliana. Is ionann sin agus méadú níos mó ná 600% ar an €14.8m a tarraingíodh anuas in 2019 ar fad faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa.

Tríd an **Ciste um Fhiontraíocht a Chothú** tugadh cúnamh maidir le gnólachtaí a chothú ionas gur féidir leo filleadh ar inbhuanaitheacht agus cur le téarnamh gheilleagar na hÉireann. Trí mhaoiniú €124m a chur ar fáil faoin gCiste um Fhiontraíocht a Chothú, tugadh cúnamh maidir le 418 cuideachta agus 17,710 ar fud na tíre a chothú.

Trí oibriú le húdaráis áitiúla, cuireadh €685m ar fáil le níos mó ná 108,000 deontas tríd an **Deontas Atosaithe agus an Deontas Atosaithe Breise**. Chuir sé sin leis an gcostas a bhaineann le hathoscailt nó gnó a choinneáil ag feidhmiú agus athcheangal le fostaithe agus custaiméirí.

Cuireadh maoiniú ar fáil do bheagnach 1,000 cuideachta chun plean airgeadais láidir a fhorbairt trí an **Deontas um Phleanáil Airgeadais do Ghnólachtaí COVID-19**.

D'fhonn a láithreacht ar líne a fhorbairt tríd an **Scéim Miondíola Ar Líne**, cuireadh deontais ar fáil do 330 miondíoltóir in 2020, arbh ionann é agus €11.8m san iomlán,

Leanadh de scéimeanna agus cláir chun déileáil leis an timpeallacht sheachtrach athraitheach lena chinntiú go gcuideoidís le gnólachtaí dul i ngleic leis na dúshláin gheilleagracha reatha agus na dúshláin gheilleagracha ag teacht chun cinn a fhorbairt agus a chur in oiriúint. Tríd an scéim **Dearbhán Leanúnachais Ghnó**, a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020, cuireadh dearbháin ar fáil do chuideachtaí agus trádálaithe aonair straitéisí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt chun gníomhú i leith na paindéime tosaigh COVID-19 agus pleanáil a dhéanamh don téarnamh ar deireadh thiar agus an geilleagar a athoscailt. Tríd an **Scéim Dearbháin um Thrádáil ar Líne**, cuireadh oiliúint i scileanna, meantóireacht agus cúnamh airgeadais ar fáil chun cuidiú le gnólachtaí beaga agus

micreaghnólachtaí a gcumas ríomhthráchtála a fhorbairt. Tríd an **Ciste Cúnaimh do Mhicrifhiontair**, díríodh ar na micrifhiontair sin nach raibh in ann leas a bhaint as bearta reatha an rialtais.

### Tacaíochtaí Rialála

Achtaíodh Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (Covid-19), 2020 an 1 Lúnasa 2020 ina ndéantar leasuithe sealadacha lena chinntiú gur féidir le 240,000 cuideachta agus 950 cumann tionsclaíoch agus coigiltis a **Cruinnithe Cinn Bliana** agus cruinnithe ginearálta a thionól trí mheán leictreonach. Chomh maith leis sin, déantar foráil i ndáil le sócmhainneacht ghnó tríd an tréimhse scrúdaitheoireachta a mhéadú go 150 lá agus an tairseach ina meastar cuideachta gan a bheith in ann a chuid fiacha a íoc a mhéadú go €50,000.

## BEARTAIS A FHORBAIRT MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT SAN IONAD OIBRE

Chuir an Roinn suirbhé i gcrích i mí Bealtaine i gcomhar le NPHET chun cumas agus inniúlacht gnó a chinneadh maidir le bearta coisctheacha COVID-19 a chur i bhfeidhm go fisiceach san ionad oibre. Trí sin, cuireadh léargas ar fáil maidir le riachtanais gnólachtaí atá ag iarraidh treoirlínte sláinte phoiblí COVID-19 a chur i bhfeidhm.

Mar thoradh ar na srianta Sláinte Phoiblí a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar an bPaindéim COVID-19 , rinneadh cinneadh an Rialtais maidir leis an ngeilleagar a oscailt i bpáirt ón 18 Bealtaine 2020 ar aghaidh in éineacht le **Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte** a thabhairt isteach. Sa Phrótacal, leagadh amach go soiléir agus go cuimsitheach na céimeanna agus próisis nár mhór do ghnólachtaí a ghlacadh d’fhonn scaipeadh COVID-19 san ionad oibre a laghdú. Forbraíodh é ar bhonn comhoibríoch, bhí an Roinn i gceannas air agus bhí an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Roinn Sláinte agus an HSE rannpháirteach ann. Chomh maith leis sin, bhí baint mhór ag comhaltaí den Fhóram Eacnamaíoch Fostóirí Saothair maidir le hoibriú ar an bPrótacal agus é a chomhaontú.

Rinneadh an Prótacal a athbhreithniú agus a athsheoladh mar **An Prótacal um Oibriú go Sábháilte** i mí na Samhna 2020, ina raibh faisnéis agus comhairle phraiticiúil fós maidir le réimse topaicí ar nós ráigeanna a bhainistiú agus a rialú, díghalráin lámh a roghnú, maisc a chaitheamh, ionaid oibre a aerú agus siomptóim. San athbhreithniú, tugadh le chéile an t-eolas a forbraíodh sna réimsí sin de réir mar a lean an phaindéim ar aghaidh agus measadh go raibh sé tábhachtach go léireofaí sna treoracha an chomhairle sláinte phoiblí ba chothroime le dáta a bhí ar fáil.

Ghníomhaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ar an bPríomhghníomhaireacht maidir le comhlíonadh an Phrótacail um Oibriú go Sábháilte a chomhordú. Cuidigh cigirí ó réimse Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile sa ról sin (An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre; Oifigigh Sláinte Chomhshaoil; An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; An Roinn Oideachais, An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Tusla). Cuireadh breis agus 24,000 cigireacht COVID-19 i gcrích idir mí Bealtaine agus deireadh mhí na Nollag 2020. Trí sin, tugadh cinnteacht d’fhostóirí agus cuireadh ar chumas gnólachtaí fanacht ar oscailt le linn tréimhse na paindéime.

Chuir **An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann** sraith doiciméad agus treoracha úsáideacha ar fáil chun cuidiú le FBManna, go háirithe iad sin san earnáil mhiondíola, iad féin a chur ar a mbonn sula n-osclófaí an tsochaí arís. Tá na treoracha seo éasca a leanúint agus cuirtear céimeanna soiléire ar fáil faoi mar is féidir le hoibritheoirí miondíola a n-áitreabh, foireann agus custaiméirí a dhéanamh sábháilte i dtimpeallacht iar-COVID. Áiríodh leo sin **An Treoir um an tIonad Oibre a Chosaint agus a Fheabhsú COVID-19; an Treoir um Miondíol a Chosaint agus a Fheabhsú COVID-19; agus an Treoir um Ionad Siopadóireacht a Thabhairt ar Ais agus a Fheabhsú.**

## OIBRÍOCHTAÍ NA ROINNE I NDÁIL LE COVID-19

Cuireadh isteach go mór ar obair na Roinne mar gheall ar an ngéarchéim COVID-19, inar aistrigh an Roinn ar ghearrfhógra ó shamhail a bhí ag feidhmiú ar bhonn oifige go **cianobair** ar fad do na baill foirne ar fad seachas líon beag daoine a bhí ag teastáil ar an láthair. D'éirigh linn feidhm a bhaint as cianobair i measc breis agus 800 ball foirne a bhain úsáid as ríomhairí glúine agus ríomhairí deisce. Chomh maith leis sin, cuireadh go mór leis na seirbhísí físchomhdhála d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar chomhoibriú leanúnach idir na baill foirne, go háirithe i bhfianaise méaduithe suntasacha in go leor ualaigh oibre mar gheall ar an bpaindéim.

Chomh maith leis sin, ghníomhaigh an Roinn go luath agus go mear trí go leor baill foirne a athlonnú chuig réimsí eile laistigh den Roinn lena chinntiú go raibh, agus go bhfuil, tacaíocht chuí á tabhairt do sheirbhísí reatha agus réimsí ina bhfuil gá ríthábhachtach ag teacht chun cinn.

I mí an Mhárta 2020, chuir an **Rannóg Ceadanna Fostaíochta** plean teagmhais COVID-19 i bhfeidhm lena chinntiú go bhféadfadh an réimeas ceadanna fostaíochta leanúint d'oibriú le linn na géarchéime trí oibríochtaí a aistriú chuig timpeallacht cianoibre iomlán. Coigeartaíodh cleachtais oibríochta chun teacht in ionad gnéithe páipéar-bhunaithe den tseirbhís d'fhonn próiseas go hiomlán ar líne a bheith ann. Thángthas ar chomhaontú leis an Soláthar Seirbhíse Inimirce sa Roinn Dlí agus Cirt chun cineál de 'cead ríomhfhostaíochta' a thabhairt isteach ar bhonn sealadach. Tugadh tús áite d'iarratais ar chead fostaíochta ó phearsanra leighis agus ceadaíodh 4,490 cead ó lár mhí an Mhárta go deireadh na bliana 2020.

Ag an **Imeacht Aitheantais Fíorúil do Ghradaim Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse** chun tionscnaimh a forbraíodh i ndáil leis an ngéarchéim COVID-19 i dtimpeallacht atá dúshlánach agus ag athrú go mear a aithint agus a chur i láthair, ba é an tionscadal a roghnaigh an Roinn ná Leanúint de Chóras Ceada Fostaíochta na hÉireann a Chinntiú. Chuir Oifigí na Roinne seirbhís fóin íosghlao an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre Seirbhís Faisnéise maidir le Cianobair agus Seirbhís do Chustaiméirí, agus Seomra Cúirte Fíorúil na Cúirte Oibreachais isteach. Ar thionscadail nuálacha eile a bhí i gceist, áirítear an tIonad Faisnéise d'Fhiontraíocht agus Cianagallaimh Físe.

I suirbhé foirne a cuireadh i gcrích i mí an Mheithimh, cuireadh sonraí cothrom le dáta ar fáil maidir le riachtanais na foirne agus bhíothas in ann gníomhartha freagrúla a dhéanamh dá bharr. Bunaíodh **Grúpa Oibre COVID-19** chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtionscnaimh/gníomhaíochtaí maidir le Trealamh agus Eirgeanamaíocht, Baill Foirne a Bhainistiú i gCéin, Sláinte agus Sábháilteacht, Cumarsáid d'Fhoirne agus do Chianobair anois agus i ngnáthamanna.

## NUÁLAÍOCHT A CHUR CHUN CINN

Tosaíocht i gcónaí in 2020 ab ea nuálaíocht a chur chun cinn d'fhiontraíocht agus go hinmheánach.

Chruthaigh Aistriú Eolais Éireann **Ceadúnas Neamheisiach Saor ó Ríchíosanna COVID-19 (NERF)**, a bhfuil sé mar aidhm leis dlús a chur le maoin intleachtúil a bhaineann le COVID-19 a scaipeadh ó Institiúidí Ardoideachais in Éirinn chuig cuideachtaí. Cuireann an NERF COVID-19 IP ceannródaíocht ar fáil saor in aisce d'eagraíochtaí atá i mbun gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ríthábhachtacha chun críocha an víreas a dhiagnóisiú, a chosc, a chóireáil agus/nó tionchar an víris a íoslaghdú agus chun na gcríoch sin amháin.

I gcaitheamh na bliana, forbraíodh an **Scéim Táirgí COVID-19** faoi Chreat Sealadach an Choimisiúin Eorpaigh trínarbh fhéidir le Ballstáit AE cúnamh breise a dheonú do chuideachtaí atá i mbun táirgí leighis a úsáidtear sa troid in aghaidh COVID-19 a fhorbairt nó a tháirgeadh. Tríd an Scéim Táirgí, a chuirtear ar fáil trí GFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann, is féidir suas le €200m i gcúnamh Stáit spriocdhírithe a chur ar fáil chun éascaíocht a dhéanamh ar thaighde a dhéanamh ar tháirgí COVID-19 agus iad a fhorbairt. Is tríothu sin atáthar in ann bonneagair tástála nó méadaithe a chuireann le táirgí atá ábhartha do COVID-19 agus ina gcuidítear le táirgeadh na dtáirgí atá ag teastáil chun gníomhú i leith na paindéime a thógáil nó a uasghrádú.

Fuarthas 62 iarratas ar an iomlán faoi Ghlao 3 den **Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha** a dhéanfar a mheasúnú maidir le maoiniú in 2021.

Le linn 2020, chuidigh Fiontraíocht Éireann le 936 **tionscnamh comhoibríoch idir cuideachtaí agus Institiúidí Ardoideachais in Éirinn** mar chuid den iarracht béim níos mó a leagan ar fhorbairt gnó.

Laistigh den eagraíocht, trínár ngrúpa **'Innovate@ETE'**, spreagtar baill foirne chun athruithe dearfacha a dhéanamh ar mar a oibrímid agus ar an timpeallacht oibre. Tionóladh **Imeacht Aitheantais Fíorúil do Ghradaim Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse** chun tionscnaimh a forbraíodh i ndáil leis an ngéarchéim COVID-19 i dtimpeallacht atá dúshlánach agus ag athrú go mear a aithint agus a chur i láthair.

Mar chuid den **Dearbhú maidir le Nuálaíocht sa tSeirbhís Phoiblí**, leanamar de chultúr na nuálaíochta a chur chun cinn inár n-eagraíocht. Mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán, d'eagraíomar **'The 23 Kildare Street Talks - The Countess, Casualties and The Civil Service'**, atá ina sraith léachtanna gearra faoi thréimhse na réabhlóide idir 1919 agus 1923.

Leanann an Roinn de ról lárnach a bheith aici maidir le Beart 6 **'Ár Seirbhís Phoiblí 2020'** a threorú, a bhfuil sé mar aidhm leis 'Cultúr na Nuálaíochta a Chur Chun Cinn sa tSeirbhís Phoiblí'. Ghníomhaíonn an tArd-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn agus Julie Sinnamon, Príomhoifigeach Feidmhiúcháin Fhiontraíocht Éireann mar cheannairí tiomnaithe, agus is í an Rúnaí Cúnta Pauline Mulligan atá ina Urraitheoir don Bheart, a dhéanann cathaoirleacht ar fhoireann Bheart 6 ina gcuimsítear ceannairí earnála ó ar fud na Seirbhíse Poiblí.

## AG ULLMHÚ DON BHREATIMEACHT

In 2020, lean an Roinn dá hobair fhairsing d'fhonn **cur chuige comhordaithe agus comhtháite** a chinntiú ar fud na Roinne agus a hOifigí agus Gníomhaireachtaí lena n-áirítear rannpháirtíocht ar fud an Rialtais maidir le hullmhacht don Bhreatimeacht d'fhonn a bheith ullamh do gach toradh i ndáil leis an mBreatimeacht, lena n-áirítear Breatimeacht gan mhargadh. Áiríodh leis sin rannpháirteachas tréan le páirtithe leasmhara na Roinne chun cuidiú le gnólachtaí a bheith ullamh don Bhreatimeacht faoi dheireadh na bliana 2020. Áiríodh leis sin rannpháirteachas an Aire trí ghrúpaí leasmhara barrthábhachtacha ar nós an Fóram d'Fhiontraíocht maidir leis an mBreatimeacht agus Dúshláin Dhomhanda agus an Fóram Miondíola mar aon le rannpháirteachas le Gníomhaireachtaí fiontraíochta agus rialála na Roinne.

## DLÚS A CHUR LE DIGITIÚ

Ardaíodh Éire go dtí **6ú háit ar Innéacs maidir le Geilleagar agus Sochaí Dhigiteach 2020 an AE** agus an chéad áit maidir le teicneolaíocht dhigiteach a chomhtháthú agus tá sí ar an reathaí cinn digiteach is sciobtha fáis ar an innéacs agus ina léiriú barrthábhachtach d'iomaíochas náisiúnta. Síníodh an chéad reachtaíocht maidir le hardán náisiúnta – an tArdán um Ghnó a Rialáil – ina dlí i mí Iúil 2020 trí I.R. Uimh. 256/2020 – Rialacháin 2020 ón Aontas Eorpach (Cothroime agus Trédhearcacht a Chur Chun Cinn d'Úsáideoirí Gnó a Bhaineann Úsáid as Seirbhísí Idirghabhála ar Líne). Ainmníodh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ina chomhlacht forfheidhmithe don Rialachán in Éirinn.

Forbraíodh aighneachtaí náisiúnta cuimsitheacha trasrialtais maidir leis na pacáistí Acht um Sheirbhísí Digiteacha AE agus an tAcht um Margaí Digiteacha agus tugadh léiriú orthu i moltaí Choimisiún an AE.

Forbraíodh aighneacht náisiúnta trasrialtais maidir le Páipéar Bán um Intleacht Shaorga AE agus i gcomhréir le Ballstáit eile atá ina reathaí cinn digiteacha.

Cuireadh tús le hobair maidir leis an **Straitéis Intleachta Saorga** náisiúnta a fhorbairt a sheolfar i lár na bliana 2021. Leagfar amach fís sa Straitéis ina mbeidh Éire ina ceannasaí idirnáisiúnta maidir le intleacht shaorga a úsáid chun tairbhe a dhéanamh don daonra, trí chur chuige i ndáil le intleacht shaorga a fhorbairt, a ghlacadh agus a úsáid atá bunaithe ar dhaoine agus eiticiúil.

## I DTREO GEILLEAGAR INBHUANAITHE ISEALCHARBÓIN

Ghlac an Roinn páirt ghníomhach i *Plean Gnímh don Aeráid 2019* an Rialtais, a phróisis rialachais agus rinneadh monatóireacht ar dhul chun cinn agus cuireadh ionchur ar fáil maidir leis an Straitéis Fadtéarmach ar fud an gheilleagair a fhorbairt ina leagtar amach sprioc neodrachta na hÉireann do 2050. Tugadh gealltanas i leith gníomhartha aeráide na Roinne agus trasghníomhaireachta don tréimhse eatramhach go dtí **Plean Gnímh don Aeráid 2021 a fhorbairt** agus cuireadh tús le hobair ar ionchuir ón Roinn don *Plean Gnímh don Aeráid 2021.*

Ghlac an Roinn páirt i gcainteanna leis an gCoimisiún Eorpach maidir le gnéithe fiontraíochta cháis thagartha an Choimisiúin a bheidh mar bhunús do sprioc chomhroinnte

díchill na hÉireann i ndiaidh méadú in uaillmhian an AE gáis ceaptha teasa a laghdú 55% faoin mbliain 2030.

Rinneadh taighde ar theicneolaíochtaí a d'fhéadfaí a ghlacadh i bhfo-earnálacha ar leith den earnáil mhonaraíochta chun astaíochtaí a laghdú agus i gcomhthéacs spriocanna earnála a fhorbairt, rinneadh anailís chun laghdú CO2 a mheas dá ndéanfaí infheistíocht sna teicneolaíochtaí seo le linn na tréimhse i dtreo 2030. Cuireadh gníomhartha na Roinne ón *Plean Gnímh don Aeráid 2019* maidir leo sin a bhaineann leis na hearnálacha bia/deochanna agus stroighne agus cuireadh ionchur ar fáil do na tuarascálacha ar dhul chun cinn a fhoilsítear go ráithiúil maidir leis an bPlean Gnímh don Aeráid maidir le gníomhartha lena n-áirítear gníomhartha ar thug GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann fúthu. I gcaitheamh na bliana, chuir an Roinn anailís agus ionchur beartais ar fáil maidir le ceisteanna a bhaineann le beartas um ghníomhú i leith na haeráide agus rinneadh cinnte de go gcuirfí tionchair iomaíochta ar roghanna beartais san áireamh.

## AG TACÚ LE FOSTAÍOCHT A CHRUTHÚ TRÍNÁR NGNÍOMHAIREACHTAÍ

### Fiontraíocht Éireann

Bhí cruthú fostaíochta an-ghar don fheidhmíocht in 2019, agus 16,496 post nua á gcruthú i gcuideachtaí atá tacaithe ag Fiontraíocht Éireann. Mar sin féin, bliain dhúshlánach a bhí i gceist ina raibh tionchar suntasach ag COVID-19, agus mhéadaigh caillteanais poist go dtí 17,368 a raibh caillteanais poist glan de 872 i gcliantchuideachtaí. B'ionann fostaíocht iomlán i gcuideachtaí atá tacaithe ag Fiontraíocht Éireann agus 220,613 ag deireadh na bliana 2020. B'ionann an céatadán iomlán fostaíochta agus fostaíocht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

### GFT Éireann

D'fheidhmigh GFT Éireann go láidir in 2020 agus 20,123 post nua comhlán á gcruthú ag cliantchuideachtaí ar an talamh. B'ionann an glanghnóthachan agus 8,944 post breise. B'ionann infheistíocht dhíreach eachtrach iomlán in Éirinn ag deireadh na bliana 2020 agus 257,394, an líon ab airde daoine riamh a fostaíodh san earnáil ilnáisiúnta, rud a sháraigh na spriocanna a bhí leagtha síos ag an Rialtas atá i Straitéis GFT Éireann – Buachan: Infheistíocht Eachtrach Dhíreach 2015-2019. Ar na 246 infheistíocht nua a baineadh amach in 2020, bhí 128 (52%) lonnaithe i limistéir réigiúnacha.

### Oifigí Fiontair Áitiúla

Le linn 2020 dhírigh na hOifigí Fiontair Áitiúla (LEOnna) ar chuidiú le húinéirí gnó na tionscnaimh a bhí ar fáil dóibh a aithint chun gníomhú i leith na géarchéime gan fasach agus cúnamh a thabhairt dóibh a ngnólachtaí a choinneáil inmharthana. Le linn bliana a bhí ina bliain dhúshlánach, chruthaigh cliaint LEO líon iomlán de 5,585 post nua (comhlán), le glanlaghdú de 1,494 post.

## AG OIBRIÚ GO DOMHANDA

D'oibrigh an Roinn thar ceann na hÉireann i ndlúthchomhar le Coimisiún an Aontais Eorpaigh agus Ballstáit chun roinnt comhaontuithe trádála a thabhairt chun deiridh rathúil. Tháinig an Comhaontú Saorthrádála AE-Vítneam i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2020 i ndiaidh é a

shíniú an bhliain roimhe sin. Thug an AE agus Meicsiceo an ghné dheiridh a bhí fós le réiteach chun deiridh an 28 Aibreán 2020 inar clúdaíodh oscailt cómhalartach margaí soláthair phoiblí, san idirbheartaíocht don FTE nua idir an AE agus Meicsiceo.

An 21 Lúnasa 2020 d'fhógair an AE agus SAM comhaontú maidir le pacáiste laghduithe taraife ar fud líon onnmhairithe SAM agus AE, na chéad laghduithe i ndleachtanna dá leithéid a ndearnadh idirbheartaíocht orthu le breis is fiche bliain. Coimisiúnaíodh Measúnú Tionchair Geilleagrach agus Inbhuanaitheachta don mhargadh trádála AE-Mercusor d'Éirinn agus tíortha is comhpháirtithe. Shínigh an AE agus an tSín comhaontú déthaobhach chun na 100 Sonraí Geografacha Eorpacha (Ginna) a chosaint sa tSín, lena n-áirítear Uisce Beatha na hÉireann agus Uachtar na hÉireann agus chun 100 GI Síneach a chosaint ar fhorghabháil agus aithris san AE. Tiocfaidh an comhaontú i bhfeidhm sa bhliain 2021.

Ag deireadh na bliana 2020, thug an AE agus an tSín idirbheartaíochtaí chun deiridh i ndáil le Comhaontú Cuimsitheach maidir le hInfheistíocht trína bhfeabhsófar rochtain ar mhargadh na Síne, ina bhfuil 1.4bn duine ar fud earnálacha geilleagracha, ag infheisteoirí Éireannacha agus Eorpacha nuair a dhaingneofar é.

Chomh maith leis sin, ghlac an AE le Rialachán nua maidir le Forfheidhmiú inar féidir leis an AE leasa Ballstát a chosaint i gcás ina sáraíonn tríú páirtí a gealltanais nó oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta trádála i gcás ina seasann Painéal um Réiteach Díospóidí WTO le gearán a dhéanann an páirtí díobháilte (AE).

## SAINCHEISTEANNA SUNTASACHA EILE

Leanadh de théarmaí agus coinníollacha a fheabhsú do na hoibrithe ar fad in 2020. I mí Mheán Fómhair, chuir an Roinn tús le **Straitéis Náisiúnta Cianoibre** a fhorbairt leis an bhfís cianobair a bheith ina gné bhuan den ionad oibre in Éirinn ar bhealach ina mbaintear an leas is mó agus is féidir as na tairbhí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil. Foilsíodh í go luath i mí Eanáir 2021.

Tá obair faoi lánseol chun **Scéim Pá Breoiteachta Reachtúil** a thabhairt isteach. Seoladh comhairliúchán poiblí an 16 Samhain 2020 agus cuireadh deireadh leis an 18 Nollaig 2020.

Cuireadh tús leis an obair ar an mbeartas **Ceart chun Dícheangal a Dhéanamh** in 2020, agus seoladh an Cód Cleachtais maidir leis an gCeart chun Dícheangal a Dhéanamh go luath in 2021.

Is ag an gCoimisiún um Pá Íseal a bhfuil an phríomhfheidhm maidir le hiniúchadh a dhéanamh agus moltaí a thabhairt don Tánaiste maidir leis an leibhéal cuí don íosphá náisiúnta agus nithe gaolmhara. Áirítear lena chlár oibre faoi láthair taighde maidir leis an aistriú chuig **Pá Maireachtála.**

Is i dtús na bliana 2020 a foilsíodh na chéad **Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn maidir leis na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnaigh go 2020**. Leanadh de na Pleananna a chur i bhfeidhm le linn 2020 agus chuir gach aon réigiún a dTuarascáil Deiridh ar Dhul Chun Cinn isteach ag deireadh na bliana 2020 lena bhfoilsiú go luath sa bhliain 2021.

Faoin **Ciste Forbartha um Fhiontraíocht Réigiúnach**, bronnadh maoiniú breis agus €45m ar 26 thionscadal comhoibríoch agus nuálach sa bhliain 2020. Tugann sé sin líon iomlán na dtionscadal a mhaoinítear faoin gCiste go 68, le maoiniú €100m ceadaithe ar fud na dtrí

glaoch go dtí seo. Faoin **Ciste Forbartha Fiontar na Teorann** nua, ceadaíodh 11 tionscadal i gcomhair maoiniú breise agus €17m in 2020.

Sheol an Tánaiste an tríú tuarascáil ó **Cothromaíocht do Ghnó Níos Fearr** i mí na Nollag 2020. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh i réimsí áirithe agus go bhfuil an bhearna idir meán na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh maidir le mná a bheith ar bhoird ag laghdú i gcónaí, ó 8% in 2018 go 1.2% in 2020 agus go bhfuil Éire rangaithe anois sa 13ú háit, i gcomparáid le 17ú háit in 2018.

Cheadaigh an Rialtas nua an **Scéim Ghinearálta don Bhille um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt) 2020** lena dhréachtú an 29 Meán Fómhair 2020. Príomhfhoráil an Bhille is ea cosc ar thicéid nó pacáistí ticéad a dhíol ná fógraíocht a dhéanamh orthu ag praghas níos airde ná an praghas díola bunaidh d'imeachtaí in ionaid ainmnithe a bhfuil toilleadh iontu do 1,000 duine nó níos mó. Áirítear leis freisin cosc ar thicéad a athdhíol go neamhúdaraithe do chluichí agus imeachtaí a bheidh ar siúl le linn craobhchomórtas peile EURO 2020.

Foilsíodh **Fócas ar Earnálacha 2020** i mí Lúnasa 2020. Tá an tsraith tuarascálacha earnála seo ina gcuirtear forléargais achomair i láthair maidir le 16 earnáil bharrthábhachtach den gheilleagar ann chun cuidiú le maoirseacht chothrománach a dhéanamh ar fheidhmíocht gheilleagrach ar fud na n-earnálacha sin agus le bheith mar ardán chun comhoibriú a éascú. Aithnítear i dtuarascálacha 2020 roinnt comharthaí tosaigh maidir le tionchar COVID-19 ar na hearnálacha sin.

# Fís

CINNTEOIMID GURB Í ÉIRE AN ÁIT IS FEARR DÁ BHFUIL ANN LE RATH A BHEITH AR GHNÓ AGUS SOLÁTHRÓIMID LÁNFHOSTAÍOCHT INBHUANAITHE AGUS CAIGHDEÁIN NÍOS AIRDE MAIREACHTÁLA I NGACH RÉIGIÚN SA TÍR.

# Misean

CRUTHÚ AGUS COTHABHÁIL LÁNFHOSTAÍOCHTA ARDCHAIGHDEÁIN AGUS INBHUANAITHE A SPREAGADH I nGACH RÉIGIÚN SA TÍR, TRÍNA BHEITH INÁR gCRANN TACA AR SON NA FIONTRAÍOCHTA AGUS NA NUÁLAÍOCHTA AR FUD AN RIALTAIS, TACÚ LE BONN GNÓ IOMAÍOCH CHUN DAOINE A DHREASÚ I dTREO NA hOIBRE, NA FIONTRAÍOCHTA, NA TRÁDÁLA, NA NUÁLAÍOCHTA AGUS NA hINFHEISTÍOCHTA, AGUS FOSTAÍOCHT AGUS MARGAÍ ATÁ CÓIR AGUS IOMAÍOCH A CHUR CHUN CINN CHOMH MAITH LE DEA-CHLEACHTAS GNÓ TRÍ OBAIR RIALÁLA AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁIN NA ROINNE, A hOIFIGÍ AGUS A GNÍOMHAIREACHTAÍ.

# Luachanna

MAR ROINN, COTHAÍMID CULTÚR AR CUID LÁRNACH DE IAD FREAGRACHT, ÉIFEACHTÚLACHT AGUS LUACH AR AIRGEAD, ATÁ FRÉAMHAITHE IN ÉITEAS SEIRBHÍSE POIBLÍ LENA MBAINEANN NEAMHSPLEÁCHAS, IONRACAS, NEAMHCHLAONTACHT, OSCAILTEACHT, DÍNIT AGUS MEAS.
MAR STÁTSEIRBHÍSIGH, SEASAIMIDNE LEIS NA CAIGHDEÁIN IS AIRDE GAIRMIÚLACHTA, MACÁNTACHTA, OIBIACHTÚLACHTA AGUS CÁILÍOCHTA, ATÁ DEN RIACHTANAS INÁR RÓIL AG TACÚ LEIS AN bPRÓISEAS DAONLATHACHA AGUS FREASTAL AR AN bPOBAL.

# Réamheolas faoin Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Athraíodh teideal agus sainchúram na Roinne ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta go dtí an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, nuair a bunaíodh Rialtas nua i mí an Mheithimh 2020. Ceapadh an Tánaiste, Leo Varadkar, TD ina Aire agus chuaigh beirt Airí Stáit, an tAire English agus an tAire Troy i mbun róil nua sa Roinn. Ullmhaíodh sainchúram cuimsitheach don Tánaiste agus do na hAirí. I gcomhréir leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, forbraíodh Ráiteas Straitéise nua agus cuireadh faoi bhráid an Tánaiste í roimh dheireadh 2020. I gcomhréir le Clár an Rialtais, leagtar amach Misean, Spriocanna Straitéiseacha agus treo foriomlán athchóirithe don Roinn don trí bliana amach romhainn. Roimh mhí an Mheithimh, ba í an tAire Heather Humphreys, TD agus na hAirí Stáit Pat Breen TD agus John Halligan, TD, a bhí i gceannas ar an Roinn.

Rinneadh caibidlíocht agus obair mhór i ndáil le haistriú feidhmeanna, lenar bhain cúig shruth oibre ar leithligh; ceithre cinn díobh a bhain le feidhmeanna nua a tháinig isteach sa Roinn agus ceann amháin a bhain le hobair a bhí ann cheana féin a aistriú amach aisti. Aistríodh an fheidhm maidir le cur chun cinn na trádála ón Roinn Gnóthaí Eachtracha go dí an Roinn seo agus aistríodh cearta fostaíochta agus beartas um iomarcaíocht agus dócmhainneacht ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Ghlac an Roinn freagracht as an gCoimisiún um Pá Íseal freisin, a bhfuil mar phríomhfheidhm aige iniúchadh a dhéanamh ar an leibhéal cuí íosphá, agus moltaí a chur chuig an Tánaiste faoi agus ar chúrsaí a bhaineann leis. Ghlac an Roinn freagracht as an nGrúpa *Balance for Better Business* ón Roinn Dlí agus Cirt agus as Dearbháin do Thrádáil Ar Líne ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Tugadh obair chun críche ar fhreagrachtaí i ndáil le heolaíocht a aistriú amach, lena n-áirítear le Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Institiúid Náisiúnta Tyndall. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, aistreofar an obair sin chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta nuabhunaithe.

Is é misean na Roinne ceannaireacht a thabhairt ar fhostaíocht a chruthú agus a chothabháil i ngach earnáil agus réigiún sa tír. Tá ról lárnach againn ó thaobh chur i bhfeidhm bheartais an Rialtais maidir le cumas táirgthe an gheilleagair a spreagadh, tacú le fiontar agus trádáil agus timpeallacht a chruthú ina gcabhrófar le cruthú agus cothabháil post. Tá mar shainchúram ag an Roinn freisin iomaíochas cóir sa mhargadh a chur chun cinn, tomhaltóirí a chosaint agus oibrithe a chosaint.

Ag oibriú i gcomhar lena hOifigí agus Gníomhaireachtaí, tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist le sainchúram na Roinne, lena n-áirítear:

- Ceannaireacht a thabhairt ar chuidiú le fiontraithe agus le gnólachtaí fostaíocht ardcháilíochta a chruthú agus a chothabháil i ngach réigiún sa tír, trí bhíthin bonn láidir fiontraíochta dúchasaí a chruthú, infheistíocht dhíreach choigcríche a mhealladh agus trádáil a mhéadú.
- Fostaíocht ardcháilíocht, caidreamh dearfach san áit oibre, sásraí réitigh díospóidí a fheidhmíonn go maith agus timpeallacht oibre shlán a chur chun cinn.


- Cultúr láidir fiontraíochta a chruthú.
- Cuidiú le lucht fiontraíochta lena riachtanais taighde agus forbartha chun poist nua a chruthú agus a chothabháil agus chun rannchuidiú le sochaí níos fearr a thógáil.
- Scileanna a bheidh riachtanach don fhiontraíocht amach anseo a shainaithint agus oibriú ar feadh an Rialtais chun beartais a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais sin, lena n-áirítear trí uas-sciliú.
- Cur chuige uile-Rialtais a stiúradh maidir le timpeallacht iomaíoch a fhorbairt don infheistíocht, don táirgiúlacht agus do phoist inbhuanaithe.
- A chinntiú go n-éascaíonn ár rialáil ghnó infheistíocht agus forbairt, iomaíochas sa mhargadh, ardchaighdeáin um chosaint tomhaltóirí agus um rialáil chorparáideach, agus go dtugtar buntáiste iomaíoch d'Éirinn sa mhargadh domhanda.
- Oibriú go huaillmhianach ar feadh an Rialtais chun dul chun cinn ar fhóraim an Aontais Eorpaigh agus Idirnáisiúnta a bhaint amach, maidir le raon leathan saincheisteanna, an Breatimeacht ina measc.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna na hÉireann agus idirbheartaíocht a dhéanamh maidir leo ar fhóraim ábhartha an Aontais Eorpaigh, ina measc:
  - An Chomhairle Iomaíochais (a chuimsíonn an Margadh Inmheánach, Spás Tionscail agus Taighde),[1]
  - An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha (ag teacht le chéile ina foirmíocht Ghnó)
  - An Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO)[2]

  agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile;
  - An Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO),
  - An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (ILO),
  - An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD),
  - An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO).
  - Comhairle na hEorpa (Cairt Shóisialta)[3]

---

[1] Aistríodh freagracht as taighde sa Chomhairle Iomaíochais ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chuig an Roinn an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an 1 Eanáir 2021
[2] Aistríodh freagracht as EPSCO ón Roinn Coimirce Sóisialaí chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an 14 Deireadh Fómhair 2020
[3] Aistríodh freagracht as Comhairle na hEorpa (Cairt Shóisialta) ón Roinn Coimirce Sóisialaí chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an 14 Deireadh Fómhair 2020

# Struchtúr na Roinne




# An Bord Bainistíochta

Tá Bord Bainistíochta na Roinne comhdhéanta den Ard-Rúnaí, seachtar Rúnaithe Cúnta agus Ceann an Aonaid Tacaíochta Bainistíochta, Rialachais agus Faisnéise.

Tháinig an Bord Bainistíochta le chéile gach seachtain i bpearsa agus ansin go fíorúil, i rith 2020.


## AN BORD BAINISTÍOCHTA AIREACHTA

Tionóladh cruinnithe den Bhord Bainistíochta Aireachta go rialta in 2020. D'fhreastail an tAire, na hAirí Stáit agus Comhairleoirí Speisialta don Aire ar na cruinnithe sin, chomh maith le comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

## OIFIGÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ

Tá seacht nOifig agus ocht nGníomhaireachta ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Lé héifeacht ón 1 Eanáir 2021, aistríodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann chuig sainchúram na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

# Cairt Eagrúcháin



# Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne






# Ráiteas Straitéise 2018-2021

## RÁITEAS STRAITÉISE 2018-2021

Leagtar amach i Ráiteas Stráitéise na Roinne **2018-2021** seacht sprioc ardleibhéil uileghabhálacha a léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha thar raon leathan na réimsí a bhfuil an Roinn freagrach astu. [4]

## Sprioc 1: A BHEITH CHUN TOSAIGH MAIDIR LE FIONTAIR AGUS FOSTAÍOCHT ARDCHAIGHDEÁIN A CHRUTHÚ AGUS A CHOTHÚ I RÉIGIÚIN UILE NA TÍRE ACH TACAÍOCHT A THABHAIRT DO BHONN LÁIDIR FIONTRAÍOCHTA DÚCHAIS, LEANÚINT D'INFHEISTÍOCHT DHÍREACH CHOIGRÍCHE A MHEALLADH AGUS LE CULTÚR LÁIDIR FIONTRAÍOCHTA.

Meastar gur thit aschur eacnamaíoch domhanda idir 3.25% - 3.4% in 2020, rud a léiríonn turraing i bhfad níos mó do gheilleagair ná an cúlú eacnamaíochta a tharla i ndiaidh na géarchéime airgeadais domhanda. Ag an mbuaicthréimhse, in Aibreán 2020, ba é an ráta dífhostaíochta, arna choigeartú le haghaidh COVID, 30.5%, agus fuair níos mó ná 1.2m den lucht saothair tacaíocht ioncaim de chineál éigin. Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta le linn na bliana seo caite, agus ag deireadh na bliana bhí an ráta dífhostaíochta, arna choigeartú le haghaidh COVID,[5] ag 20.4%.

Bhí leibhéal na tacaíochta Stáit i rith na bliana tathagach chun gnólachtaí agus oibrithe a chosaint ón chuid is measa den phaindéim. Ba é an costas don Stát i rith na bliana €25bn, ina raibh €8.8bn de liúntais tacaíochtaí ioncaim tríd an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta, an Scéim a tháinig roimhe sin, an Scéim Fóirdheontais Pá Sealadaigh, agus an Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime.

Tugann na hionchais, maidir leis na réamhaisnéisí a rinneadh le déanaí don bhliain atá le teacht, le tuiscint gur éirigh an gheilleagar teacht tríd an chuid is measa den phaindéim COVID-19, agus tugann réamhaisnéisí le tuiscint go bhfásfaidh OTI (GDP) na hÉireann idir 4.4% agus 4.9% in 2021, agus idir 4.5% agus 5.2% in 2022.

## RANNPHÁIRTEACHAS LE PÁIRTITHE LEASMHARA

### Lárionad Faisnéise Fiontar

Nuair a fógraíodh an chéad dhúnadh i mí Márta mar gheall ar an bpaindéim, tháinig méadú suntasach ar líon na nglaonna chuig an Roinn ó ghnólachtaí a bhí ag lorg comhairle agus cúnaimh. Bunaíodh Lárionad Glaonna Tacaíochta Gnó COVID-19 láithreach chun faisnéis a

[4] Foilsíodh Ráiteas Straitéise nua 2021 go dtí 2023 i mí Eanáir 2021 mar a cheanglaítear tar éis Aire nua a cheapadh agus is féidir é a fháil ag www.enterprise.gov.ie

[5] https://www.cso.ie/en/methods/labourmarket/monthlyunemployment/monthlyunemploymentandcovid-19adjustedestimatesmarch2020technicalnote/

sholáthar faoi na scéimeanna agus na bearta airgeadais nua agus reatha a cuireadh ar fáil. Bunaíodh uimhir ghutháin líne chabhrach agus seoladh ríomhphoist tiomnaithe don lárionad agus fógraíodh na sonraí seo ar shuíomh idirlín agus ar mheáin shóisialta na Roinne. D'fhreagair an Lárionad os cionn 11,200 glao agus ríomhphost in 2020.

Tugadh faoi deara gur áis luachmhar a bhí ann, in éineacht leis an tseirbhís phoiblí a thairgeann an Roinn, agus socraíodh leanúint ar aghaidh agus feidhm an Lárionaid Glaonna a leathnú agus go ndéanfaí é a fhás ina sheirbhís faisnéise gnó ina dtabharfaí aghaidh ar gach tionscnamh agus beart gnó sa timpeallacht i ndiaidh Covid, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an mBreatimeacht. Soláthraíonn an Lárionad pointe teagmhála lárnach laistigh den Roinn do ghnólachtaí chun foghlaim faoin gcúnamh agus na seirbhísí atá ar fáil ón Roinn, a hOifigí agus a Gníomhaireachtaí agus ar fud an Rialtais agus cá háit agus conas rochtain a fháil orthu.

Cuireadh an Lárionad san áireamh sa mbailiúchán Sármhaitheas i gCás-Staidéir Seirbhíse do Chustaiméirí a foilsíodh i mí na Nollag 2020 mar chuid dár Seirbhís Phoiblí 2020 mar shampla den chaoi a bhfuil an Roinn ag obair go leanúnach chun seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú agus saoránaigh a chur i gcroílár leagan amach agus seachadadh seirbhíse.

## Fóram Miondíola

Lean an Fóram Comhairliúcháin Miondíola de bhéim a chur ar riachtanais forbartha na hearnála sa bhliain 2020. Threisigh a cuid oibre ar ullmhacht don Bhreatimeacht, lena n-áirítear sna maolaithe a theastaíonn chun aon chur isteach ar shlabhraí soláthair bia a íoslaghdú agus chabhraigh sé leis an earnáil ó thaobh tionchar COVID-19, na tréimhsí dúnta miondíola neamhriachtanacha agus an treoir leanúnach sláinte poiblí. Maidir le hullmhacht don Bhreatimeacht, d'éascaigh an Fóram, le tacaíocht ón Aonad Breatimeachta, teagmháil le raon Ranna Rialtais agus comhlachtaí ábhartha lena n-áirítear Ranna Talmhaíochta, Bia agus na Mara agus Iompair, Coimisinéirí Ioncaim, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Seirbhísí Sláinte Comhshaoil, Port Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis na trí chruinniú sceidealaithe den Fhóram Miondíola, bhuail an tAire English, an tAire Humphreys roimhe seo, mar Chathaoirleach ar an Fhóraim Chomhairliúcháin Miondíola, leis an Earnáil Grósaeireachta, Miondíola agus Dáileacháin go rialta i rith 2020 chun cúrsaí COVID-19 agus Breatimeachta a phlé.

Chuir COVID-19 dlús le hathruithe struchtúracha san earnáil miondíola, lena n-áirítear an t-aistriú go digiteach agus ar líne. Is bealach an-tábhachtach é an trádáil ar líne do mhiondíol chun a ngnó a fhás agus a fheabhsú sa ghéarchéim reatha agus beidh sé ina ghné thábhachtach don téarnamh sa bhfadtéarma. In 2020 tugadh isteach Scéim Miondíola Ar Líne COVID-19, atá á riaradh ag Fiontraíocht Éireann thar ceann na Roinne, agus é mar aidhm cabhrú le miondíoltóirí dúchasacha na hÉireann a ngnó a chothú tríd an ngéarchéim agus sa todhchaí trína dtairiscint ar líne a neartú, a mbonn custaiméirí a mhéadú, agus gnó níos athléimní a thógáil sa mhargadh baile agus domhanda ar líne agus as líne. Le linn 2020 fógraíodh dhá ghlao faoin Scéim Miondíola Ar Líne COVID-19 agus bronnadh €11.9m ar 330 miondíoltóir.

I measc na saincheisteanna breise a bhreithnigh an Fóram in 2020 bhí athnuachan lár an bhaile, costas árachais, riachtanais scileanna, rátaí tráchtála, cíosanna tráchtála agus na tionscnaimh ghnó éagsúla COVID-19.

## Cód iompair idir tiarnaí talún agus gnólachtaí le haghaidh cíosanna tráchtála

Foilsíodh Cód Iompair deonach nua idir tiarnaí talún agus gnólachtaí le haghaidh cíosanna tráchtála ar an 1 Deireadh Fómhair 2020. Forbraíodh an Cód, a bhí mar ghealltanas i gClár an Rialtais, i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Feabhas Miondíola Éireann, Chambers Ireland, Dublin Town agus Irish Institutional Property. Tá sé bunaithe ar chur chuige a glacadh i ndlínsí eile, lena n-áirítear an Astráil, an Fhrainc agus an Ríocht Aontaithe. Tá feidhm ag an gCód go dtí an 31 Iúil 2021 agus leagtar amach ann cur chuige struchtúrtha le haghaidh rannpháirtíochta idir tiarnaí talún tráchtála agus tionóntaí, bunaithe ar a leas choitinn ó thaobh leanúint ar aghaidh ag obair le chéile.

Leagtar amach sa Chód roinnt prionsabal ar cheart don dá pháirtí tiomantas a thabhairt cloí leo, lena n-áirítear trédhearcacht agus comhoibriú. Iarrtar ar thiarnaí talún tráchtála lamháltais a sholáthar nuair is féidir leo agus nuair nach féidir é sin a dhéanamh, iarrtar orthu na cúiseanna leis seo a leagan amach go soiléir. Liostáiltear ann cuid de na saincheisteanna atá le breithniú agus tionchar COVID-19 agus na srianta sláinte poiblí ar ghnólachtaí á chinneadh agus an gá le lamháltas. Sa chás go bhfuil lamháltas á mheas, soláthraítear sa Chód roinnt roghanna a mholtar le haghaidh socruithe nua. Moltar sa Chód freisin gur chóir go mbeadh tionóntaí tráchtála, atá ag lorg socruithe nua, soiléir maidir leis an fáth a bhfuil cúnamh ag teastáil agus lamháltais á lorg ón tiarna talún.

## Rannpháirtíocht le Pobal na nGnólachtaí Beaga

Cuidítear le rannpháirtíocht na Roinne i bPobal na nGnólachtaí Beaga mar go mbíonn rannpháirtíocht fhorleathan ar bun i bhfóraim idirnáisiúnta ar ábhair bheartais FBManna. Ar leibhéal na hEorpa, bíonn ionadaithe na Roinne rannpháirteach go gníomhach i gcónaí mar chomhalta de Líonra Toscairí na bhFiontar Beag agus Meánmhéide ag cur le forbairt Straitéis nua FBM an AE in 2020. Bhí an Roinn rannpháirteach go gníomhach arís i bPáirtí Oibre an OECD ar FBManna agus Fiontraíocht agus, ar leibhéal na nAirí, ina chomhchathaoirleach ar thionscnamh Digiteach do FBManna an OECD ag a imeachtaí in 2020. Chabhraigh an teagmháil seo le caidrimh láidre a thógáil lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta agus ba acmhainn luachmhar í le haghaidh na samplaí beartais idirnáisiúnta is fearr.

Le linn 2020, chuir an suíomh idirlín supportingsmes.gov.ie faisnéis chriticiúil cothrom le dáta ar fáil do FBManna maidir le tionscnaimh ghnó COVID-19, Treoirlínte an Bheartais um Fhilleadh ar Obair, tacaíochtaí maidir leis an mBreatimeacht agus saoráidí comharthaíochta do thionscnaimh ghnó agus do sheimineáir gréasáin oiliúna.

I mí Meán Fómhair 2020, bhunaigh an Roinn Tascfhórsa Fáis le haghaidh FBManna chun Plean Náisiúnta Fáis FBManna a leagan amach agus a sheachadadh, plean straitéiseach fadtéarmach do FBManna agus d'fhiontraithe a d'fhéachfadh níos faide ná an Breatimeacht agus COVID-19. Roghnaíodh comhaltaí an Tascfhórsa do FBManna ó raon leathan ionadaithe ó phobal na ngnólachtaí beaga, lena n-áirítear fiontraithe rathúla, comhlachtaí ionadaíocha, agus ceannairí gnó eile.

Tháinig an Tascfhórsa, a raibh an Tánaiste ina chathaoirleach air, le chéile i seisiún iomlánach ceithre huaire idir Meán Fómhair agus Nollaig. Bhí 18 gcruinniú eile ann de cheithre fhoghrúpa, a d'oibrigh ar mholtaí a fhorbairt i réimsí téamacha. I measc na tograí a

forbraíodh bhí bearta chun cabhrú le FBManna margaí eachtracha a bhunú, a mhéadú agus rochtain a fháil orthu, chomh maith le moltaí atá dírithe ar chabhrú le FBManna a bheith níos táirgiúla agus réidh le haghaidh an aistrithe go geilleagar digiteach, glas. Ina theannta sin, tá fócas ar leith ar líonraí agus braislí gnó áitiúla a chruthú agus a fhás, agus iad mar dhul chun cinn thábhachtach ó thaobh forbairt réigiúnach.

Cuireadh obair an Tascfhórsa i gcrích nuair a críochnaíodh an dréacht-Tuarascáil, ina leagtar amach níos mó ná 80 gníomh a bhfuil sé mar aidhm acu a chinntiú go leanfaidh FBManna agus fiontraithe na hÉireann ag fás agus ag éirí níos táirgiúla sna blianta amach romhainn. I mí na Nollag, thug an Rialtas aitheantas don Phlean Fáis agus ceadaíodh a fhoilseachán, a chuirfear ar fáil go luath.

## ROCHTAIN AR AIRGEAD

### Scéim Caipitil Oibre SBCI COVID-19

Seoladh Scéim Caipitil Oibre SBCI COVID-19 ag deireadh mí Márta 2020 chun freagairt láithreach a sholáthar do riachtanais leachtachta FBManna agus cuideachtaí beaga meánchaipitlithe a raibh tionchar ag COVID-19 orthu. Faoin scéim seo cuirtear méideanna iasachta idir €25,000 agus €1.5m ar fáil ag rátaí iomaíocha ar feadh tréimhsí idir bliain agus trí bliana, agus níl aon urrús ag teastáil ar iasachtaí níos lú ná €500k.

Idir Scéim Caipitil Oibre SBCI agus Scéim Iasachta an Bhreatimeachta, faoi dheireadh 2020 bhí luach €337.5m d'iasachtaí curtha ar fáil chun cabhrú le riachtanais leachtachta FBManna. Tá leathnú breise ar siúl chun iasachtaí faoin dá scéim seo a mhéadú go dtí €500m. Sna cúig mhí go dtí deireadh Mheán Fómhair 2020, sular sheol an Roinn seo agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara scéim iasachta leachtachta saincheaptha do FBManna a raibh tionchar ag COVID-19 orthu (Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 - tuilleadh sonraí thíos), cuireadh 808 iasacht faoi Scéim Caipitil Oibre SBCI COVID-19, arbh fhiú €103.5m iad, ar aghaidh chun ceadú a fháil ag leibhéal bainc. Cuireadh 150 iasacht eile ar aghaidh chun ceadú a fháil, arbh fhiú €22m iad, de réir mar a rinne iasachtóirí athbhreithniú ar a bpíblíne iarratas idir Meán Fómhair agus Nollaig 2020. San iomlán ceadaíodh 958 iasacht, arbh fhiú €126.5m iad, thar tréimhse naoi mí le linn 2020.

### Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19

Cheadaigh an dá Theach an Oireachtais an tAcht um Ráthaíocht Creidmheasa (Leasú) agus shínigh an tUachtarán é ina dhlí i mí Iúil 2020. De réir an Achta leathnaítear an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 go dtí deireadh 2021. Foráiltear le Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 luach €2bn iasachtaí do ghnólachtaí Éireannacha agus is í an scéim ráthaíochta is mó i stair an Stáit í. Is í an fheidhm atá leis an scéim cinnteacht a thabhairt do ghnólachtaí go bhfuil maoiniú ar fáil chun críocha caipitil oibre agus infheistíochta. Tá iasachtaí suas le €1m ar fáil ar feadh tréimhsí suas le cúig bliana go leith ag rátaí úis laghdaithe. Ní theastaíonn ráthaíochtaí comhthaobhachta nó pearsanta ó iasachtaí faoi €250,000. Tá an Scéim ar fáil do FBManna, do fhiontair mheánchaipitlithe beaga agus do tháirgeoirí tosaigh.

Mar thoradh ar an nGlao Oscailte ar an Scéim, arna oibriú ag SBCI, bhí an líon is mó iarratas riamh ó sholáthraithe airgeadais in Éirinn agus faoi dheireadh na bliana bhí an próiseas dlí agus oibríochta críochnaithe ag níos mó ná 20 soláthróir airgeadais nua nó bhíodar ag dul tríd na céimeanna deiridh. Léiríonn sé seo an idirghníomhaíocht rathúil is mó

riamh ag soláthraithe airgeadais príobháideacha le scéim stáit agus cuirfidh sé iomaíocht, leathadh réigiúnach agus éagsúlacht ar fáil sa mhargadh iasachtaí do FBManna sa todhchaí.

Sheol AIB, BOI agus Banc Uladh an Scéim i Meán Fómhair 2020, agus tháinig Comhair Chreidmheasa agus iasachtóirí neamhbhainc isteach sa scéim i mí na Nollag 2020. Tar éis níos lú ná ceithre mhí ag feidhmiú, bhí maoiniú de luach os cionn €98m tarraingthe anuas ag 1,890 gnólacht faoi dheireadh na bliana. Is ionann é seo agus méadú 600% ar an €14.8m a tarraingíodh anuas ina iomláine in 2019 faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa. Bunaíodh an Scéim i dtosach le feidhmiú go dtí deireadh 2020 ach cuireadh síneadh léi go dtí 30 Meitheamh 2021 tar éis chinneadh an rialtais i mí na Samhna 2020.

## Scéim Iasachta Fáis Amach Anseo

Seoladh an Scéim Iasachta Fáis Amach Anseo ar fiú €300m í i mí Márta 2019 chun rochtain ar iasachtaí a sholáthar do ghnólachtaí incháilithe Éireannacha agus do na príomhearnálacha talmhaíochta agus bia mara chun cabhrú le hinfheistíocht fhadtéarmach straitéiseach. Leathnaíodh an scéim i mí Iúil 2020 chun iasachtaí a mhéadú go dtí €800m. Tá sé níos éasca teacht ar airgeadas a chuirtear ar fáil faoin scéim seo, ar phraghas níos iomaíche, agus á tairiscint ar théarmaí níos fabhraí ná iasachtaí eile do ghnólachtaí den sórt sin. Cuirtear iasachtaí idir €100,000 (€50,000 don talmhaíocht) go €3m agus iasachtaí neamhurraithe suas le €500,000 ar fáil. Cuirtear iasachtaí ar fáil ar feadh tréimhsí idir seacht mbliana agus 10 mbliana - ag tabhairt aghaidh ar bhearna sa mhargadh le haghaidh maoiniú níos fadtéarmaí. Tá an scéim cómhaoinithe ag an Roinn seo, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ag an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Glacadh chomh maith sin leis an scéim seo sa mhargadh go raibh 2,742 iasacht curtha ar aghaidh ag deireadh 2020 chun ceadú a fháil ar leibhéal bainc, ar luach iomlán €555m, agus gur ceadaíodh 2,023 de na hiasachtaí sin dar luach €415.1m in 2020 amháin.

## An Scéim Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair

Tugadh isteach an Scéim Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair, arna fheidhmiú ag Micrea-Airgeadas Éireann, in 2012. Is é cuspóir an chiste iasachtaí a thabhairt do mhicrifhiontair, a shainmhínítear mar ghnólachtaí ag a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe agus/nó láimhdeachas níos lú ná €2m.

In 2020, cheadaigh Micrea-Airgeadas Éireann maoiniú €27.4m do 2,202 ghnólacht beag ar fud na tíre, rud a thacaigh le 2,972 post a chruthú nó a chothabháil agus tugadh 74% de na hiasachtaí do mhicrifhiontair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Ó cuireadh tús leis an Scéim Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair in 2012 go dtí deireadh 2020, tarraingíodh anuas 3,199 iasacht arbh fhiú €53.9m iad san iomlán rud a thacaigh le 9,002 post.

De bhreis ar an Acht um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair (Leasú) 2020, cuireadh tús le hathbhreithniú rialachais chun an t-athrú féideartha ar úinéireacht/tuismíocht na cuideachta ar leis an scair aonair in Micrea-Airgeadas Éireann a mheas. Rinneadh é seo in éineacht le hathbhreithniú díchill chuí seachtrach ar an eagraíocht thar ceann SBCI chun a gcumas a bheith ina iasachtóir le Micrea-Airgeadas Éireann a chur chun cinn.

## DEONTAS ATOSAIGH

Ag obair leis na húdaráis áitiúla, sheol an Roinn an Deontas Atosaigh agus na Scéimeanna Deontais Atosaithe Móide a chuidigh leis an gcostas a bhaineann le gnó a athoscailt nó a choinneáil ag feidhmiú agus ceangal a dhéanamh arís le fostaithe agus custaiméirí. Cuireadh leithdháileadh iomlán €685m ar fáil trí na scéimeanna seo in 2020, agus eisíodh níos mó ná 108,000 deontas.

## PLEANANNA FIONTAIR RÉIGIÚNACHA

Is é cuspóir na bPleananna Fiontraíochta Réigiúnach, a seoladh i dtosach in 2019 le maoirseacht á dhéanamh ar leibhéal náisiúnta ag an Roinn, deiseanna fáis a aithint, leochaileachtaí a aithint, agus mar fhreagairt air sin, éiceachóras na bhfiontar réigiúnach a neartú chun cruthú post a chumasú sna réigiúin.

Arna fhorbairt ag páirtithe leasmhara réigiúnacha, tá líon beag Cuspóirí Straitéiseacha tosaíochta comhaontaithe agus gníomhartha sonracha i ngach Plean chun cabhrú le forbairt fiontar agus cruthú post thar chlár oibre dhá bhliain.

Comhlánaíonn na Pleananna na gníomhaíochtaí atá ann cheana atá á ndéanamh ag IDA Éireann, Fiontraíocht Éireann, na OFAnna agus an raon níos leithne Comhlachtaí Stáit a bhfuil baint dhíreach acu le cuidiú le forbairt fiontar sna réigiúin agus gineann siad breisluach ó ghníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla atá ag obair i gcomhar lena chéile.

Cuireann naoi gCoiste Stiúrtha Réigiúnach 'ó bhun aníos' agus comhoibritheach na Pleananna Fiontair Réigiúnacha i bhfeidhm. Faoi chathaoirleacht duine ón earnáil phríobháideach, áirítear leis an mballraíocht: na Gníomhaireachtaí fiontar, OFAnna, údaráis áitiúla, comhlachtaí ardoideachais agus breisoideachais, an earnáil phríobháideach agus eile.

Ag teacht leis an bhfócas ar fhorbairt réigiúnach chothromaithe i gClár an Rialtais, déanfar na Pleananna Fiontair Réigiúnacha a athnuachan le haghaidh clár oibre ilbhliana eile tar éis cleachtadh comhairliúcháin agus tosaíochta leis na Coistí Réigiúnacha a ndéanfaidh an Roinn maoirseacht air ag tosú in 2021.

## CISTE FORBARTHA FIONTAIR RÉIGIÚNAIGH

Is uirlis éifeachtach beartais é an Ciste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh, arna riar ag Fiontraíocht Éireann, chun tionscnaimh chomhoibritheacha ón mbun aníos a spreagadh agus tacú leo ó thaobh airgeadais de, tionscnaimh a fhéachann le héiceachórais réigiúnacha fiontar agus an cumas poist a chruthú sna réigiúin a neartú. Cuireann an Ciste le haidhmeanna agus le cuspóirí na bPleananna Fiontraíochta Réigiúnacha.

I mí Eanáir 2020, ar an tríú glao den Chiste, bronnadh luach €45m de mhaoiniú ar 26 tionscadal. Tá luach beagnach €100m de mhaoiniú ceadaithe anois do 68 tionscadal thar trí ghlaoch iomaíoch faoin gCiste go dtí seo, le tionscadail ceadaithe i ngach réigiún, ag dul ó fhorbairt moil nuathionscanta/fiontar go taighde feidhmeach agus nuálach atá dírithe go náisiúnta ar earnáil saoráidí a thógann ar speisialtóireachtaí réigiúnacha ar leith. I measc na dtionscadal rathúil faoin tríú glao tá Future Mobility Campus Ireland, atá bunaithe i Sionainn Co. an Chláir, ar bronnadh maoiniú luach €4.7m air chun leaba tástála iompair a bhunú agus

mol Bia Premier Lakelands, ar ceadaíodh maoiniú luach os cionn €1.3m dó chun mol bia úrscothach atá lonnaithe sa Longfort a fhorbairt.

Seoladh Ciste Forbartha Fiontar Teorann (SCFFT) go luath in 2020 chun cúnamh a sholáthar do thionscadail chomhoibritheacha, a fhorbraíonn cumais fiontraíochta, chun fiontraíocht, táirgiúlacht agus nuálaíocht a chur chun cinn i réigiún na Teorann. Bhí an Ciste mar chuid de phacáiste spreagtha eacnamaíochta an Bhreatimeachta le luach €28m a fógraíodh le haghaidh sé chontae na teorann sé sin Lú, Muineachán, an Cabhán, Sligeach, Liatroim agus Dún na nGall. I mí Meithimh 2020, faoin SCFFT, ceadaíodh maoiniú do 11 tionscadal le luach níos mó ná €17m agus ceadaíodh tionscadail i ngach ceann de na contaetha Teorann. I measc na dtionscadal rathúla faoin SCFFT tá tionscadal nuálaíocht-mar-sheirbhís i nDún na nGall a bhfuil sé mar aidhm aige dlús a chur faoi ghlacadh le réitigh teicneolaíochta bunathraitheacha ag FBManna, chomh maith le hArd-Ionad Oiliúna Déantúsaíochta agus Teicneolaíochta á bhunú i nDún Dealgan, Co. Lú.

## FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Thuairiscigh cliaintchuideachtaí Fiontraíocht Éireann gur tháinig meath ar an bhfostaíocht iomlán, rud a léiríonn tionchar na paindéime ar gheilleagar na hÉireann agus ar mhargaí domhanda in 2020. Thuairiscigh suirbhé fostaíochta 2020 de chuid Fiontraíocht Éireann go raibh 220,613 duine fostaithe i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, laghdú 0.4%, ag cur gnóthachain agus caillteanais post san áireamh agus ansin cailleadh 872 post glan san iomlán. Tháinig fás suntasach ar chliaintchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann i roinnt earnálacha in 2020, lena n-áirítear Eolaíochtaí Beatha (6.8%), Cleantech (6%) agus Tógáil (méadú fostaíochta 4.7%). Chaith cliaint Fhiontraíocht Éireann €28bn in 2019 i ngeilleagar na hÉireann ar phárolla, earraí agus seirbhísí.

Eagraíodh os cionn 60 'Imeacht Idirnáisiúnta do Cheannaitheoirí Fíorúla'. I mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastail 1,651 duine go fíorúil ar sheoladh '*Seachtain Idirnáisiúnta na Margaí'*. Ag an imeacht onnmhaireora is mó in Éirinn bhuail níos mó ná 700 cuideachta le 140 comhairleoir margaidh ó 40 oifig thar lear ag 2,000 cruinniú fíorúil duine le duine chun a straitéisí maidir le COVID-19, an Breatimeacht agus éagsúlú margaidh a phleanáil.

Sheol Fiontraíocht Éireann Céim 2 den chlár *'Iontráil limistéar an euro'* do ghnó na hÉireann, atá leagtha amach chun deiseanna do ghnó na hÉireann a uasmhéadú sa dara margadh is mó do chliaintchuideachtaí Fiontraíocht Éireann. Le fás 15% in 2019 agus luach €5.6bn d'onnmhairí, is ionann limistéar an euro agus 22% d'onnmhairí iomlána.

In 2020 ba é an dúshlán a bhí ag Fiontraíocht Éireann ná cabhrú le cuideachtaí theacht slán as tionchar COVID-19 agus an Breatimeacht. Baineadh é seo amach go príomha tríd an gcúnamh leachtachta a cuireadh ar fáil do chuideachtaí tríd an gCiste Fiontar Cothaitheach a rinne an Roinn idirbheartaíocht ina leith. Is é príomhchuspóir an chiste gnó a chothú ionas gur féidir le cuideachtaí filleadh ar inmharthanacht agus cur le téarnamh gheilleagair na hÉireann. Chuidigh maoiniú €124m le 418 cuideachta agus 17,710 post a chothú ar fud na tíre.

Áiríodh i measc an mhaoiniú spriocdhírithe COVID-19 a cuireadh ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí cobhsú, athshocrú agus aisghabháil:

- *8,650 cuideachta* (lena n-áirítear cliaint nach cliaint de chuid Fiontraíocht Éireann iad) a tairgeadh comhairle dóibh agus a cuireadh i dtreo roghanna maoinithe.
- *989 cuideachta* a soláthraíodh maoiniú €4.9m dóibh chun plean láidir airgeadais a fhorbairt tríd an Deontas Pleanála Airgeadais Gnó COVID-19.
- *330 miondíoltóir* a soláthraíodh deontais €11.8m san iomlán dóibh, chun a láithreacht ar líne a fhorbairt tríd an Scéim Miondíola Ar Líne.
- *€5.4m* a cuireadh ar fáil do chuideachtaí atá i mbun nuálaíochta agus ag scálú chun earraí a tháirgeadh chun freagairt don phaindéim COVID-19 faoi Scéim Táirgí COVID-19.
- Bronnadh €8.24m san iomlán ar *95 ionad fiontar réigiúnach* ar fud na tíre trí Chiste na nIonad Fiontar. Fuair na moil ghnó réigiúnacha deontais idir €10k agus €150k chun cabhrú leo leanúint ar aghaidh ag tairiscint seirbhísí do ghnólachtaí réigiúnacha ar fud na hÉireann.
- *531 ionadaí cuideachta* a chríochnaigh Máistir-Rang Díol Idirnáisiúnta Fíorúil - ag soláthar scileanna ríthábhachtacha do ghnólachtaí chun leanúint ar aghaidh ag fás a lorg onnmhaire le linn na paindéime.

### Scála Foirgníochta:

- In 2020 fuair *125 gnólacht nuathionscanta* san iomlán cúnamh tríd an gclár HPSU agus trí thionscnaimh an Chiste um Thús Iomaíoch.
- I mí na Nollag, fógraíodh 15 ban-fhiontraí mar rannpháirtithe sa *Chiste um Thús Iomaíoch.*
- Le linn 2020 bhunaigh Fiontraíocht Éireann *comhpháirtíochtaí do HPSUnna* le Amazon agus Microsoft.

Tá sonraí faoi fhreagairt straitéiseach Fiontraíocht Éireann ar an mBreatimeacht san áireamh faoi Sprioc 6.

## OIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚLA

Is éard atá sa 31 Oifig Fiontair Áitiúil ná ‘siopa céad staid’ le haghaidh comhairle agus treorach, cúnamh airgeadais agus tacaíochtaí eile do dhaoine ar mian leo a ngnólacht féin a thosú nó a fhás. Le linn 2020 díríodh ról na OFÁnna níos mó ar chabhrú le húinéirí gnó na tionscnaimh atá ar fáil dóibh a aithint chun freagairt don ghéarchéim seo, nach bhfacthas a leithéid cheana, agus chun cabhrú leo a ngnóthaí a choinneáil inmharthana. I rith na bliana:

- chruthaigh cliaint na nOifigí Fiontair Áitiúla 5,585 post nua lánaimseartha agus páirtaimseartha (comhlán) san iomlán;
- bhí laghdú glan de 1,494 post (lánaimseartha agus páirtaimseartha); agus
- bhí punann OFÁ in 2020 comhdhéanta de 7,529 cliantchuideachta, le fostaíocht iomlán de 35,236 (poist lánaimseartha agus páirtaimseartha).

## Bearta COVID-19

Mar phríomhpháirtí i bhfreagra an rialtais ar COVID-19, d'fhorbair na OFÁnna bearta nua agus rinne siad bearta atá ann cheana a oiriúnú chun cúnamh airgeadais a sholáthar do FBManna ar fud na tíre.

- Chuir scéim *An Dearbháin Leanúnachais Gnó*, a tugadh isteach i mí Márta 2020, dearbhán ar fáil, ar fiú suas le €2,500 é i gcostais chomhairliúcháin tríú páirtí, le húsáid ag cuideachtaí agus trádálaithe aonair chun straitéisí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a fhorbairt chun freagairt don phaindéim COVID-19 ag a thús agus chun pleanáil a dhéanamh ó thaobh athshlánú agus athoscailt an gheilleagair ar deireadh thiar. Ghlac an scéim, a dúnadh i mí Bealtaine 2020, le 14,871 iarratas sa tréimhse seo agus ceadaíodh 12,077, arbh fhiú beagnach €26m iad.
- Cuireann *An Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne* oiliúint scileanna, meantóireacht agus cúnamh airgeadais suas le €2,500 ar fáil chun cabhrú le gnóthais bheaga agus mhicrifhiontair a gcumas ríomhthráchtála a fhorbairt. Tugadh solúbthacht nua isteach sa Scéim i mí Aibreáin, lena n-áirítear an riachtanas maidir le cómhaoiniú a laghdú ó 50% go 10% agus cead a thabhairt do ghnólachtaí iarratas a dhéanamh ar an dara dearbhán suas le €2,500 sa chás gur éirigh leo an chéad cheann a úsáid. Ó tharla an phaindéim COVID-19, tá an-tóir ar an scéim seo a osclaíonn margaí nua do ghnólachtaí atá ag streachailt agus rinneadh 17,197 iarratas agus ceadaiodh 12,946 díobh i mbliana arbh fhiú €30.7m iad.
- Tugadh isteach *An Ciste Cúnaimh do Mhicrifhiontair* i mí Mheán Fómhair, agus díríonn sé ar na micrifhiontair sin nach raibh in ann leas a bhaint as bearta rialtais atá ann cheana. Chuir an Ciste Deontais seo dearbhán suas le €1,000 ar fáil do ghnólachtaí incháilithe maidir le caiteachas dearbháin, mar ranníocaíocht i leith an chostais a bhaineann le gnó a athoscailt nó a choinneáil ag feidhmiú agus ceangal a dhéanamh le fostaithe agus custaiméirí arís. Go dtí seo ceadaíodh rinneadh 428 iarratas agus ceadaíodh 196 díobh arbh fhiú €185,000 san iomlán iad.

## Bearta Lárnacha

Lean na OFÁnna ag soláthar comhairle agus cúnaimh d'fhiontraithe chun tabhairt faoina gcuid smaointe gnó agus deiseanna a lorg chun gnólachtaí nua a chur ar bun.

In 2020, d'íoc na OFÁnna cúnamh airgeadais díreach le 1,216 tionscadal gnó, arbh fhiú €13.2m é. Ina measc seo, bhí 336 ag lorg deontas do chuideachtaí nua-thionscanta arbh fhiú beagnach €5m iad.

Chomh maith leis na bearta airgeadais a bhí á dtairiscint, d'fhreagair na OFÁnna do na srianta a bhaineann le dianghlasáil trína gcuid clár oiliúna, ceardlanna agus cruinnithe líonraithe a mhacasamhlú ar ardán ar líne a chlúdaíonn réimsí mar:

- bainistíocht airgid le linn géarchéime;
- do ghnó a threorú trí COVID-19; agus
- comhairle d'fhostóirí a ndeachaigh an ghéarchéim i bhfeidhm orthu.

Chuir na OFÁnna cúnamh meantóireachta saor in aisce ar fáil do 16,231 rannpháirtí le meantóir a bhfuil taithí acu chun réitigh ar réimsí neamhchosanta laistigh dá ngnó a aithint.

Le comhairle agus treoir óna meantóir, déanann cliaint straitéisí a fhorbairt atá níos láidre, a thugann aghaidh ar shaincheisteanna agus a uasmhéadaíonn deiseanna féideartha lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le dúshláin COVID-19.

Ghlac 77,466 rannpháirtí páirt sna cláir oiliúna COVID-19 freisin.

Sheol na OFÁnna an *Tionscnamh Oiliúna Cliant OFÁ,* sraith nua seimineár gréasáin oiliúna beo 'Lón & Foghlaim', oscailte agus inrochtana do gach cliantchuideachta OFÁ agus cliant ionchasach ar fud na tíre, gan aon chlárú ná síniú ag teastáil. Tá sé i gceist leis an tsraith seo na cláir oiliúna agus seimineár gréasáin ar líne atá i bhfeidhm cheana féin do chliaint a chomhlánú. Is comhrá idirghníomhach é seo le saineolaí difriúil gach seachtain faoi mhúnla 'Lón & Foghlaim agus tá sé ar fáil ar Leathanach náisiúnta Facebook OFÁ agus trí chainéal YouTube OFÁ.

Toradh dearfach ar infheistíocht agus cúnamh OFÁ is ea dul chun cinn 133 cliantchuideachta LEO chuig punann Fhiontraíocht Éireann in 2020. Tá na cliaint seo i measc na cuideachtaí is fearr feidhmíochta i bpunann cliant an OFÁ (agus mar gheall ar an aistriú go Fiontraíocht Éireann ní léirítear a bhfeidhmíocht sa toradh 2020 thuas).

## GFT ÉIREANN

D'fheidhmigh GFT Éireann go láidir in 2020 le cliaintchuideachtaí ag cruthú 20,123 post comhlán nua ar an talamh. Is de chuid cliaintchuideachtaí GFT Éireann anois 12.4% den fhostaíocht náisiúnta arna choigeartú le haghaidh COVID-19.

B'ionann fostaíocht iomlán Infheistíochta Dírí Eachtraí in Éirinn ag deireadh 2020 agus 257,394, an líon is airde riamh a fostaíodh san earnáil ilnáisiúnta.

As na 246 infheistíocht nua a baineadh amach in 2020, bhain 128 (52%) le suíomhanna réigiúnacha.

Tháinig méadú ar fhostaíocht i ngach réigiún, seachas réigiún na teorann, in 2020. Léirigh an Oirthear láir an ráta fáis is airde ag 6.2%.

Tríd an gClár Réigiúnach Maoine, tá GFT Éireann ag forbairt réitigh réadmhaoine iomchuí in áiteanna réigiúnacha ainmnithe chun cabhrú le hinfheistíocht thar lear a mhealladh.

### Straitéis GFT Éireann: Téarnamh agus Fás Inbhuanaithe a chur chun cinn 2021-2024

I measc chomhthéacs na neamhchinnteachta eacnamaíche a bhaineann le COVID-19 agus an Breatimeacht, d'fhorbair GFT Éireann straitéis nua le linn 2020. Tá an straitéis seo, dar teideal 'Téarnamh agus Fás Inbhuanaithe a chur chun cinn 2021-2024', tógtha ar chúig philéar idirnasctha - fás, claochlú, réigiúin, inbhuanaitheacht agus tionchar. Tá sé mar aidhm ag GFT Éireann 800 infheistíocht san iomlán a bhaint amach agus 50,000 post a chruthú sa tréimhse 2021-2024. Is é uaillmhian na straitéise cruthú substaintiúil post a sheachadadh agus gníomhaíocht eacnamaíoch a chur chun cinn, ag díriú ar mhéadú 20% ar chaiteachas cliant chun tionchar na hinfheistíochta dírí eachtraí a uasmhéadú. Ag tacú leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide, tá sé mar aidhm leis an straitéis 60 infheistíocht inbhuanaitheachta a bhuachan thar an tréimhse go dtí 2024 agus cuideoidh sí le fás sa todhchaí trí 170 Taighde, Forbairt & Nuálaíocht agus 130 infheistíocht oiliúna, rud a chuirfidh ar a chumas téarnamh claochlaitheach dírithe ar inbhuanaitheacht agus cuimsitheacht a bhaint amach. Seoladh an straitéis i mí Eanáir 2021.

Tá mionsonraí faoi fhreagairt straitéiseach GFT Éireann don Bhreatimeacht faoi Sprioc 6.

## IDIR-THRÁDÁIL ÉIREANN

Tá Idir-Thrádáil Éireann ar cheann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh le Comhaontú Aoine an Chéasta in 1998. Ó shin i leith, tá Idir-Thrádáil Éireann ag cabhrú le gnóthaí beaga in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann margaí nua trasteorann a fhiosrú, táirgí, próisis agus seirbhísí nua a fhorbairt, a ngnó a fhás agus a bheith faoi réir le haghaidh infheisteoirí. Tá punann spriocdhírithe de chláir agus seirbhísí ag an gComhlacht a bhfuil d'aidhm léi cabhrú le gnóthaí buntáiste iomaíoch a fhorbairt i réimsí fíorthábhachtacha na trádála agus na nuálaíochta, iad ar fad bunaithe ar thaighde fianaise-bhunaithe geilleagrach agus gnó. Tá an Roinn ag méadú an mhaoiniú a chuirtear ar fáil d'Idir-Thrádáil Éireann, le méaduithe gach bliain, lena n-áirítear €675k breise curtha ar fáil le haghaidh 2021. Mar thoradh air seo mhéadaigh an maoiniú a chuirimid ar fáil d'Idir-Thrádáil Éireann ó thart ar €7.5 milliún in 2017 go dtí os cionn €11 milliún in 2021.

### I measc ghníomhaíochtaí Idir-Thrádáil Éireann in 2020 bhí:

- Deiseanna agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil do thionscail aistrithe teicneolaíochta Thuaidh/Theas chun táirgí nuálacha agus seirbhísí nua a fhorbairt lena mbeifear in ann onnmhairiú a fhás;
- Réimsí nua comhoibrithe idir gnólachtaí sa Tuaisceart agus sa Deisceart a bhreithniú;
- Deiseanna díolachán agus margaíochta a thabhairt do ghnólachtaí le go mbeidh siad in ann margaí nua trasteorann a aimsiú;
- Rochtain a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar mhargadh soláthair phoiblí €12bn uile-Éireann
- Leanúint ar aghaidh ag cabhrú le Trasteorann ullmhú agus oiriúnú don chaidreamh trádála nua i ndiaidh an Bhreatimeachta; agus
- Freagairt thapa a thabhairt ar ghnó a bhfuil tionchar ag COVID-19 air.

### Príomhthorthaí Idir-Thrádáil Éireann in 2020:

- Bhí cruthú post ag 1,597 i gcomparáid le sprioc 1,500 don bhliain;
- Bhí Luach Forbartha Gnó do chuideachtaí ag €79m i gcomparáid le sprioc €75.6m
- Bhí cuideachtaí nuálacha céad uaire ag 63 i gcomparáid le sprioc 67; agus
- Bhí onnmhaireoirí céad uaire ag 92 i gcomparáid le sprioc 55

## COTHROMAÍOCHT LE HAGHAIDH GNÓ NÍOS FEARR

Sheol an Tánaiste an tríú tuarascáil ón ngrúpa *Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr* ag ócáid fhíorúil an 16 Nollaig 2020. Sheol an Taoiseach ag an am, Leo Varadkar TD, Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr in 2018, chun cothromaíocht inscne sa cheannaireacht shinsearach in Éirinn a fheabhsú.

Is iad Brid Horan agus Gary Kennedy comh-chathaoirligh ar an nGrúpa Athbhreithnithe Cothromaíocht le haghaidh Gnó Níos Fearr agus tá an grúpa comhdhéanta de dhaoine sinsearacha i ngnó na hÉireann agus sa tseirbhís phoiblí. Scrúdaíonn an Grúpa

Athbhreithnithe neamhspleách seo an meascán inscne laistigh de rialachas agus bainistíocht shinsearach cuideachtaí in Éirinn agus na saincheisteanna a thagann chun cinn maidir le ceapadh stiúrthóirí cuideachta agus lucht bainistíochta sinsearaí.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe moltaí maidir le conas is féidir le níos mó ban a bheith páirteach i gcinnteoireacht ag an leibhéal is airde gnólachtaí in Éirinn lena n-áirítear éileamh ar athchóiriú ar an gcóras reatha chun a chinntiú go mbeidh ról ag níos mó ban ag leibhéal an bhoird agus i bhfoirne ceannaireachta sinsearacha. Tá spriocanna forásacha leagtha síos aige go dtí 2023 freisin chun cothromaíocht inscne níos fearr a bhaint amach ar bhoird agus ar bhainistíocht shinsearach na gcuideachtaí seo.

Déanann an tríú tuarascáil seo monatóireacht ar dhul chun cinn i gcoinne na spriocanna go 1 Meán Fómhair 2020 agus áirítear anois ann cuideachtaí móra ilnáisiúnta atá ag feidhmiú in Éirinn chomh maith le cuideachtaí atá liostaithe ar Euronext Dublin (Stocmhalartán na hÉireann roimhe seo) agus cuideachtaí príobháideacha móra Éireannacha eile.

Taispeánann an tuarascáil go bhfuil dul chun cinn spreagúil á dhéanamh i roinnt réimsí lena n-áirítear:

- Ar an iomlán i measc na gcuideachtaí liostaithe, is mná iad 22.4% de na stiúrthóirí, suas ó 19.1% in 2020 (agus suas ó 14% in 2018);
- Sháraigh cuideachtaí ISEQ20, le 27.4% stiúrthóirí mná ar an meán, an sprioc eatramhach 2020 de 25% agus táthar ar an mbóthar chun sprioc 2023 de 33% a bhaint amach. Is feabhas suntasach é seo ó 18% in 2018;
- Tá boird déanta suas de 50% mná ag dhá chuideachta ISEQ20;
- Mhéadaigh líon na mban ar fhoirne ceannaireachta cuideachtaí ISEQ20 ó 17% in 2019 go 22% in 2020; agus
- Lean an bhearna idir Éire agus meán an AE28 do mhná ar bhoird ag cúngú, ó 8% in 2018 go 1.2% in 2020 agus tá Éire anois sa 13ú háit, i gcomparáid le 17ú háit in 2018.

## AN TÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an Ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as caighdeánú, measúnú ar chomhréireacht agus tomhas. Bhí éileamh leanúnach ar sheirbhísí an Údaráis in 2020 i gcomhthéacs fheidhmíocht láidir ag geilleagar na hÉireann. Bhí spéis mhór i gcaighdeáin agus ar feadh an raon níos leithne seirbhísí maidir le measúnú ar chomhréireacht agus tomhas agus gnólachtaí ag féachaint lena bhfeidhmíocht a fheabhsú agus pleananna a dhéanamh don Bhreatimeacht.

Bhí trí phríomhphointe fócais i bhfreagra an Údaráis ar COVID-19: bainistíocht airgeadais agus airgid, gníomhaíocht oibríochtúil leanúnach agus gníomhaíocht oibríochtúil bhreise chun cuidiú le freagairt COVID-19. Díríodh an bhéim go hoibríochtúil ar chabhrú le gnó san fhadtéarma trí ghníomhaíochtaí Aistriú Eolais méadaithe a bhfuil sé mar aidhm acu cur leis an eolas teicniúil fairsing laistigh den Údarás chun cabhrú le cuideachtaí 'atosú' agus tógáil i ndiaidh COVID-19 agus an Breatimeacht.

D’fhoilsigh an tÚdarás 1,349 caighdeán le linn 2020. D’fhorbair an tÚdarás roinnt treoracha COVID-19 go tapa i réimsí mar mhiondíol, aisghabháil ionad siopadóireachta, TCP, agus

sonraíochtaí bacainní maisc. Ba é cuspóir na treorach do Dhéantúsóirí agus Mhiondíoltóirí ligean don fhoireann filleadh go sábháilte ar an ionad oibre, agus bearta a chur i bhfeidhm freisin a chosnaíonn an pobal. Tugann na cáipéisí comhairle phraiticiúil maidir le conas measúnuithe riosca a dhéanamh agus prótacail sábháilteachta a chur i bhfeidhm bunaithe ar fhaisnéis reatha ó NPHET, FSS agus eile. Ó thaobh TCP míochaine de, cuireadh caighdeáin ar fáil saor in aisce chun gur féidir trealamh TCP a thabhairt isteach sa tír go tapa.

D'fhoilsigh an tÚdarás IS 10101 - Rialacha Náisiúnta maidir le Suiteálacha Leictreacha (Rialacha Sreangaithe) i mí Márta 2020. Is é an doiciméad seo an chéad athbhreithniú mór ar an gcaighdeán le breis agus 10 mbliana agus tá sé bunaithe ar chaighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le sábháilteacht suiteálacha leictreachais lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua mar fheithicil leictreach a mhuirearú, córais fhótavoltach gréine agus treoir ar éifeachtúlachtaí fuinnimh.

Tá breis is 24,000 caighdeán ar fáil i gcatalóg an Údaráis anois. Rinne úsáideoirí na hÉireann rochtain ar níos mó ná 224,769 caighdeán (ardú 30% ar 2019) agus tháinig ardú 351 ar líon na n-úsáideoirí atá cláraithe le tairseach na Gníomhaireachta, 'Your Standards, Your Say',

Rinneadh claochlú mór ar an timpeallacht deimhniúcháin in 2020 leis an gceanglas iniúchadh a dhéanamh i dtimpeallacht oibre fíorúil, ina raibh cliaint rannpháirteach chun iniúchtaí iargúlta a éascú rud a chuir ar chumas eagraíochtaí leanúint ar aghaidh ag baint úsáid as caighdeáin le haghaidh buntáiste iomaíoch. Taispeánadh tiomantas gnó do chaighdeáin de réir mar a rinne eagraíochtaí iarracht a n-athléimneacht a fheabhsú i bhfianaise thionchair COVID-19 agus iad ag ullmhú ag an am céanna do thimpeallacht i ndiaidh an Bhreatimeachta. Le linn 2020, lean an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ag deimhniú eagraíochtaí de réir caighdeán gnó den scoth:

- Eisíodh níos mó ná 1,900 deimhniú Caighdeán Bainistíochta Cáilíochta; agus
- Deimhniú táirge de réir cheanglais an AE le haghaidh: Mótarfheithiclí (8,118); Foirgníocht (866) agus Feistí Leighis (188).

In ionad an tsearmanais deimhniúcháin leathbhliantúil, rinneadh ceiliúradh ar líne le feachtas míosa ar na meáin shóisialta, #NSAICertified le linn mhí na Nollag 2020. D'éirigh go hiontach leis an bhfeachtas le cliaint agus leantóirí an Údaráis a bhailigh os cionn 50,000 taispeáint ar fud ardáin meán.

# Sprioc 2: CEANNAIREACHT A THABHAIRT DO CHUR CHUIGE UILE-RIALTAIS MAIDIR LEIS AN TIMPEALLACHT IS IOMAÍCHE A FHORBAIRT D'INFHEISTÍOCHT, TÁIRGIÚLACHT AGUS POIST INBHUANAITHE

## STRAITÉIS TIONSCAIL 4.0

Foilsíodh *Straitéis Tionscail 4.0 2020-2025* na hÉireann i mí na Nollag 2019. Is é an fhís lena mbuntacaítear an straitéis ná, faoin mbliain 2025, go mbeidh Éire ina mol monaraíochta iomaíoch atá bunaithe ar nuálaíocht agus ar thús cadhnaíochta maidir leis an gceathrú réabhlóid thionsclaíoch agus ar thús cadhnaíochta maidir le Tionscal 4.0 a fhorbairt agus a ghlacadh.

Tá 5 sprioc agus 18 gníomh straitéiseacha sa Straitéis agus tá na gníomhartha straitéiseacha leagtha amach thart ar sé théama. Aithnítear sa Straitéis go bhfuil Éire i riocht maith chun tabhairt faoi dheiseanna a thiocfaidh chun cinn mar gheall ar Thionscadal 4.0, agus gur cheart go mbeadh deis ag gach gnólacht – bíodh sé ina ghnólacht beag, mór, eachtrannach nó dúchasach – a bheith rannpháirteach i dTionscadal 4.0. Chomh maith leis sin, aithnítear gur ceann de na príomhdhúshláin bheartais is ea spreagadh a thabhairt chun teicneolaíochtaí nua a scaipeadh agus a bheith á nglacadh ag gach gnólacht, go háirithe gnólachtaí a bhfuil acmhainn íseal ionsúiteach acu.

In 2020, leanadh den obair maidir le dhá phríomhchúis spreagtha na Straitéise:

- '*Future Manufacturing Ireland*' (FMI) a bhunú – tríd an meicníocht comhordaithe seo, cinnteofar comhleanúnachas agus barr feabhais maidir le bearta Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht (RD&I) a chur ar fáil ar fud ionaid taighde móra arna maoiniú go poiblí. Trí FMI, cinnteofar ailíniú gníomhaíochtaí uasta ar fud ionaid Taighde agus Forbartha agus seachnófar dúbláil agus scoilteadh iarrachta nach bhfuil gá leis d'fhonn cur chuige comhordaithe a chur ar fáil ina mbaintear amach riachtanais thionscal monaraíochta na hÉireann.
- Fóram do Pháirtithe Leasmhara Thionscal 4.0 a bhunú chun cur i bhfeidhm na straitéise a mhaoirsiú agus chun comhairle agus treoir a chur ar fáil agus eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais amach anseo. Áireofar le comhaltaí an Fhóraim ionadaithe ón slabhra luacha monaraíochta, saineolaithe Thionscal 4.0, Institiúidí Ardoideachais, comhlachtaí tionscail, comhlachtaí stáit ábhartha agus Bainisteoir Tionscail FMI.

## TREOIR AGUS STRAITÉIS MAIDIR LE CIANOBAIR

- I ndiaidh thorthaí na tuarascála *Cianobair in Éirinn* i mí na Nollag 2019, dhírigh an Roinn ar threoir a chur ar fáil d'fhostóirí agus d'fhostaithe maidir le Cianobair. Cuireadh Grúpa Idir-Rannach (IDG) maidir le Cianobair le chéile chun treoir a chur ar fáil maidir le Cianobair.

- I mí Iúil 2020, sheol an Roinn leathanach gréasáin '*Treoir maidir le Cianobair*'. Sa leathanach gréasáin seo, tugadh faisnéis, treoir agus reachtaíocht le chéile a bhí ábhartha do chianobair ó ar fud Ranna agus Gníomhaireachtaí an Rialtais. Sa mhí

chéanna, seoladh comhairliúchán poiblí agus ina dhiaidh sin, rinneadh an leathanach gréasáin a nuashonrú chun déileáil leis an aiseolas a fuarthas agus chun seicliosta d'fhostóirí a chur san áireamh. Sa seicliosta, cuirtear bealach sciobtha ar fáil d'fhostóirí chun dul trí na socruithe atá ann maidir le tabhairt faoi chianobair i leagan amach do ghnólachtaí atá éasca a úsáid.

- I mí Mheán Fómhair, chuir an Roinn tús le Straitéis Náisiúnta Cianoibre a fhorbairt faoi stiúir an IDG maidir le Cianobair. Foilsíodh an Straitéis i dtús mhí Eanáir 2021 agus is é an fhís atá inti cianobair a bheith ina gné bhuan den ionad oibre in Éirinn ar bhealach ina mbaintear an leas is mó agus is féidir as na tairbhí geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil. Áirítear leis 15 gníomh atá le tabhairt fúthu d'fhonn cianobair a chur chun cinn in Éirinn.

## CISTE NUÁLAÍOCHTA UM THEICNEOLAÍOCHTAÍ BUNATHRAITHEACHA

Le linn 2020, lean tionscadail an Chiste um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) d'uaillmhianta atá leagtha amach i *Future Jobs Ireland 2019* a bhaint amach. Tá 74 FBM ag glacadh páirt in RD&I tríd an gCiste, ag comhoibriú le cuideachtaí ilnáisiúnta agus institiúidí taighde maidir le tionscadail taighde tionsclaíocha ar scála mór. Tá na tionscadail seo ar thús cadhnaíochta san athrú teicneolaíochta i réimsí ar nós géinteiripí, intleacht shaorga agus carbón a laghdú. Tríd an obair seo, ní hamháin go dtabharfar cuidiú i ndáil le táirgiúlacht a mhéadú ar fud na gcuideachtaí seo ach cuideofar freisin le tallann nua a mhealladh chuig na hearnálacha sin in Éirinn. Féach tuilleadh faoin DTIF faoi Sprioc 3.

## SCILEANNA A CHUR AR FÁIL DO GHEILLEAGAR I MBUN FÁIS

Soláthraíonn an Roinn an rúnaíocht don Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) agus rinneadh na tuarascálacha seo a leanas a thosú agus a fhoilsiú in 2019 agus 2020.

### Forbairt a Dhéanamh ar Scileanna Amach Anseo: An tÉileamh ar Scileanna in Earnáil na Timpeallachta Tógtha in Éirinn go dtí 2030

Díríodh sa staidéar ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ar fud Earnáil na Timpeallachta Tógtha ina Éirinn i.e. gníomhaíochtaí a bhaineann le Tógáil, Innealtóireacht, Ailtireacht agus Fóntais. I gcomhthéacs na straitéisí náisiúnta ar nós *Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine, Tionscadal Éireann 2040,* agus na gnéithe maidir leis an timpeallacht thógtha sa *Plean Gnímh don Aeráid,* cuireadh an staidéar i gcrích in R2 agus cheadaigh an Chomhairle Náisiúnta Scileanna é sular foilsíodh é i ndeireadh mhí Mheán Fómhair 2020.

### Cumas bainistíochta agus cleachtais bhainisteoirí FBM na hÉireann

Chuir Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath staidéar i gcrích maidir le cumas agus cleachtas bainistíochta in Éireann don EGFSN agus le cúnamh ón gCoimisiún Eorpach idir mí Dheireadh Fómhair 2019 agus mí an Mheithimh 2020. Foilsíodh an tuarascáil maidir leis an tionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2020. Bunaíodh grúpa forfheidhmithe i ndiaidh fhoilsiú na tuarascála agus tiocfaidh sé le chéile ar feadh tréimhse tosaigh dhá bhliain le súil fad a chur leis go téarma cúig bliana. Áireofar le comhaltaí an ghrúpa forfheidhmithe comhaltaí ón

Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, ISME, SFA, *Chambers Ireland*, Fiontraíocht Éireann, LEOnna, Solas agus an tÚdarás um Ardoideachas.

### Together for Design – staidéar nua maidir le scileanna deartha

In 2019, chuir EGFSN tús le staidéar nua maidir le scileanna deartha, *Together for Design*. Cuspóir na tuarascála seo is ea forbairt a dhéanamh ar bhunchlocha a cuireadh ar fáil trí *Winning by Design* ó EGFSN in 2017 chun tuiscint a fháil ar an éileamh ag fiontair ar scileanna deartha digiteacha, táirgí agus straitéiseacha agus chun soláthar na gcúrsaí oideachais chun tabhairt faoi na tacair scileanna sin a thomhas. Aithnítear moltaí sa tuarascáil chun cuidiú leis an soláthar scileanna sa réimse seo a chur chun cinn. Forbraíodh *Together for Design* in R2 den bhliain 2020. Tá moltaí na tuarascála á gcur ar aghaidh ag grúpa forfheidhmithe faoi láthair.

### Scileanna i leith Geilleagair Ísealcharbóin a Chumasú go 2030

I ndeireadh na bliana 2020, chuir EGFSN tús le staidéar freisin maidir le *Scileanna i leith Geilleagair Ísealcharbóin a Chumasú go 2030*. Sa staidéar seo, féachfar leis an éileamh atá ar scileanna agus ar na cineálacha scileanna a theastaíonn chun príomhghnéithe Phlean Gnímh na hÉireann don Aeráid a bhaint amach chun Dul i nGleic le Cliseadh Aeráide i gcaitheamh na mblianta i dtreo 2030. Beidh rannpháirteachas cuimsitheach i gceist sa staidéar le fiontair ar fud na hearnála ísealcharbóin agus is grúpa stiúrtha a thabharfaidh treoir don staidéar ina gcuimseofar príomhpháirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha. Tá sé beartaithe é a chur i gcrích i mí na Bealtaine 2021. Foilseofar é i ndiaidh don Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus don Chomhairle Náisiúnta um Scileanna araon é a cheadú.

## AN COIMISIÚN UM PÁ ÍSEAL

I ndiaidh feidhmeanna a aistriú ón Roinn Coimirce Sóisialaí, ghlac an Roinn freagracht as an gCoimisiún um Pá Íseal a bhfuil sé mar phríomhfheidhm leis iniúchadh a dhéanamh agus moltaí a thabhairt don Tánaiste maidir leis an leibhéal cuí don íosphá náisiúnta agus nithe gaolmhara. Mar chuid den chlár oibre seo, tá an Roinn ag déanamh ionadaíocht ar Éirinn sna hidirbheartaíochtaí maidir leis an nDréacht-Treoir AE maidir le Pá Íosta Leordhóthanach, a bhfuiltear ag súil é a thabhairt chun deiridh in 2021. Áirítear le clár oibre reatha an Choimisiúin um Pá Íseal dhá phíosa mór taighde maidir leis an aistriú chuig Pá Maireachtála agus maidir leis an leagan amach do chlár píolótach maidir le Bunioncam Uilíoch.

## IOMAÍOCHAS AGUS TÁIRGIÚLACHT

Is é an Roinn a thugann faoi thaighde, anailís agus an ról rúnaíochta don Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta (NCPC). I gcomhréir leis an moladh ón gComhairle Eorpach maidir le Boird Náisiúnta Táirgiúlachta a bheith á gcur ar bun ag tíortha limistéar an euro, thug an Rialtas sainordú don Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais i mí an Mhárta 2018 mar an comhlacht ar a bhfuil freagracht as anailís a dhéanamh ar fhorbairtí agus beartais i réimse na táirgiúlachta agus iomaíochais in Éirinn. Tá sé seo mar bhonn agus mar thaca ag an gcinneadh an Chomhairle a athainmniú mar an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais agus Táirgiúlachta i mí na Samhna 2020.

Tuairiscíonn an Chomhairle don Taoiseach agus don Rialtas tríd an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta maidir le saincheisteanna iomaíochais bharrthábhachtacha atá roimh gheilleagar na hÉireann agus cuirtear moltaí ar fáil maidir le gníomhartha beartais atá ag teastáil d'fhonn riocht iomaíoch na hÉireann a fheabhsú.

Ardtosaíocht ag an Roinn is ea cinnte a dhéanamh de go ndéantar príomh-shaincheisteanna iomaíochais fiontraíochta a aithint agus a chur in ord tosaíochta i leith gníomhú ar fud chóras an rialtais. Faoi láthair, tá Éire rangaithe sa 12ú háit de réir thuarascáil 2020 um Rangú Iomaíochais Dhomhanda ón Institiúid um Bainistíocht a Fhorbairt.

D'fhoilsigh NCPC na tuarascálacha seo a leanas le linn na bliana 2020:

- Scórchárta Iomaíochais na hÉireann 2020
- Dúshlán Iomaíochais na hÉireann 2020
- Feasacháin Iomaíochais 2020

## BONNEAGAR GEILLEAGRACH

Le linn 2020, ghníomhaigh an Roinn ar fud an Rialtais maidir le saincheisteanna agus tosaíochtaí barrthábhachtacha atá ag úsáideoirí gnó ar fud réimsí bonneagair agus ag baint leas as anailís a cuireadh i gcrích ina ndírítear ar iomaíochas thimpeallacht ghnó na hÉireann.

Ghníomhaigh an Roinn le hUisce Éireann agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas maidir le seirbhísí uisce a chur ar fáil d'úsáideoirí tráchtála, oibríodh le lucht déanta beartais ábhartha sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide maidir le himpleachtaí iomaíochais den bhonneagar fuinnimh ar réimsí beartais ar nós Scéim Tacaíochta um Fhuinneamh In-athnuaite a fhorbairt, scéim micrighiniúna agus creat beartais a fhorbairt maidir le mórúsáideoirí fuinnimh a spreagadh Comhaontuithe Corparáideacha um Cheannach Cumhachta a roghnú.

Is é an tArd-Rúnaí ar Bhord Seachadta Thionscadal Éireann a dhéanann ionadaíocht ar an Roinn. Oibríonn an Roinn i ndlúthchomhar le hOifig Náisiúnta Infheistíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ar fud Ranna ábhartha eile d'fhonn ionchur a chur ar fáil maidir leis na riachtanais bhonneagair atá ag fiontair, chun timpeallacht ghnó iomaíocht agus tarraingteach a choinneáil mar chuid dár n-uaillmhianta náisiúnta maidir leis an daonra, 'comhfhorbairt áite' agus fostaíocht.

I gcomhthráth, ghníomhaigh an Roinn ar bhonn leanúnach ar fud na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha chun tacú le bearta beartais chun infhaighteacht agus caighdeán an bhonneagair gheilleagraigh a fheabhsú agus iomaíochas ár dtimpeallachta gnó a choinneáil.

## GNÍOMHAÍOCHT MHEASÚNAITHE

Chuir an Roinn líon measúnuithe i gcrích in 2020, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar chaiteachas caipitil na Roinne i gcaitheamh na tréimhse ó 2006 go 2018. Tríd an ngníomh seo, scrúdaíodh caiteachas na Roinne ar fud líon réimsí, lena n-áirítear téama, gníomhaireacht, ionstraim beartais agus tairbhí. Cuireadh roinnt léargais tosaigh ar fáil sa pháipéar maidir le beartais a ailíniú agus táthar á n-iniúchadh tuilleadh. Rinneadh luathmheastóireacht ar an gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha freisin trí bhíthin an phróisis Athbhreithnithe Caiteachais. Léiríodh sa pháipéar go bhfuiltear

ag oibriú i dtreo chuspóirí luaite an chláir agus rinneadh líon moltaí maidir le monatóireacht leantach. Cuireadh athbhreithniú ar chlár Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann i gcrích a fhoilseofar sa bhliain 2021.

## CÁNACHAS

Bhí rannpháirteachas leanúnach ag an Roinn ar fud an Rialtais maidir leis na scéimeanna fóirdheontais pá a cruthaíodh mar fhreagra ar an bpaindéim COVID-19 a baineadh amach trí na Coimisinéirí Ioncaim. Chuidigh rannpháirteachas na Roinne leis na scéimeanna a mhúnlú lena chinntiú go mbainfí amach riachtanais fiontar agus go gcuideofaí le fostaíocht an oiread agus ab fhéidir.

Chuaigh an Roinn i mbun plé forleathan le grúpaí ionadaíochta fiontar agus oibríodh i ndlúthchomhar le Gníomhaireachtaí forbartha na Roinne chun Aighneacht Réamhbhuiséid comhghníomhaireachta a fhorbairt. Príomhchuspóir na haighneachta ab ea cinnte a dhéanamh de go gcuideodh Buiséad 2021 le fiontraíocht i gcónaí agus go gcuirfí tuairimí agus riachtanais fiontar san áireamh.

## GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Gné lárnach de bheartais fiontraíochta agus nuálaíochta na Roinne agus de chláir agus gníomhaíochtaí ár nGníomhaireachtaí is ea Gníomhú ar son na hAeráide. Aithníonn an Roinn go bhfuil róil thábhachtacha ag fiontair maidir le teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí a fhorbairt agus a ghlacadh trína ndéantar éifeachtúlacht a mhéadú, dramhaíl a laghdú agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach de réir mar a dhéanann tíortha ar fud an domhain an t-aistriú i dtreo geilleagracha ísealcharbóin.

I gColún 5 de *Future Jobs Ireland 2019*, aithnítear an tábhacht a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, cuirtear leis an bPlean Gnímh Uile-Rialtais don Aeráid agus leagtar amach trí uaillmhian agus gníomh maidir le haistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin:

1. a bheith chun cinn maidir le caighdeáin a ghlacadh agus a fhorbairt sa gheilleagar ísealcharbóin;
2. na deiseanna atá ann maidir le gníomhaíocht gheilleagracha agus cruthú fostaíochta a fhíorú; agus
3. leas a bhaint as acmhainní nádúrtha, láidreachtaí fiontraíochta agus acmhainn nuálaíochta na hÉireann d'fhonn a bheith mar cheannasaí domhanda sa gheilleagar ciorclach agus domhanda.

I gceithre cinn de na tionscadail a maoiníodh faoi Ghlao 1 agus faoi Ghlao 2 den Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha, tugtar faoin téama maidir le Fuinneamh, Gníomhú ar son na hAeráide & Inbhuanaitheacht. Áirítear leis na tionscadail seo córas trádála fuinnimh comhoibríoch; ardchóras tacaíochta um chinnteoireacht chomhshaoil chun dul i gleic le saincheisteanna ar nós truailliú cósta agus tuile; caidéal teasa saor ó astaíochtaí agus saor ó chuisneáin agus fuinneamh inbhuanaithe bith-in-athnuaite ó dhíleáiteoir anaeróbach dramhuisce don earnáil bia agus dí. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha ar fáil faoi Sprioc 3.

Ghlac an Roinn páirt ghníomhach i *Plean Gnímh don Aeráid 2019* an Rialtais, a phróisis rialachais agus rinneadh monatóireacht ar dhul chun cinn agus cuireadh ionchur ar fáil maidir leis an Straitéis Fadtéarmach ar fud an gheilleagair a fhorbairt ina leagtar amach sprioc neodrachta na hÉireann do 2050. Tugadh gealltanas i leith gníomhartha aeráide na Roinne agus trasghníomhaireachta don tréimhse eatramhach go dtí *Plean Gnímh don Aeráid 2019* ón Rialtas a fhorbairt, agus cuireadh tús le hobair ar ionchuir ón Roinn don *Plean Gnímh don Aeráid 2021.*

Ghlac an Roinn páirt i gcainteanna leis an gCoimisiún Eorpach maidir le gnéithe fiontraíochta cháis thagartha an Choimisiúin a bheidh mar bhunús do sprioc chomhroinnte díchill na hÉireann i ndiaidh méadú in uaillmhian an AE gáis ceaptha teasa a laghdú 55% faoin mbliain 2030.

## TAIGHDE AGUS FOILSEACHÁIN

### Aeráid

Rinneadh taighde ar theicneolaíochtaí a d'fhéadfaí a ghlacadh i bhfo-earnálacha ar leith den earnáil mhonaraíochta chun astaíochtaí a laghdú agus i gcomhthéacs spriocanna earnála a fhorbairt, rinneadh anailís chun laghdú $CO_2$ a mheas dá ndéanfaí infheistíocht sna teicneolaíochtaí seo le linn na tréimhse i dtreo 2030. Cuireadh gníomhartha na Roinne ón *Plean Gnímh don Aeráid 2019* maidir leo sin a bhaineann leis na hearnálacha bia/deochanna agus stroighne agus cuireadh ionchur ar fáil do na tuarascálacha ar dhul chun cinn a fhoilsítear go ráithiúil maidir leis an bPlean Gnímh don Aeráid maidir le gníomhartha lena n-áirítear gníomhartha ar thug GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann fúthu. I gcaitheamh na bliana, chuir an Roinn anailís agus ionchur beartais ar fáil maidir le ceisteanna a bhaineann le beartas um ghníomhú i leith na haeráide agus rinneadh cinnte de go gcuirfí tionchair iomaíochta ar roghanna beartais san áireamh.

### Fócas ar Earnálacha 2020

Foilsíodh Fócas ar Earnálacha 2020 i mí Lúnasa agus is sraith tuarascálacha earnála atá i gceist ina gcuirtear forléargais achomair i láthair maidir le 16 earnáil bharrthábhachtach den gheilleagar, ina gcuimsítear gníomhaíochtaí onnmhairithe agus gníomhaíochtaí trádála áitiúla araon. Cé go mbaineann roinnt de na hearnálacha le sainchúram na Roinne seo agus a Gníomhaireachtaí, tá freagracht níos leithne maidir le forbairt na hearnála ar réimse ranna rialtais. Sna tuarascálacha, baintear leas as taighde reatha na Roinne agus as athbhreithniú a rinneadh ar anailís náisiúnta agus idirnáisiúnta ar tugadh fúithi mar gheall ar an bpaindéim. Áirítear leo ionchuir ó réimse ranna rialtais, Gníomhaireachtaí fiontraíochta agus eagraíochtaí ionadaíochta tionscail agus leagtar amach iontu roinnt comharthaí tosaigh maidir le tionchar COVID-19 ar na hearnálacha sin.

Is iad na hearnálacha a chlúdaítear sna tuarascálacha ná: Aeraspás & Eitlíocht; Agraibhia & Deochanna; Bithchógaisíocht Cheimiceach; Tógáil; Fuinneamh; Inbhuanaitheacht & Acmhainní Nádúrtha; Táirgí a nDearnadh Innealtóireacht orthu & Fo-Sholáthar; Seirbhísí Gnó Domhanda & Closamhairc; Seachfhoinsiú Próisis Ghnó; Seirbhísí Oideachais Idirnáisiúnta; Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta & Teicneolaíocht an Airgeadais; Cúrsaí Mara & Muirí; Teicneolaíochtaí Leighis; Miondíol; Teicneolaíocht; Turasóireacht & Fáilteachas; agus Iompar & Lóistíocht.

## BEARTAS UM GHEILLEAGAR DIGITEACH AN AE

I gcomhréir le sprioc na Roinne timpeallacht iomaíoch a spreagadh a fhorbairt chun borradh a chur faoi infheistíocht, táirgiúlacht a fheabhsú agus poist a chruthú agus a chothú, leanadh den obair ar an gclár oibre um athrú digiteach a bhaint amach ar feadh na bliana 2020. Lean an Roinn de cheannaireacht a thabhairt do ghníomhaíocht uile-Rialtais agus do chlár oibre an Mhargaidh Dhigitigh Aonair (DSM) a chomhordú ar fud an Rialtais ag an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE.

Chuir Éire feabhas lena feidhmíocht sa Tuarascáil don Innéacs maidir le Geilleagar agus Sochaí Dhigiteach (DESI) an AE don bhliain 2020 i gcomparáid le 2019, agus í rangaithe sa 6ú háit anois. Rinne Éire feabhsuithe leanúnacha sna ranguithe seo le cúig bliana anuas agus tá sí ar an mBallstát is sciobtha fáis anois.


Ceann de na príomhéachtaí anuraidh ab ea gur chuir an Roinn an tArdán um Ghnó a Rialáil ar fáil a síníodh ina dlí i mí Iúil 2020 trí I.R. Uimh. 256/2020 – Rialacháin 2020 ón Aontas Eorpach (Cothroime agus Trédhearcacht a Chur Chun Cinn d’Úsáideoirí Gnó a Bhaineann Úsáid as Seirbhísí Idirghabhála ar Líne).

Is éard is aidhm leis seo timpeallacht ghnó a chruthú do ghnólachtaí atá cothrom, trédhearcach agus intuartha nuair a úsáidtear ardáin ar líne chun trádáil a dhéanamh. Bhí éifeacht dhíreach ag an Rialachán i mBallstáit AE ón 12 Iúil 2020 agus shínigh an Tánaiste é ina dhlí trí bhíthin I.R. Uimh. 256/2020 – Rialacháin 2020 ón Aontas Eorpach (Cothroime agus Trédhearcacht a Chur Chun Cinn d’Úsáideoirí Gnó a Bhaineann Úsáid as Seirbhísí Idirghabhála ar Líne). Ainmníodh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ina chomhlacht forfheidhmithe don Rialachán in Éirinn agus is é an Coimisiún a dhéanfaidh aon neamhchomhlíonadh struchtúrtha le forálacha na Rialachán a iniúchadh agus dul i ngleic leo.

D’ullmhaigh an Roinn aighneacht náisiúnta do chomhairliúchán poiblí an AE maidir le pacáiste an Achta um Sheirbhísí Digiteacha, agus do phacáiste comhcheangailte amháin, i mí Mheán Fómhair 2020 a bhí bunaithe ar chomhoibriú fhairsing tras-Rialtais idir ranna ábhartha agus ar chomhairliúchán náisiúnta níos leithne le páirtithe leasmhara.

I mí an Mheithimh 2020, d’ullmhaigh an Roinn aighneacht náisiúnta cuimsitheach do Chomhairliúchán Poiblí an AE maidir le Páipéar Bán an AE um Intleacht Shaorga a bhí bunaithe ar chomhairliúchán fairsing tras-Rialtais.

Tá sé ina tosaíocht ag Éirinn an Margadh Digiteach Aonair a thabhairt chun críche agus oibríonn an Roinn leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa agus le Ballstáit i gcónaí chun torthaí a bhaint amach atá ar son trádála, ar son fiontraíochta agus ar son nuálaíochta. Ceapadh moltaí do DSM 2.0 agus is iad na príomhréimsí a ndíreofar orthu mar chuid den gheilleagar digiteach a fhorbairt amach anseo ná: An tAcht um Ardáin agus na Seirbhísí Digiteacha; Intleacht Shaorga; agus Úsáid níos fearr a bhaint as sonraí.




Nascacht

Caipiteal Daonna
Úsáid Seirbhísí Idirlín
Teicneolaíocht Dhigiteach a Chomhtháth
**Seirbhísí Poiblí Digiteacha**

*Ireland now ranked 6th in the DESI Rankings (Source: European Commission DESI Report 2020)*

## STRAITÉIS NÁISIÚNTA UM INTLEACHT SHAORGA

Cuireadh tús le hobair ar Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga a fhorbairt atá le seoladh i lár 2021. Leagfar amach fís sa Straitéis ina mbeidh Éire ina ceannasaí idirnáisiúnta maidir le intleacht shaorga a úsáid chun tairbhe a dhéanamh don daonra, trí chur chuige i ndáil le intleacht shaorga a fhorbairt, a ghlacadh agus a úsáid atá bunaithe ar dhaoine agus eiticiúil.

## PLEAN NÁISIÚNTA UM FHREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

Bunaíodh an Fóram Geallsealbhóirí um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach in 2014 d'fhonn cur i bhfeidhm an chéad Phlean Náisiúnta a spreagadh agus rinneadh é a athnuachan don dara plean náisiúnta.

Tá an Fóram Geallsealbhóirí um CSR ina chomhlacht dheonach faoi stiúir gnó ina bhfuil ionadaithe ó ghnólachtaí, ón tsochaí shibhialta agus ón Rialtas. Príomhchuspóir an Fhóraim is ea feasacht a ardú ar CSP agus gníomhaíocht CSR a mhéadú i ngnólachtaí in Éirinn trí oibriú i gcomhar le gnólachtaí, a tsochaí shibhialta agus an Rialtas chun gníomhartha an Phlean Náisiúnta a bhaint amach, *Towards Responsible Business, Ireland's second National Plan on Corporate Social Responsibility 2017-2020*.

Ar roinnt de na príomhéachtaí a baineadh amach san Fhóram Geallsealbhóirí CSR, áiríodh;

- CSRhub - CSR Hub a fhorbairt mar acmhainn náisiúnta tiomnaithe i leith CSR le cuidiú ó láithreacht ghníomhach ar na meáin shóisialta chun aird a dhíriú ar dhea-chleachtas CSR;
- príomhimeacht Bliantúil Bricfeasta CEO/Ceannairí CSR a bhunú;
- piarfhoghlaim CSR a chur chun cinn i measc gnólachtaí trí imeachtaí for-rochtana FBM;
- 'Líonra Earnála Poiblí um CSR' tiomnaithe a bhunú – líonra piarfhoghlama d'eagraíochtaí earnála poiblí d'fhonn a straitéisí CSR a fhorbairt;

- an líonra fíorúil CSR ar líne a bhunú – do chleachtóirí CSR agus d'eagraíochtaí a bhfuil spéis acu a straitéisí CSR a fhorbairt;
- méadú i líon na gCás-Staidéar ar cuireadh síos orthu ar an láithreán gréasáin CSRhub.ie. Tá cás-staidéir ina ngné lárnach d'obair an Fhóraim toisc go gcuirtear acmhainn oideachais láidir ar fáil do ghnólachtaí agus eagraíochtaí de gach méid. Tá cás-staidéir ar fáil le híoslódáil ó CSRhub - CSR Hub agus tá siad inrochtana ag cách;
- painéal d'ambasadóirí gníomhacha CSR a mhéadú laistigh den phobal gnó; agus
- aird a dhíriú ar dheiseanna atá ar fáil don earnáil phríobháideach agus phoiblí oibriú i gcomhpháirtíocht i ndáil le tionscnaimh éifeachtacha atá ag teacht leis an mbeartas poiblí.

Lean an Roinn ag dul i mbun plé leis an bhFóram Geallsealbhóirí CSR i gcaitheamh na bliana 2020 agus cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin maidir le leagan nua den Phlean Náisiúnta CSR. Mar sin féin, mar gheall ar thús áite a thabhairt do COVID-19 agus an Breatimeacht cuireadh an tionscnamh siar in 2020.

## SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

Sa '*Plean Náisiúnta Cur Chun Feidhme maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2018-2020"* ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, cuirtear cur chuige uile-Rialtais ar fáil maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) a chur i bhfeidhm (SDG) [6].

Tá ról ceannasach ag an Roinn mar aon le freagracht geallsealbhóra maidir le líon spriocanna a chur i bhfeidhm faoin bplean faoi Sprioc 8 (Poist mhaithe agus fás geilleagrach), Sprioc 9 (Nuálaíocht agus Bonneagar) mar aon le Sprioc 12 ón Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (tomhaltas agus táirgeacht inbhuanaithe).

Lean an Roinn d'obair a chur chun cinn do spriocanna faoi na SDGanna in 2020 trína beartais a chur i bhfeidhm lena n-áirítear *Future Jobs 2019* agus *Enterprise 2025 Renewed*, ina leagtar amach uaillmhian maidir le hÉirinn a bheith sa riocht is fearr chun go n-éireodh léi fostaíocht inbhuanaithe agus caighdeáin bheatha níos airde do chách a chur ar fáil trí bhíthin gnó. Gníomh ar leith. Gníomh ar leith maidir leis an ngné seo in 2020 ab ea an comhairliúchán maidir le cianobair trína ndearnadh eolas don Straitéis Náisiúnta um Chianobair.

Chomh maith leis sin, lean an Roinn de bhainistíocht ceimiceán atá fónta ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn trí chathaoirleacht a dhéanamh ar ghrúpa stiúrtha idir-rannach agus idirghníomhaireachta maidir le Ceimiceáin d'fhonn freagraí beartais náisiúnta a chomhordú maidir le saincheisteanna a bhaineann le ceimiceáin.

---

[6] In 2015, ghlac 193 Ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe, Éire ina measc, leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Faoi na 17 sprioc, clúdaítear na ceanglais shóisialta, gheilleagracha agus chomhshaoil i leith todhchaí inbhuanaithe.

# Sprioc 3: CEANNASAÍOCHT A THABHAIRT AR CHUR CHUIGE UILE-RIALTAIS ÉIRE A CHUR CHUN CINN MAR CHEANNRÓDAÍ DOMHANDA, CÓRAS IOMAÍOCH IDIRNÁISIÚNTA TAIGHDE AGUS FORBARTHA A SPREAGADH, BONN FIONTRAÍOCHTA NUÁLACH A CHRUTHÚ AGUS SOCHAÍ NÍOS FEARR A THÓGÁIL.

## NUÁLAÍOCHT 2020

Leagtar amach i Nuálaíocht 2020, straitéis náisiúnta na hÉireann le haghaidh taighde agus forbartha, eolaíochta agus teicneolaíochta, fís maidir le hÉirinn a bheith mar cheannródaí nuálaíochta domhanda.

De réir Scórchlár Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh (EIS) 2019, tá Éire sa 10ú háit san Aontas Eorpach agus sa 15ú háit ar an Innéacs Nuálaíochta Domhanda 2020. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí in 2020 bhí:

- Tús a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin chun an chéad straitéis náisiúnta taighde agus nuálaíochta eile a fhorbairt;
- Comhordaitheoir Náisiúnta Taighde Oscailte a cheapadh, arna chómhaoiniú ag an Roinn seo agus ag an Roinn Oideachais;
- Taighdeoir a cheapadh, faoi Chomhaltacht Taighde Seirbhíse Poiblí Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann, chun na Roinne chun córas caighdeánaithe aicmithe taighde a fhorbairt;
- Rath leanúnach i Horizon 2020 - Leanann taighdeoirí agus nuálaithe Éireannacha ag feidhmiú go maith agus bhuadar €1.09bn i maoiniú iomaíoch faoi dheireadh mhí na Nollag 2020;
- I mí Meithimh 2020, bronnadh maoiniú €31m ar ocht ngnólacht nuathionscanta agus FBManna faoin gClár Luasaire Horizon 2020;
- Seoladh Ionad Inniúlachta Náisiúnta EuroHPC na hÉireann. Tá sé á óstáil ag Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil agus tabharfaidh sé rochtain oiliúna agus bonneagair i ríomhaireacht ardfheidhmíochta do thaighdeoirí agus do FBManna Éireannacha;
- Cuirfidh Meaisín Foghlama Quantum a fuarthas in 2020 ar chumas ICHEC gníomhaíochtaí T&F a dhéanamh sa réimse atá ag teacht chun cinn sa Ríomhaireacht Chandamach;
- Rinneadh leithdháileadh €9m tríd an gClár Trealamh Caipitil - rochtain a sholáthar do FBManna/don tionscal ar threalamh agus ar bhonneagar criticiúil ceannródaíoch trí Ionaid Teicneolaíochta agus Tairsí Teicneolaíochta; agus
- Seoladh an chéad tráinse Mapaí Nuálaíochta chun Treochlár Nuálaíochta a fhorbairt do gach ceann dá gcliaint atá ag teacht lena gcumas agus lena n-uaillmhian.

## CISTE NUÁLAÍOCHTA UM THEICHNEOLAÍOCHTAÍ BUNATHRAITHEACHA

Is ciste €500m é an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (DTIF) atá dírithe ar fhiontar, bunaithe ar dhúshlán, agus a spreagann comhoibriú idir agus i measc FBManna, cuideachtaí ilnáisiúnta agus institiúidí taighde na hÉireann. Is é aidhm an chiste an earnáil fiontar a spreagadh chun dul i mbun taighde tionscail a fhorbairt, a imscaradh agus a thráchtálú. Fógraíodh an ciste in 2018 mar cheann de cheithre chiste an Phlean Forbartha Náisiúnta faoi Thionscadal Éireann 2040 agus déanann an Roinn é a bhainistiú i gcomhairle le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile. Riarann Fiontraíocht Éireann an DTIF thar ceann na Roinne.

Tá an Ciste ag cuidiú le seachadadh Colún 1 de chreat an Rialtais, Tionscnamh Poist sa Todhchaí - *Glacadh go Fonnmhar le Nuálaíocht agus Athrú Teicneolaíochta* - trí mhaoiniú a chur ar fáil i gcomhair forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí nuálacha bunathraitheacha ar bhonn tráchtála. Ailíníonn sé freisin leis an uaillmhian Éire a bheith ina Ceannaire Nuálaíochta Domhanda trí infheistíocht phoiblí agus phríobháideach a mhéadú in RD&I mar gheall ar a riachtanas maidir le cómhaoiniú 50% ó ghnólachtaí atá ag cur isteach ar chistí DTIF.


Fógraíodh an tríú Glao den Chiste i Meán Fómhair 2020 agus fuarthas 62 iarratas faoin dáta deiridh, an 17 Nollaig 2020. Déanann Fiontraíocht Éireann seiceáil orthu i gcomhair incháilitheachta agus ansin déanann painéil saineolaithe idirnáisiúnta meastóireacht orthu agus fógraíodh na tionscadail a d'éirigh leo i R1 2021.

In 2020 rinne Seirbhís Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann Athbhreithniú Caiteachais ar an gCiste, agus tá achoimre ar na príomhthorthaí thíos:

- Tá réasúnaíocht láidir ann maidir le clár atá maoinithe go poiblí a dhéanann infheistíochtaí suntasacha i dteicneolaíochtaí bunathraitheacha. Laghdaíonn an maoiniú a chuirtear ar fáil trí DTIF an riosca do ghnólachtaí rannpháirteacha agus ar an gcaoi sin cuidíonn sé na teicneolaíochtaí seo a thabhairt ar aghaidh. Má éiríonn leo, tugann na nuálaíochtaí a d'eascair as DTIF bealach do chuideachtaí Éireannacha dul san iomaíocht i margaí domhanda (agus cur isteach orthu b'fhéidir). Mhéadódh sé seo an fhostaíocht sna hearnálacha sin agus chuirfeadh sé onnmhairí agus aschur na hÉireann chun cinn.
- Is clár nua ar leith é DTIF i measc bearta eile RD&I maidir le fiontar. Déanann an teaglaim de scála an mhaoinithe atá ar fáil do thionscadail, an fócas ar chomhoibriú agus tráchtálú, i dteannta lena mhaoiniú ar nuálaíocht suaiteach an ciste a dheighilt ó bhearta RD&I eile atá ar fáil in Éirinn.
- Is cosúil go bhfuil an DTIF ailínithe go maith le roinnt tionscnamh idirnáisiúnta, lena n-áirítear sa Ghearmáin agus san AE, a aithníonn tábhacht chomhpháirtíochtaí FBManna don nuálaíocht.
- Tá an clár ag obair i dtreo a chuspóirí luaite a bhaint amach. Tá nuálaíochtaí suntasacha á maoiniú aige a d'fhéadfadh margaí domhanda a ghabháil.

- Tá na nuálaíochtaí atá á maoiniú ag DTIF ardriosca, ard-toraidh - tá sé i gceist le maoiniú poiblí, a chinntiú go dtabharfar na teicneolaíochtaí seo ar aghaidh.
- Trí phróifíl riosca na nuálaíochtaí a ísliú, tá an ciste ag spreagadh comhinfheistíochta príobháidí chomh maith le maoiniú DTIF.
- De réir a chuspóirí, díríodh ar chomhoibriú agus ag tógáil ar thaighde a maoiníodh go poiblí roimhe seo.
- Fuair sé rannpháirtíocht láidir ó FBManna i cuibhreannais tionscadail.
- Chinntigh scála na dtionscadal a maoiníodh agus an fócas ar chomhoibriú go bhfuil an DTIF difriúil go leor ó bhearta RD&I eile, agus ar an gcaoi sin tá breisíocht á chinntiú.

*Cuimsíonn na 43 tionscadal rathúla faoi Ghlaonna 1 agus 2 159 comhpháirtí ó na hearnálacha fiontar agus taighde atá lonnaithe in áiteanna ar fud na tíre mar atá léirithe ar an léarscáil seo.*




Suímh na 159 comhpháirtí tionscadail ar leithdháileadh maoiniú orthu faoi Ghlaonna 1 agus 2 de Chiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha

## FONDÚIREACHT EOLAÍOCHTA ÉIREANN

I rith 2020, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann uirthi ag glacadh ról tábhachtach maidir le tacú le fís an Rialtais i ndáil le hÉirinn a bheith ina Ceannródaí Nuálaíochta Domhanda, mar a ndéantar breac-chuntas air i straitéis na hÉireann um thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht – Nuálaíocht 2020 – mar aon le roinnt gníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta um Poist agus straitéisí náisiúnta eile a chur i bhfeidhm. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2021, d'aistrigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann chuig sainchúram na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

### I measc na bpríomhréimsí dul chun cinn in 2020:

- Tá ról suntasach fós ag Taighde agus Nuálaíocht, sa tsláinte, sa saol acadúil agus sa tionscal, i bhfreagairt náisiúnta agus domhanda ar COVID-19.
- Ba príomhghné de phlean an Fondúireacht Eolaíochta Éireann an clár Maoinithe Méarfhreagartha COVID-19 um Thaighde agus Nuálaíocht.
- Thug taighdeoirí ar fud an chórais, le cúnamh ón Fondúireacht Eolaíochta Éireann, faoi raon leathan gníomhaíochtaí chun cabhrú agus déileáil leis na dúshláin a bhí le sárú agus an tír ag freagairt don phaindéim. Ina measc bhí saineolas lárnach taighde, deonacháin trealaimh, soláthairtí riachtanacha, foireann le haghaidh tástála, samhaltú, priontáil 3D , srl. Chabhraigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le FSS freisin trí rochtain ar shaineolas ó IAOanna a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt aip náisiúnta COVID-19 FSS.
- Lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag soláthar infheistíochtaí suntasacha lena n-áirítear: cúnamh a thabhairt d'Ionaid um Oiliúint Taighde agus Ionaid d'Oiliúint Dochtúireachta na scileanna a theastaíonn do thodhchaí an gheilleagair a sheachadadh; cúnamh do líonra na nIonad Taighde Fondúireacht Eolaíochta Éireann is mó le rá, dámhachtainí nua chun cabhrú le taighdeoirí neamhspleácha den scoth taighde fionnachtana a dhéanamh; samhlacha maoinithe dinimiciúla a thabhairt isteach atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin náisiúnta agus dhomhanda; agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha chun cabhrú le tionscadail taighde ar scála i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo.
- Rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann óstáil i gcomhpháirt ar Fhóram Tacaíochta agus Faisnéise Chomhairle Náisiúnta Taighde na hEorpa le Fiontraíocht Éireann agus le Comhairle Taighde na hÉireann.

### Buaicphointí Clár agus Dámhachtain

Tacaíodh le roinnt Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha suntasacha Fondúireacht Eolaíochta Éireann:

- Tugadh cúnamh le infheistíocht €4.8m i gcomhpháirtíocht taighde a dhéanann imscrúdú ar imdhíoneolaíocht COVID-19.
- Rinne Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Microsoft cómhaoiniú ar thionscadal athraithe aeráide €5m darb ainm Terrain-AI, faoi stiúir taighdeoirí in Ollscoil Mhá Nuad.

- Bronnadh dámhachtain ar an Institiúid Náisiúnta um Bhiteicneolaíocht Cheallach (NICB) ag DCU, chun cabhrú le ACORN, faoi stiúir an Ollaimh John Crown agus an Dr Denis Collins a bhfuil sé mar aidhm aici scileanna taighde ailse a chur chun cinn in DCU agus torthaí nua a thabhairt chuig trialacha cliniciúla a rachaidh chun leasa othair ailse in Éirinn agus ar fud an domhain.
- Ceadaíodh na chéad dámhachtainí faoin gclár nua Fondúireacht Eolaíochta Éireann Frontiers for the Future, a chuidíonn le hinfheistíocht thábhachtach i dtaighde ardriosca, ar luaíocht ard, ag cabhrú le taighde fionnachtana aonair ó thaighdeoirí luathghairme go ceannairí seanbhunaithe. Cuirtear tionscnamh inscne tábhachtach i bhfeidhm freisin mar chuid den chlár.
- Mar chuid de phlean foriomlán an Rialtais chun maoiniú bunaithe ar dhúshláin a chothú in Éirinn, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann le rolladh amach Dúshláin nua le Duais Nuálaí Todhchaí Fondúireacht Eolaíochta Éireann, le fócas ar shaincheisteanna lárnacha mar Intleacht Shaorga ar leas na Sochaí, Astuithe nialasacha, Plaistigh agus Bia.
- Ceadaíodh dhá dhámhachtain déag faoi Chomhaltacht Seirbhíse Poiblí Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Tacaíonn siad seo le taighdeoirí atá ag obair ar fud ranna Rialtais, i Leabharlann agus Seirbhísí Taighde Thithe an Oireachtais, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, srl. Ag cabhrú le beartas a threorú agus seirbhísí a fheabhsú.
- Fostaíodh an tOllamh Jens Walter ag UCC, chun clár taighde €3.7m a threorú ag Ionad Taighde Fondúireacht Eolaíochta Éireann Microbiome Ireland APC, trí Chlár Ollamh Taighde Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus fiosróidh sé an tionchar a bhíonn ag stíl mhaireachtála nua-aimseartha ar mhicribhithóm na putóige agus an ghaol le méadú ar ghalair ainsealacha.
- Lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag cabhrú leis an líonra de 16 Ionad Taighde Fondúireacht Eolaíochta Éireann, a bhí i gcroílár an athraithe chlaochlaithe sa chaoi a gcuidímid le taighde ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais - le hiarracht taighde den scoth a dhéanamh a mbeidh tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch aige. Bhí na 16 Ionad Taighde Fondúireacht Eolaíochta Éireann mar chuid de rath na hÉireann maidir le maoiniú Horizon 2020 an AE a tharraingt anuas.

## Gairmeacha, Tacaíocht Oideachais, Foghlaim Neamhfhoirmiúil

- Reáchtáladh Seachtain Eolaíochta 2020 ón 8-15 Samhain 2020 agus rinneadh comóradh 25 bliain in 2020, ag bogadh go féile fíorúil, leis an téama *Ár dTodhchaí a Roghnú*, a bhí dírithe ar an gcaoi ar féidir leis an eolaíocht ár saol a fheabhsú don lá inniu agus sa todhchaí. Eagraíodh 13 Féile de chuid Sheachtain na hEolaíochta, a fuair tacaíocht ón gClár Discover Fondúireacht Eolaíochta Éireann, a bhí ar siúl beagnach ar fud na tíre i gCorcaigh, Cabhán/Muineachán, i Sligeach, i nGaillimh, i Luimneach, i dTiobraid Árann, i Maigh Eo, i Loch Garman, i gCill Chainnigh, i gCiarraí, san oirdheisceart agus i lár na tíre.
- Fuair 331 bunscoil ar fud na tíre Gradam Fondúireacht Eolaíochta Éireann Discover Primary Science and Maths. Tá sé mar aidhm ag an gclár spéis san eolaíocht,

teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic a mhéadú i measc daltaí bunscoile agus múinteoirí. Aithnítear leis na gradaim éachtaí leanaí agus múinteoirí i gcur i bhfeidhm eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic ina gcuraclam.

## FIONTRAÍOCHT ÉIREANN, INFHEISTÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NUÁLAÍOCHTA

Cuireann Fiontraíocht Éireann tacaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta ar fáil do chuideachtaí chun teicneolaíochtaí agus próisis nua a fhorbairt a chruthóidh poist agus a mhéadóidh onnmhairí. Faoi dheireadh 2020 bhí níos mó ná €1bn de mhaoiniú tarraingthe anuas ag Éirinn faoi chlár Horizon 2020 an AE (2014-2020). I mí Meithimh bronnadh maoiniú €31m ar ocht ngnólacht nuathionscanta agus FBM faoin gClár Luasaire Horizon 2020.

### Acmhainn reatha Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta Ionchuideachta a threisiú

In 2020, cheadaigh Fhiontraíocht Éireann 194 faomhadh Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta arbh fhiú os cionn €50,000 iad do chliaintchuideachtaí. Chuir Fhiontraíocht Éireann sraith seimineár gréasáin i bhfeidhm a raibh sé mar aidhm acu feasacht a mhéadú ar mhaoiniú Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta agus bearta comhoibrithe. Ina theannta sin, sheol siad an chéad tráinse de Phlean Nuálaíochta de réir a Straitéise chun Plean Nuálaíochta a fhorbairt do gach ceann dá gcliaint atá ag teacht lena gcumas agus lena n-uaillmhian.

### Scéim Táirgí COVID-19

Mar thoradh ar ráig COVID-19 tá géarghá ar fud an AE agus ar fud an domhain le taighde agus forbairt táirgí agus réitigh leighis agus sláinte poiblí. Forbraíodh Scéim Táirgí COVID-19 tar éis leasú a dhéanamh ar Chreat Cúnaimh Stáit Sealadach an AE, chun cúnamh deontais a sholáthar do chliaint Fiontraíocht Éireann agus Údarás na Gaeltachta. Feidhmíonn GFT Éireann scéim den chineál céanna dá gcliaint.

Tá trí bheart sa scéim seo:

- Beart 1: Gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ábhartha COVID-19 ag cuideachtaí in éineacht le Maoin Intleachtúil úsáideach a chruthú.
- Beart 2: Bonneagair tástála agus uasghrádaithe a thógáil agus a uasghrádú a úsáidtear chun táirgí ábhartha COVID-19 a fhorbairt.
- Beart 3: Táirgeadh méadaithe earraí a theastaíonn chun freagairt don ráig COVID-19. Ba cheart na haschuir seo a bhaint amach chomh tapa agus is féidir.

### Dlús a chur faoi chomhoibriú méadaithe idir an tionscal agus lucht acadúil

I rith 2020, fuair 936 thionscadal comhoibríoch idir cuideachtaí agus Institiúidí Ardoideachais Éireannacha tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann. Áirítear san fhigiúr sin 477 Dearbhán Nuálaíochta beag €5k a fuasclaíodh, 405 faoi Thionscal Tairsí Teicneolaíochta a mhaoiníonn an tionscal agus a chuirtear i gcrích in Institiúidí Teicneolaíochta ar fud na hÉireann agus 54 Comhpháirtíocht Nuálaíochta ceadaithe. Tugann na tionscadail seo

deiseanna tráchtála nua do chuideachtaí, spáráiltear airgead agus méadaíonn siad ar chumas nuálaíochta.

### Clár na nIonad Teicneolaíochta

Le linn 2020, chuaigh 1,228 cuideachta i dteagmháil le líonra Ionaid Teicneolaíochta Fiontraíocht Éireann/GFT Éireann. Cé go bhfuil sé seo níos mó ná dhá oiread an líon in 2019, áirítear leis seo cuideachtaí a bhí ag obair leis na hionaid nua trína sraith bliana de sheimineáir ghréasáin.

Fuarthas amach le hanailís eacnamaíoch neamhspleách go mbainfidh Ionaid Teicneolaíochta Fiontraíocht Éireann/GFT Éireann amach méadú faoi 6 suas go 20 ar infheistíocht an Stáit. Ina theannta sin, bunaithe ar anailís ar Shonraí Athbhreithnithe Gnó Bliantúla Fiontraíocht Éireann, tá Láimhdeachas níos airde, Díolacháin Easpórtála, Díolacháin Intíre, Fostaithe Lánaimseartha agus Caiteachas Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta níos airde ag cliaint in Ionaid Teicneolaíochta, i gcomparáid le cliaint a fheidhmíonn Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht nach bhfuil in Ionaid Teicneolaíochta.

Chun scála oibríochtaí Ionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann/GFT Éireann a mhéadú, fógraíodh infheistíochtaí cúig bliana breise in 2020 d'Ionad Ciorcaid Micrileictreonaic Éireann (€ 10m) agus Ionad Teicneolaíochta Próiseála Déiríochta (€14m).

### Clár na dTairsí Teicneolaíochta

Cuireann Clár na dTairsí Teicneolaíochta 2018-2022 maoiniú ar fáil do 15 Thairseach atá ag feidhmiú ar fud na 11 Institiúid Teicneolaíochta. Tá an líonra Tairsí déanta suas de thrí Bhraisle Earnálacha de Thairsí, is iad sin: Braisle IoT (Internet of Things), Braisle EMD Ireland (Innealtóireacht, Ábhair agus Dearadh) agus Braisle Teicneolaíochta Bhia na hÉireann.

Caitheadh €9m in 2020 chun an *Clár Trealamh Caipitil* a leathnú - is é sin rochtain a sholáthar do FBManna/don tionscal ar threalamh agus ar bhonneagar criticiúil ceannródaíoch trí Ionaid Teicneolaíochta agus Tairsí Teicneolaíochta, ag cur leis an €6m a caitheadh in 2019. Cuideoidh rochtain ar an trealamh nua le cuideachtaí in Éirinn a bheith nuálach agus oiriúnú agus fanacht iomaíoch ar leibhéal náisiúnta agus domhanda.

### Gnóthaí Nuathionscanta Ardacmhainne

Cruthaíodh 12 Ghnó Nuathionscanta Ardacmhainne nua de bharr torthaí taighde ón gcóras Ardoideachais in 2020.

## AISTRIÚ EOLAIS ÉIREANN (KTI)

Cuidíonn Aistriú Eolais Éireann (KTI) le gnólachtaí leas a bhaint as rochtain ar shaineolas agus teicneolaíocht Éireannach, tríd an bpróiseas nascadh agus teagmháil a dhéanamh leis an mbonn taighde seo in Éirinn a shimpliú.

In 2020, chuir KTI tús lena shraith seimineáir ghréasáin *'Aistriú Eolais a Dhíghlasáil'* a cuireadh ar fáil gach mí agus é mar aidhm feasacht ar aistriú eolais a ardú agus féachaint go mion ar an gcaoi a rachaidh sé chun leasa na fiontraíochta. Chlúdaigh na seimineáir ghréasáin saincheisteanna mar: Leas a bhaint as Luach Do IP; Rochtain a fháil ar Thaighde, Fhorbairt agus Nuálaíocht den scoth trí Thairsí Teicneolaíochta na hÉireann; agus Saineolas

Faisnéise Saorga a Ghiaráil. Tá gach ceann de sheimineáir ghréasáin KTI roimhe seo ar fáil ar a suíomh idirlín www.knowledgetransferireland.com.

## Ceadúnas Saor ó Ríchíos Neamh-eisiach COVID-19

In 2020 d'fhógair KTI go gcruthófaí Ceadúnas tiomnaithe COVID-19 Saor ó Ríchíosa Neamh-eisiach (NERF). D'oibrigh KTI leis na hOifigí um Aistriú Teicneolaíochta in earnáil ardoideachais na hÉireann ar fud na tíre chun comhaontú simplí dhá leathanach a tháirgeadh atá dírithe ar scaipeadh maoine intleachtúla criticiúla COVID-19 ó ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta na hÉireann a bhrostú chuig cuideachtaí.

Is é an Ceadúnas NERF an toradh ar mhian ó IAOanna ar fud na tíre cuidiú le cuardach agus forbairt teicneolaíochtaí nua chun cabhrú le paindéim COVID-19 a thabhairt chun críche. Faoi ghnáththosca, déantar IP a cheadúnú trí phróiseas caibidlíochta idir an dá pháirtí faoina ndéantar ríchíosanna agus eisiachais úsáide a shonrú agus a chomhaontú go soiléir. Soláthraíonn an COVID-19 NERF IP ceannródaíoch saor in aisce d'eagraíochtaí atá i mbun gníomhaíochtaí taighde criticiúla agus forbartha chun críocha tionchar an víris a dhiagnóisiú, a chosc, a choinneáil, a chóireáil agus/nó a íoslaghdú.

Fanfaidh an Ceadúnas COVID-19 NERF i bhfeidhm go dtí go ndearbhaíonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go bhfuil deireadh leis an bpaindéim reatha COVID-19.

Mar fhreagra ar COVID-19, in 2020 áiríodh sna *Dámhachtainí Tionchair KTI* dámhachtain don *'Dámhachtain Freagartha COVID-19'* gníomhaíochtaí nuálacha sna hInstitiúidí Ardoideachais a aithint a d'eascair as na dúshláin éagsúla a chruthaigh an phaindéim agus a d'éiligh scileanna na hOifige um Aistriú Teicneolaíochta chun cabhrú le seachadadh.

### MOL NUÁLAÍOCHTA SLÁINTE ÉIREANN

Is comhthionscnamh é Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte. Is é aidhm an tionscnaimh comhoibriú idir an tseirbhís sláinte agus an earnáil fiontraíochta a chur chun cinn agus go ndéanfaí forbairt agus tráchtálú ar theicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua cúraim sláinte.

I mí Feabhra 2020, ghin glao HIHI ar tháirgí a bhaineann le COVID-19 197 aighneacht thar 11 sheachtain, agus cruthaíodh go raibh go leor acu ina réitigh luachmhara a cuireadh isteach i FSS nó go díreach chuig saoráidí cúram sláinte agus tithe altranais.

I mí Iúil fógraíodh torthaí ghlao náisiúnta bliantúil HIHI ar nuálaíochtaí a thugann aghaidh ar aon riachtanas cúram sláinte agus glao dírithe ar Thacú le Féinbhainistiú Galar Ainsealach (cardashoithíoch, riospráide agus diaibéiteas). I measc na 48 iarratasóir, roghnaíodh 23 chun a dtáirge a chur i láthair agus roghnaíodh 15 le haghaidh staidéir phíolótacha agus bhailíochtaithe.

### CREAT UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AN AE - FÍS 2020

Lean Éire den fheidhmíocht iontach a bhí aici in Fís 2020, Creat um Thaighde agus Nuálaíocht an Aontais Eorpaigh. Bhuaigh taighdeoirí agus nuálaithe atá lonnaithe in Éirinn €1.09bn de mhaoiniú iomaíoch don chlár ón Aontas Eorpach, go dtí deireadh 2020. B'ionann meánscolaíocht nó ardoideachas agus €614.4m den mhaoiniú iomlán. Bhuaigh cuideachtaí príobháideacha do bhrabús (seachas oideachas) €383.4m agus chuaigh

€266.4m den mhéid sin chuig FBManna. Stiúrann Fiontraíocht Éireann líonra tacaíochta Fís 2020 na hÉireann.

Cuireadh idirbheartaíocht maidir le rialáil agus buiséad an 9ú Creat um Thaighde agus Nuálaíocht Fhís Eorpach i gcrích i mí na Nollag 2020. Is é an buiséad comhaontaithe deiridh don Fhís Eorpach ná €95.5bn le borradh €5bn ó Next Generation EU. Meastar go seolfar na chéad ghlaonna don Fhís Eorpach in Aibreán 2021.

## EAGRAÍOCHTAÍ TAIGHDE IDIRNÁISIÚNTA

Lean an Roinn ar aghaidh ag neartú rannpháirtíocht na hÉireann i gcomhoibrithe taighde idirnáisiúnta agus in 2020 ghlac an chéad mhac léinn Éireannach páirt i gClár Staidéir Chomhairle Taighde na hÉireann um an Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas. Is í an Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas an eagraíocht réalteolaíochta idir-rialtais is tábhachtaí san Eoraip agus an réadlann réalteolaíochta is táirgiúla ar domhan.

In 2020, sheol Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil a chláir Suaitheanta Acadúla agus Luasaire FBManna, tar éis a bheith ainmnithe mar Ionad Inniúlachta náisiúnta na hÉireann de Chomh-ghnóthas na Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaí (EuroHPC).

Is réimse forbartha teicneolaíochta é an Ríomhaireacht Quantum atá ag teacht chun cinn go tapa agus a bhfuil spéis shuntasach ag an Roinn ann. Éascóidh éadáil Ardán Foghlama Chandamach in 2020, arna óstáil ag Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil, forbairt feidhmchlár, taighde agus nuálaíocht, oiliúint agus oideachas i réimse na Ríomhaireachta Chandamach, ag cur le geilleagar cliste na hÉireann.

Glacfaidh Éire páirt freisin i gCumann Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte (EOSC), a bunaíodh go foirmiúil go déanach i 2020. Is é aidhm EOSC timpeallacht fhíorúil iontaofa a sholáthar do thaighdeoirí chun sonraí a stóráil, a bhainistiú, anailís a dhéanamh orthu agus a athúsáid chun críocha taighde, nuálaíochta agus oideachais. Cuideoidh sé seo ceannasaíocht domhanda a thabhairt don AE i mbainistíocht sonraí taighde. Éascóidh sé eolaíocht agus nuálaíocht oscailte freisin trí thairiscint a thabhairt do gach taighdeoir Eorpach rochtain a fháil agus athúsáid a dhéanamh ar na sonraí taighde ar fad san Eoraip atá maoinithe go poiblí san Eoraip thar dhisciplíní agus theorainneacha.

## COMHPHÁIRTÍOCHT TAIGHDE AGUS FORBARTHA SAM - NA HÉIREANN

Is comhghuaillíocht trí dhlínse í an Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM - Na hÉireann a seoladh go hoifigiúil in 2006. Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht tionscadail taighde nuálacha comhoibríocha a chur chun cinn a chruthaíonn luach thar iarrachtaí aonair. Tháinig an grúpa stiúrtha Comhpháirtíochta le chéile an 10 Márta 2020 i Roinn Stáit na SA i Washington DC agus trí nasc físe ó oifigí Idir-Thrádáil Éireann san Iúr.

Ó tharla an chruinniú bliantúil í mí Márta 2020, ceadaíodh seacht dtionscadal breise, ceann sa Nanaitheicneolaíocht, trí cinn i Lár go Lár, péire sa réimse Sláinte agus ceann eile faoin réimse tosaíochta Fuinnimh agus inbhuanaitheachta. Tá 65 tionscadal san iomlán ceadaithe go dtí seo, arbh fhiú $126m/£89m/€106m iad. Seo a leanas líon na dtionscadal a mhaoinítear faoi gach réimse tosaíochta: 16 Nanaitheicneolaíocht, 14 Sláinte, 11 Fuinneamh & Inbhuanaitheacht, naoi Braiteoir, seacht Lár go Lár, cúig Talmhaíocht, agus trí Teileachumarsáid. Leanann an phunann ag feidhmiú go maith le hiarratais na nInstitiúidí

Sláinte Náisiúnta ag baint amach ráta rathúlachta de 17.1%, iarratais ón Institiúid Náisiúnta Bia agus Talmhaíochta 18.5% agus iarratais ón bhFondúireacht Eolaíochta Náisiúnta ag taispeáint ráta rathúlachta an-mhaith de 32.2%.

Ag an gcruinniú i mí Márta, dúradh go n-úsáidtear an tsamhail comhpháirtíochta T&F SAM-Éireann anois mar mhúnla le haghaidh comhoibrithe le tíortha eile. Cheadaigh na ranna go léir na téarmaí tagartha nuashonraithe agus shínigh comhpháirtithe leasú ar an Meabhrán Tuisceana chun an réimse tosaíochta cibearshlándála nua a chur san áireamh i mí na Nollag 2019. Tá an Roinn Geilleagair i dTuaisceart Éireann i mbun athbhreithnithe faoi láthair a bhreithneoidh, i measc nithe eile, an bealach is fearr chun tionchar an taighde agus an chomhpháirtíocht níos leithne idir SAM agus Éire a thomhas. Beidh sé seo ina phríomhghné den chomhpháirtíocht - an bealach is fearr chun tionchair chainníochtúla agus cháilíochtúla a thomhas a chuirfidh luach leis an gcomhpháirtíocht i dtéarmaí ardú céime agus rannpháirtíocht phoiblí níos leithne. Tá USDA i gceannas ar athbhreithniú trípháirteach ar an gclár bpíolótach talmhaíochta ar cheart a bheith críochnaithe in 2021.

Cuireadh tús leis an obair ar an dara cás-staidéar físe ar Chomhpháirtíocht T&F SAM-Éireann. Maidir leis an réimse tosaíochta is nua, Cibearslándáil, tharla an chéad seimineár gréasáin chomhoibritheach trasatlantach an 2 Nollaig 2020. Ba é seo an chéad seimineár gréasáin den tsraith cruinnithe chun an téama nua Cibearshlándála a chur chun cinn agus chun foirmiú comhoibrithe nua a éascú.

## FORBAIRTÍ AR BHEARTAS SPÁIS AN AONTAIS EORPAIGH

I mí na Nollag 2020, tháinig an Chomhairle Eorpach agus Parlaimint na hEorpa ar chomhaontú maidir leis an rialachán lena mbunaítear clár spáis an AE do 2021-2027, ag réiteach an bhealaigh chun tús a chur leis an obair don chlár spáis €13.2bn in 2021.

Fuair 20 cuideachta conarthaí ón nGníomhaireacht Eorpach Spáis (ESA) suas go deireadh R3 2020. Ba chonraitheoirí ESA den chéad uair sé cinn de na cuideachtaí seo a léirigh dul chun cinn thionscal na hÉireann san earnáil seo atá i mbéal forbartha. Ba é luach iomlán na gconarthaí tionscail de chuid an ESA in Éirinn suas go deireadh R3 2020 ná €5.15m. Fuair pobal taighde na hÉireann €1.25m eile i gconarthaí, rud a thug luach iomlán na gconarthaí ESA in Éirinn in 2020 suas go Q3 go €6.4m. Ina theannta sin, ceadaíodh cúig ghnólacht nuathionscanta do Ghorlann Ghnó ESA na hÉireann (BICanna) in 2020. Oibríonn BIC an ESA le fiontraithe chun smaointe gnó a bhaineann le spás a athrú ina gcuideachtaí nua-thionscanta tráchtála. In 2020, rinne Éire infheistíocht €19.8m ina ballraíocht san ESA.

## INSTITIÚID NÁISIÚNTA TYNDALL

Is í Institiúid Náisiúnta Tyndall an t-ionad taighde is mó in Éirinn le speisialtóireacht i gcruaearraí agus córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Fuair Tyndall €9m san iomlán ón Roinn in 2020.

I mí Eanáir 2020, sheol Tyndall plean straitéiseach nua *Tyndall 2025* ag leagan amach a n-uaillmhian an Institiúid a mhéadú go suntasach, ag méadú an spáis fhisiciúil faoi dhó chomh maith lena gcumas taighde. Féachann *Tyndall 2025* lena chinntiú go bhfanfaidh Tyndall ar thús cadhnaíochta i dteicneolaíochtaí nua agus go dtógfaidh sé ar a mhúnla rathúil rannpháirtíochta tionscail agus go gcuirfidh sé ar a chumas freagairt do dheiseanna teicneolaíochta atá bainteach le TFC atá ag teacht chun cinn i dtimpeallacht iomaíoch atá ag

athrú go tapa. Bhog an fhreagracht as Tyndall go dtí an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta i dteannta le taighde eile faoi stiúir acadúil le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

## MAOIN INTLEACHTÚIL

Sheol Coimisiún an AE a Threochlár Plean Gníomhaíochta um Maoin Intleachtúil (IP) in 2020. Forbraíodh é seo thart ar chúig philéar;

1. An córas cosanta IP a nuashonrú lena n-áirítear meastóireacht ar an reachtaíocht maidir le dearaí tionsclaíocha agus cosaint IP a dhéanamh níos éifeachtaí sa chóras deimhnithe forlíontacha cosanta;
2. Úsáid straitéiseach IP ag gnólachtaí a chur chun cinn, agus go háirithe an córas IP a dhéanamh níos éifeachtaí do FBManna;
3. Luachshocrú agus ceadúnú IP a éascú;
4. Sárú IP a laghdú trí éifeachtacht na dtionscnamh a fheabhsú chun dul i ngleic le góchumadh agus le píoráideacht; agus
5. Cothrom na Féinne domhanda a fheabhsú.

## CÓIPCHEART

### Tuarascáil Iar-achtaithe maidir leis an tAcht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla, 2019 (Uimh. 19 de 2019)

Shínigh an tUachtarán an tAcht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla, 2019 (‘Acht 2019’) ina dhlí an 26 Meitheamh 2019. De réir Bhuanordú 164A na Dála (a glacadh in 2016), dhá mhí dhéag tar éis Bille a achtú, ceanglaítear ar an Rialtas nó ar an Aire Stáit atá freagrach as Acht a chur i bhfeidhm tuarascáil a thabhairt ar aird ar fheidhmiú an Achta agus an tuairisc a thabhairt do Leabharlann Parlaiminte Thithe an Oireachtais.

D'ullmhaigh an Roinn tuarascáil iar-achtaithe d'Acht 2019 agus leagadh í i Leabharlann Parlaiminte Thithe an Oireachtais an 18 Meitheamh 2020.

### Deimhniú na Scéime um Cheadúnú Cóipchirt maidir le hábhar faoi chosaint cóipchirt in úsáid ag institiúidí oideachais

I mí Iúil 2020, dheimhnigh an Tánaiste ceithre scéim nua ceadúnaithe cóipchirt do na hearnálacha Bunscoile, Iar-bhunscoile, Ardoideachais agus Breisoideachais atá infheidhmithe don bhliain acadúil 2020/21 ar aghaidh. Faoi na scéimeanna nua, arna bhfeidhmiú ag Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann, ceadaítear do scoileanna agus institiúidí oideachais eile úsáid a bhaint as saothair atá faoi chosaint cóipchirt (lena n-áirítear saothair chlóite agus dhigiteacha) chun críocha oideachais.

### Leasuithe ar Rialacha na Cúirte Dúiche maidir le Maoin Intleachtúil chun rochtain ar éilimh ar mhaoin intleachtúil chuig na cúirteanna sin a éascú

Bhí leasuithe ar an reachtaíocht san Acht 2019 a rialaíonn an Chúirt Chuarda agus an Chúirt Dúiche, lena ndéantar foráil maidir le rochtain níos éasca agus ar chostas níos ísle ar chóras na gcúirteanna d’éilimh ar shárú Maoine Intleachtúla. In 2020, mar thoradh díreach ar na

forálacha seo, rinne an Seirbhís Chúirteanna/an Roinn Dlí agus Cirt, le cúnamh na Roinne seo, maoirseacht ar shíniú Rialacha 2020 na Cúirte Dúiche (Maoin Intleachtúil) 2020 (IR Uimh. 284 de 2020) ina ndearnadh éascú ar leathnú na n-éileamh sáraithe ar mhaoin intleachtúil chun na cúirte sin. Leis seo laghdaítear an costas a bhaineann le héilimh ar shárú maoine intleachtúla i gcásanna ina mbíonn dámhachtainí airgeadaíochta a lorgaítear faoi dhlínse na Cúirte Dúiche.

### Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cóipcheart agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus Treoracha 96/9/CE agus 2001/29/CE a leasú

Rinneadh idirbheartaíocht agus comhaontú ar Threoir an AE maidir le Cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach faoin straitéis um Margadh Aonair Digiteach idir Meán Fómhair 2016 agus Bealtaine 2019. Is í aidhm na Treorach reachtaíocht nua-aimseartha cóipchirt a chruthú chun freagairt do riachtanais shaoránaigh uile na hEorpa i sochaí atá ag éirí níos dhigitigh. Leis an Treoir seo is féidir rochtain a fháil agus úsáid níos leithne a bhaint as saothair faoi chosaint cóipchirt atá chun leasa na n-earnálacha cruthaitheacha, na bhfoilsitheoirí preasa, taighdeoirí, oideoirí, institiúidí oidhreachta cultúrtha, agus saoránaigh. Cuireann sé creat ar fáil chun reachtaíocht nua-aimseartha cóipchirt na hEorpa a chruthú chun forbairtí teicneolaíochta san aois dhigiteach a chur san áireamh agus leanúint ar aghaidh ag cinntiú go dtugtar luach saothair do chruthaitheoirí as a gcuid iarrachtaí cruthaitheacha.

Tar éis fhoilsiú na Treorach, rinne an Roinn sraith comhairliúcháin phoiblí ag lorg tuairimí na bpáirtithe leasmhara uile maidir le trasuí na Treorach i ndlí na hÉireann. Leanadh den obair ar an trasuí le linn 2020 agus rinne an Roinn anailís mhionsonraithe ar an líon mór aighneachtaí a fuarthas maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin. Tá sé beartaithe ag an Roinn an Treoir a thrasuí faoin spriocdháta, an 7 Meitheamh 2021.

## REACHTAÍOCHT THÁNAISTEACH A CUIREADH I BHFEIDHM I RÉIMSE NA MAOINE INTLEACHTÚLA

1. I.R. Uimh. 275 de 2020, An tOrdú Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Scéim Ceadúnúcháin le haghaidh Bunscoileanna a Dheimhniú) (Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann Teoranta), 2020. Foilsíodh é san 'Iris Oifigiúil' ar an 4 Lúnasa 2020.
2. I.R. Uimh. 276 de 2020, An tOrdú Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Scéim Ceadúnúcháin le haghaidh IarBhunscoileanna a Dheimhniú) (Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann Teoranta), 2020 Foilsíodh é san 'Iris Oifigiúil' ar an 4 Lúnasa 2020.
3. I.R. Uimh. 277 de 2020, An tOrdú Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Scéim Ceadúnúcháin le haghaidh Institiúidí Ardoideachais a Dheimhniú) (Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann Teoranta), 2020 Foilsíodh é san 'Iris Oifigiúil' ar an 4 Lúnasa 2020.
4. I.R. Uimh. 278 de 2020, An tOrdú Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Scéim Ceadúnúcháin le haghaidh Soláthraithe Breisoideachais) (Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann Teoranta), 2020. Foilsíodh é san 'Iris Oifigiúil' ar an 4 Lúnasa 2020.

Foráiltear leis na hOrduithe thuas, arna ndeimhniú ag an Tánaiste de bhun alt 173 den Acht Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara 2000, scéimeanna nua ceadúnaithe cóipchirt do na

hearnálacha Bunscoile, Iar-bhunscoile, Ardoideachais agus Breisoideachais. Éilíodh na scéimeanna nua ceadúnaithe mar thoradh ar na forálacha atá in alt 15 den tAcht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla, 2019. Cuireann na scéimeanna ceadúnaithe ar chumas institiúidí oideachais úsáid a bhaint as saothair atá faoi chosaint cóipchirt chun críocha oideachais. Is í Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann Teoranta a oibríonn na scéimeanna ceadúnaithe agus tá siad infheidhmithe don bhliain acadúil 2020/21 ar aghaidh.

## CAIGHDEÁNÚ

Mar gheall ar shrianta COVID-19 ar fud an domhain, aistríodh cruinnithe Caighdeán chuig ardáin ar líne, a raibh tionchar dearfach acu cruinnithe a dhéanamh inrochtana do Chomhaltaí Coiste nach mbeadh an t-am nó na hacmhainní acu freastal ar chruinnithe idirnáisiúnta.

- **Intleacht Shaorga** - Ceapadh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann chun Príomhfhoireann Rialtas na hÉireann ar chaighdeáin intleacht shaorga a threorú. Bunaíodh an fhoireann chun deiseanna a bhaineann le hathruithe teicneolaíochta agus an t-aistriú go geilleagar ísealcharbóin a bhaint amach. Is cuid den Straitéis náisiúnta foriomlán intleacht shaorga é a bhfuil sé mar aidhm aici a chinntiú go mbaineann ár n-ionaid taighde, ár ngnólachtaí agus an earnáil phoiblí leas as teicneolaíochtaí intleacht shaorga chun leibhéil táirgiúlachta agus folláine níos airde a chinntiú.

- **Gradam Eorpach um Nuálaíochta agus Caighdeáin** - Ghnóthaigh ball de choiste blocshlabhra an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an Gradam Eorpach um Nuálaíocht agus Caighdeáin ag Gradaim Nuálaíochta agus Caighdeáin 2020 CEN agus CENELEC, bronnadh an gradam ar Fiona Delaney, ball den Choiste Teicniúil agus bunaitheoir Origin Chain Networks as a cuid ionchur i dtaobh Caighdeáin blocshlabhra Eorpacha agus idirnáisiúnta. Chuir Ms Delaney feidhmchlár uathúil agraibhia de blocshlabhra ar a dtugtar Comhlíonadh Uilíoch Feirme faoi bhráid an Choiste um Chaighdeáin 'Blocshlabhra agus teicneolaíochtaí mórleabhair dáilte'. Cuirfidh an cás ar chumas blocshlabhra a úsáid go cruthaitheach ar fud an domhain agus cuireann sé líonraí slabhra Origin, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus Éire ar an léarscáil don Nuálaíocht.

- **Ag Cur le Caighdeáin** - D'aithin Innealtóirí Éireann go foirmiúil an tábhacht agus an tairbhe a bhaineann le bheith rannpháirteach i bhforbairt caighdeán le linn 2020 trí Rannpháirtíocht an Choiste um Chaighdeáin a aithint chun críocha Forbartha Gairmiúla Leanúnaí.

# Sprioc 4: TACAÍOCHTAÍ CAIDRIMH DHEARFAIGH SAN ÁIT OIBRE, SÁSRAÍ RÉITIGH DÍOSPÓIDÍ A FHEIDHMÍONN GO MAITH, FORFHEIDHMIÚ FÓNTA NA GCEART FOSTAÍOCHTA AGUS TIMPEALLACHT OIBRE SHÁBHÁILTE A CHUR AR FÁIL

Anuas ar thacaíochtaí san áit oibre, a áiríonn áiteanna oibre sábháilte agus sláintiúla, réiteach díospóidí agus forfheidhmiú ceart, tá an Roinn freagrach freisin as an mBeartas Imirce Geilleagraí agus as réimeas na gCeadanna Fostaíochta a bhainistiú.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, i ndiaidh feidhmeanna a aistriú ón Roinn Coimirce Sóisialaí, aistríodh freagracht as beartas um cearta fostaíochta agus iomarcaíocht agus dócmhainneacht chuig an Roinn seo, in éineacht le roinnt freagrachtaí eile. Is é príomh-ról an dá réimse beartais sin a chinntiú go bhfanfaidh sraith reachtaíochta an Stáit maidir le cearta fostaíochta agus iomarcaíocht agus dócmhainneacht oiriúnach don fheidhm agus go ndéanfar í a nuashonrú chun forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta a léiriú, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, na Cúirte Breithiúnais agus na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, agus chun comhairle a chur ar an Aire agus freastal ar an gcóras polaitiúil maidir le nithe a bhaineann leis na réimsí sin. Léireofar obair na n-aonad sin i dTuarascáil Bhliantúil 2021.

## PÁ BREOITEACHTA REACHTÚIL

Gheall an Tánaiste scéim um pá breoiteachta reachtúil a thabhairt isteach le go mbeidh Éire ar aon dul le tíortha saibhre OECD eile. Tá dul chun cinn maith déanta ar an obair sin cheana féin. Rinneadh comhairliúchán poiblí iomlán ina leith i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2020, agus fuarthas 118 aighneacht ó raon leathan páirtithe leasmhara. Tá sé i gceist ag an Tánaiste dréacht-reachtaíocht faoin scéim a thabhairt isteach in 2021 le súil agus an scéim a chur i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana.

## AN CEART CHUN DÍCHEANGAL A DHÉANAMH

Toisc go bhfuil an timpeallacht oibre digití ag éirí níos coitianta agus i gcomhthéacs ghealltanas an Rialtais, d'iarr an Tánaiste ar an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) smaoineamh ar Chód Cleachtais a fhorbairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe maidir leis an gCeart chun Dícheangal a Dhéanamh. Rinneadh an Tánaiste an t-iarratas sin ar an WRC i gcomhréir le forálacha alt 20 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015. Is é cuspóir an Chóid sin treoraíocht phraiticiúil agus dea-chleachtas a chur ar fáil d'fhostóirí, d'fhostaithe agus dá gcuid ionadaithe i ndáil leis an gCeart chun Dícheangal a Dhéanamh. Is treoirlínte i scríbhinn iad Cóid Chleachtais, a chomhaontaítear i bpróiseas comhairleach, ina leagtar amach treoraíocht agus dea-chleachtas d'fhostóirí agus d'fhostaithe maidir le reachtaíocht fostaíochta a chomhlíonadh. Leis an gCód, déantar cearta agus oibleagáidí fostóirí agus fostaithe faoin Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997, faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, faoin Acht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2018 agus faoin Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994 – 2014, a chomhlánú agus tacú leo. Cé nach cion as féin é gan Cód a ullmhaítear faoi alt 20(1)(a) den um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 a leanúint, déantar foráil in alt 20(9), i gcás imeachtaí ar bith os comhair Cúirte, na Cúirte Oibreachais nó an WRC, gur fhianaise inghlactha a bheidh i gCód Cleachtas agus go ndéanfar aon fhoráil den Chód a mheasfaidh an chúirt, an comhlacht nó an t-oifigeach i

gceist gur ábhartha í maidir le haon cheist a d'eascródh sna himeachtaí, a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoin gceist sin. Tugadh an Cód Cleachtais chun críche sa chéad ráithe de 2021.

## AN PRÓTACAL UM OIBRIÚ GO SÁBHÁILTE (PRÓTACAL UM FHILLEADH AR AN OBAIR GO SÁBHÁILTE)

Mar thoradh ar na srianta Sláinte Poiblí a cuireadh i bhfeidhm de bharr na Paindéime COVID-19, tugadh an Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte isteach nuair a chinn an Rialtas an geilleagar a athoscailt i bpáirt ón 18 Bealtaine 2020. Leagadh amach go soiléir agus go cuimsitheach sa Phrótacal na céimeanna agus na próisis nár mhór do ghnólachtaí a dhéanamh chun leathadh COVID-19 san áit oibre a mhaolú. Forbraíodh é agus comhaontaíodh é i gcomhairliúchán le comhaltaí an Fhóraim Eacnamaíoch Fostóirí is Lucht Saothair, fóram le haghaidh idirphlé ardleibhéil idir an rialtas agus ionadaithe ceardchumann agus fostóirí maidir le saincheisteanna a bhaineann le margadh an tsaothair. I measc na rannpháirtithe sa phróiseas seo bhí IBEC, Comhdháil na gCeardchumann, Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann agus Cónaidhm Thionscal na Tógála. Is é an toradh ar chomh-iarracht é, faoi stiúir na Roinne seo agus le rannpháirtíocht ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, ón Roinn Sláinte agus ó FSS.

Rinneadh an Prótacal a athbhreithniú agus a athsheoladh mar an bPrótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte i mí na Samhna 2020 agus é fós ag tabhairt faisnéise agus comhairle ar raon ábhar amhail ráigeanna a bhainistiú agus a rialú, díghalráin lámh a roghnú, maisc a chaitheamh, áiteanna oibriú a aerú agus siomptóim. San athbhreithniú tugadh an t-eolas a forbraíodh i rith na paindéime sna réimsí sin le chéile agus measadh gur thábhachtach é an chomhairle sláinte poiblí ba nuaí agus ab fhéidir a thabhairt sa treoraíocht.

Ghníomhaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta mar an bpríomh-Ghníomhaireacht maidir le comhlíonadh an Phrótacail um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte a chomhordú. Thug 700 cigire as Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Stáit eile cúnamh dó leis an ról sin (An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre; Oifigigh Sláinte Comhshaoil; An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; An Roinn Oideachais; An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus Tulsa).

Rinneadh os cionn 24,000 cigireacht COVID-19 ar chomhlíonadh leis an bPrótacal idir mhí na Bealtaine agus dheireadh mhí na Nollag 2020. Léirigh tuairisceáin ó na comhlachtaí cigireachta ar fad os cionn 90% de leibhéal comhlíontachta leis an bPrótacal. Thug sin dearbhú d'fhostóirí agus d'oibrithe i ndáil le cumas gnólachtaí fanacht ar oscailt le linn thréimhse na paindéime.

## IMIRCE EACNAMAÍOCH

Trí bhíthin moltaí san Athbhreithniú ar an mBeartas um Imirce Eacnamaíoch 2018 a chur i bhfeidhm, áirithítear go bhfuil córas ceadanna fostaíochta an Stáit fós sách solúbtha chun freagra a thabhairt ar athruithe i margadh an tsaothair agus tacú go hiomlán le riachtanais saothair a thiocfadh chun cinn. Leanadh leis an obair ar reachtaíocht leasaithe agus chomhdhlúite nua maidir le Ceadanna Fostaíochta a fhorbairt.

Tugadh an chéad athbhreithniú ar an athbhreithniú débhliantúil ar scileanna ríthábhachtacha agus gairmeacha beatha neamh-incháilithe maidir le ceadanna fostaíochta chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2020. Cuireadh an timpeallacht eacnamaíoch reatha agus tionchar COVID-19 ar mhargadh an tsaothair san áireamh ann. Ní dhearnadh aon athrú ar na Liostaí Gairmeacha Beatha maidir le Ceadanna Fostaíochta, ach amháin dhá leasú theicniúla bheaga lenar simplíodh an tuairisc ar ghairm an altranais agus lenar cuireadh an Clár 'Vulcanus' san Eoraip (Éire) idir an tSeapáin agus an tAontas Eorpach le liosta na gComhaontuithe Malairte atá incháilithe do Cheadanna Fostaíochta le haghaidh Chomhaontú Malairte. Tosaíodh an dara athbhreithniú i mí Dheireadh Fómhair 2020.

Tháinig an Fóram Úsáideoirí Comhairliúcháin Fostóirí, atá faoi chomh-chathaoirleacht na Roinne seo agus na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le chéile i mí Mheán Fómhair.

## CEADANNA FOSTAÍOCHTA

Le linn 2020, rinneadh iarratais um Chomhpháirtí Iontaofa, arb ionann iad agus 74% de na hiarratais uile ar cheadanna agus ar úsáideoirí rialta na seirbhíse iad, a phróiseáil laistigh de 1-2 sheachtain. Rinneadh gnáth-iarratais, arb ionann iad agus 26% de na hiarratais uile, a phróiseáil laistigh de 3-4 sheachtain. Bhain an dá fhigiúr sin na spriocanna thar a bheith uaillmhianacha ó thaobh seirbhís do chustaiméirí amach.

Rinneadh líon iomlán de 16,290 iarratas ar cheadanna fostaíochta in 2020, laghdú 13% ar an mbliain 2019. An tráth céanna, deonaíodh an líon ceadanna ab airde le 12 bhliain anuas, 16,419, ardú 1% ar an mbliain 2019.

I mí an Mhárta 2020, chuir an Roinn plean teagmhais COVID-19 i bhfeidhm lena chinntiú go bhféadfadh an córas ceadanna fostaíochta leanúint de bheith ag obair le linn na géarchéime. Ón 30 Márta ar aghaidh, tá an córas ceadanna fostaíochta ag oibriú go hiomlán ar líne agus go cianda. Rinneadh comhaontú le Soláthar Seirbhíse Inimirce sa Roinn Dlí agus Cirt maidir le socruithe chun 'cead ríomh-fhostaíochta' a thabhairt isteach ar bhonn sealadach agus próiseas comhchosúil mar chóip bhog chun aistriú chuig cead buanchónaí.

Tugadh tosaíocht d'iarratais ar cheadanna fostaíochta le haghaidh pearsanra liachta a phróiseáil ó lár mhí an Mhárta go dtí deireadh 2020. Eisíodh thart ar 4,490 cead fostaíochta do phearsanra liachta.

Tá an dara céim d'Athbhreithniú Próisis Ghnó, a mbeidh córas próiseála TF nua lena mbainfear leas as na teicneolaíochtaí nua a bheidh ar fáil, lena n-áirítear digitiú iomlán, mar thoradh air, ar bun, ach is beag dul chun cinn a rinneadh i rith 2020 de bharr na paindéime. Táthar ag súil go gcuirfear tús le forbairt an chórais nua i rith 2021.

Ba Cheadanna Fostaíochta maidir le Scileanna Ríthábhachtacha a bhí i 50% de na ceadanna fostaíochta ar fad a eisíodh in 2020. Is é sin an cead fostaíochta a ceapadh chun díriú ar easnaimh sna gairmeacha ardoilte a bhfuil éileamh mór orthu. Is iad seo a leanas na hearnálacha a fuair an líon ab airde ceadanna fostaíochta:

- Gníomhaíochta um Obair Shóisialta agus Sláinte (31%)
- Gníomhaíochtaí um Fhaisnéis agus Cumarsáid (28%)

- Talmhaíocht, Foraoiseacht agus Iascaireacht (11%)

## ORDUITHE FOSTAÍOCHTA EARNÁLA

Tugtar an bonn dlíthiúil d’Orduithe Fostaíochta Earnála san Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015. Is féidir pá, scéim pinsin nó scéim um pá breoiteachta d’oibrithe in earnáil eacnamaíoch a leagan amach faoi Ordú Fostaíochta Earnála.

I mí an Mheithimh 2020, dhearbhaigh an Ard-Chúirt go raibh an tOrdú Fostaíochta Earnála don Earnáil Conraitheoireachta Leictrí (I.R. 251 de 2019) neamhbhailí agus gan aon éifeacht dlí. Sa bhreis air sin, rialaigh an Chúirt go raibh na forálacha maidir le hOrduithe Fostaíochta Earnála a dhéanamh faoi Chaibidil 3 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015 míbhunreachtúil mar gheall gur tharmlig siad cumhachtaí reachtóireachta go neamhdhleathach chuig comhlachtaí lasmuigh den Oireachtas. Rinneadh cinneadh na hArd-Chúirte a achomharc sa Chúirt Uachtarach agus táthar ag súil le rialú in 2021. Chuir breitheamh na hArd-Chúirte bac ar an dearbhú faoi mhíbhunreachtúlacht ar feitheamh chinneadh an achomhairc chun na Cúirte Uachtaraí.

Tá dhá Ordú Fostaíochta Earnála fanta, agus ardaíodh íosrátaí luacha saothair don earnáil Tógála an 1 Deireadh Fómhair 2020.

## COMHCHOISTÍ OIBREACHAIS AGUS ORDUITHE RIALAITHE FOSTAÍOCHTA

Tá trí Chomhchoiste Oibreachais (JLC) ghníomhacha ann sna hearnálacha Glanadh ar Conradh, Gruagaireachta agus Slándála.

Tá JLC comhdhéanta de líon cothrom ionadaithe ar fhostóirí agus ar oibrithe in earnáil fostaíochta. Tagann an Coiste le chéile faoi chathaoirleach neamhspleách, Oifigeach Caidrimh Thionsclaíoch ón Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach, a cheapann an tAire chun tograí maidir le téarmaí agus coinníollacha a phlé agus a chomhaontú, i ndáil le gráid shonraithe nó catagóirí sonraithe oibrithe san earnáil i gceist.

Is ionstraim a scríobhann an JLC, a nglacann an Chúirt Oibreachais léi agus a dtugann an tAire don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíocht éifeacht reachtúil di é Ordú Rialaithe Fostaíochta (ERO). Socraíonn an ERO íosrátaí pá agus coinníollacha d’oibrithe in earnálacha sonraithe gnó: bíonn fostóirí sna hearnálacha sin faoi oibleagáid rátaí pá a íoc agus coinníollacha fostaíochta a sholáthar nach lú fabhar iad ná na cinn a ordaíodh.

Scríobh an JLC ERO don Tionscal Glanadh ar Conradh in 2020 agus ghlac an Chúirt Oibreachais leis. Thug an tAire English éifeacht reachtúil don Ordú sin, I.R. Uimh. 608 de 2020, an 10 Nollaig 2020.

Tá ERO don Tionscal Slándála i bhfeidhm ón mbliain 2017. Tá an ERO sin faoi dhúshlán san Ard-Chúirt. Tháinig an JLC don Tionscal Slándála le chéile in 2020 maidir leis an togra le haghaidh ERO nua. Déanfaidh an Chúirt breithniú ar an togra sin in 2021.

## AN BILLE CAIDRIMH THIONSCAIL (LEASÚ) 2019

Shínigh an tUachtarán, Mícheál D. Ó hUigínn an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2019 an 7 Iúil 2019. Faoin Acht sin, leasaíodh an reachtaíocht Chaidrimh Thionsclaíoch chun

rochtain ar sheirbhísí an Coimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus na Cúirte Oibreachais do Chumann Ionadaíochta an Gharda Síochána a cheadú. Tháinig éifeacht leis an Acht an 1 Feabhra 2020.

## AN TIMPEALLACHT CHAIDREAMH THIONSCLAÍOCH

Cailleadh tuairim is 21,704 lá mar thoradh ar ghníomh stailce in 2020.

## CÓD CLEACHTAIS NUA D'FHOSTÓIRÍ AGUS D'FHOSTAITHE MAIDIR LE BULAÍOCHT AG AN OBAIR A CHOSC AGUS A RÉITEACH FAOIN ACHT UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR 2005

Tá Cód Cleachtais nua, ar tháinig éifeacht leis an 23 Nollaig 2020, tagtha in áit an Chóid roimhe seo den ainm céanna a d'eisigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta i mí an Mhárta 2007 agus in áit an 'Chóid Cleachtais inar tugadh Mionsonraí faoi Nósanna Imeachta chun Dul i nGleic le Bulaíocht san Áit Oibre' a d'eisigh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais in 2002, agus rinneadh aon Chód oibríochtúil amháin díobh.

Leis an gCód déach athbhreithnithe sin, atá infheidhme le gach fostaíocht in Éirinn, bíodh fostaithe ag obair ag suíomh seasta, sa bhaile nó ar bhonn soghluaiste, tugtar treoraíocht phraiticiúil maidir le gearáin faoi bhulaíocht san áit oibre a bhainistiú agus maidir le bulaíocht san áit oibre a chosc, i gcomhréir le riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar www.hsa.ie.

## RÓL AN ÚDARÁIS A THUGANN FÓGRA

Tá sábháilteacht táirgí á rialáil, go príomha, ag dlí comhchuibhithe an Aontais Eorpaigh a chuimsíonn tuairim is 70% de na táirgí ar mhargadh an Aontais Eorpaigh.

Is Údarás a Thugann Fógra í an Roinn faoi Threoracha éagsúla ón AE agus tá sí freagrach go sonrach as Treoracha maidir le hInnealra; Trealamh Cosanta Pearsanta; Brú-Threalamh Iniompartha; Brú-Threalamh; Ardaitheoirí agus Comhpháirteanna Sábháilteachta le haghaidh Ardaitheoirí agus as Trealamh le hÚsáid in Atmaisféir Inphléasctha (ATEX). Is í an Roinn an tÚdarás a Thugann Fógra maidir le Táirgí Tomhaltóirí áirithe agus Meáchain agus Tomhais.

I rith 2020, phróiseáil an Roinn iarratas amháin agus aistarraingt amháin le haghaidh Comhlachtaí ón Ríocht Aontaithe ar tugadh fógra ina leith a bhí á mbunú féin in Éirinn. Fágann sin gur deich gcinn an líon comhlachtaí ar tugadh fógra ina leith a cheap an Roinn. Ba iad Eagraíochtaí Tríú Páirtí Aitheanta faoin Treoir maidir le Brú-Threalamh trí cinn díobh sin. Ba Chomhlachtaí ón Ríocht Aontaithe ar Tugadh Fógra ina Leith roimhe seo agus a d'athlonnaigh go hÉirinn nó a bhunaigh oibríochtaí nua in Éirinn de bharr an Bhreatimeachta a bhí i bhformhór na gcuideachtaí sin. Leis na ceapacháin um Chomhlacht a dTugtar Fógra ina Leith, ceadófar do na cuideachtaí sin leanúint de bheith ag oibriú san Aontas Eorpach i ndiaidh an Bhreatimeachta.

## AN EARNÁIL TÓGÁLA

Le linn 2020, lean an Roinn agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta de bheith ag comhoibriú go dlúth le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais,

Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun inmharthanacht agus ábharthacht scéimeanna oiliúna sábháilteachta don earnáil tógála a chinntiú, ag díriú ar sholáthar tacaíochtaí oiliúna don earnáil tógála ag SOLAS a nua-aoisiú. Tá sé cruthaithe ag an bPas Sábháilte agus ag an Scéim um Dheimhniú na Sábháilteachta sa Tógáil, a chomhordaíonn SOLAS, le blianta fada go gcuireann siad le feasacht, le hinniúlacht agus le sábháilteacht san earnáil tógála.

Thug an tAire Breen Ionstraim Reachtúil isteach a rinne leasú ar na Rialacháin Tógála, chun tréimhse bailíochta gach cárta Pas Sábháilte de chuid SOLAS a eisíodh ón 1 Márta 2016 a shíneadh níos faide ná an dáta éagtha forordaithe, an 29 Feabhra 2020 go dtí an tráth a mbeidh an éigeandáil COVID-19 thart agus go mbeidh oiliúint i bPas Sábháilte SOLAS ar fáil arís. Tá an maolú sin fós i bhfeidhm. Meastar gur bhain os cionn 30,000 sealbhóir an chárta Pas Sábháilte tairbhe as tabhairt isteach an mhaolaithe go dtí deireadh mhí na Nollag 2020.

## BÁSANNA SAN ÁIT OIBRE

Tuairiscíodh 53 bás san áit oibre chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta in 2020 i gcomparáid le 47 in 2019. Tharla 20 de na básanna sin san earnáil talmhaíochta agus is iad feirmeacha an áit oibre lena mbaineann an ráta is airde timpistí agus básanna. Tháinig ardú ar bhásanna tógála ó 12 in 2019 go dtí 14 in 2020, agus tharla 58% de na díobhálacha marfacha ar fad sa chéad sé mhí. Titim ó arda an phríomh-chúis báis ag oibrithe tógála in 2020. Bhain go leor de na básanna le cuideachtaí beaga agus le ceardaithe féinfhostaithe. Tá treocht anuas fós ann ón mbliain 2015 (56 bhás) agus 2020 (53 bhás). Mar sin féin, tá fócas leanúnach ag fostóirí agus ag fostaithe de dhíth lena chinntiú go leanfar leis an treocht anuas sin.

## SÁBHÁILTEACHT AR AN bhFEIRM

Tá Prótacal idir an Roinn seo agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i ndáil le Sábháilteacht ar an bhFeirm curtha i bhfeidhm chun cabhrú le gach Páirtí oibriú i gcomhar chun an baol maidir le teagmhais thromchúiseacha agus mharfacha a laghdú agus chun sláinte agus folláine san earnáil talmhaíochta a fheabhsú fad a chaomhnaítear a bhfreagrachtaí reachtúla faoi seach. Cabhróidh an Prótacal lena chinntiú go nglacfaidh gach páirtí cur chuige comhoibríoch chun an sprioc sin a bhaint amach agus féachfar leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil don dá Roinn. Cabhróidh an Prótacal lena chinntiú go dtugtar teachtaireachtaí comhleanúnacha a dhíríonn ar an earnáil talmhaíochta. Is é cuspóir foriomlán an Phrótacail sin a chinntiú go bhféadfaidh an dá Roinn agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta fíor-fheabhsúcháin ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar leas ar an bhfeirm a bhrú chun cinn trí bhíthin chur chuige tras-Rialtais agus comhroinnt faisnéise.

## BORD NÁISIÚNTA NA hÉIREANN UM CHREIDIÚNÚ/CREIDIÚNÚ

Tugadh athbhreithniú ar struchtúr agus ar fheidhmiú Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), coiste de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, chun críche in 2020. Tá sainordú méadaitheach ag INAB *via* Treoracha éagsúla ón AE lena n-éilítear creidiúnú comhlachtaí laistigh de chreat rialála. Is samplaí de réimsí gníomhaíochta atá ag teacht iad cibearshlándáil agus cosaint sonraí.

## AN BEARTAS MAIDIR LE CEIMICEÁIN

Ag tús 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta Cód Cleachtais maidir le Gníomhaithe Ceimiceacha lenar trasuíodh trí Threoir ón AE maidir le nochtadh do charcanaigin san áit oibre, i gcomhar le I.R. Uimh. 592 de 2019. Leis sin, tugadh Éire go hiomlán i gcomhréir le caighdeáin an AE sa réimse sin.

I mí an Mheithimh 2020, d'fhoilsigh an tAontas Eorpach Treoir (AE) 2020/739, lenar cuireadh an gníomhaí atá freagrach as COVID-19, SARS-CoV-2, leis an Treoir maidir le hOibreáin Bhitheolaíocha, treoir a nuashonraíodh le déanaí le Treoir (AE) 2019/1833. I bhfianaise a phráinní a bhí an phaindéim, níor tugadh ach cúig mhí do Bhallstáit chun Treoir 2020/739 a thrasuí isteach sa dlí náisiúnta (anuas air sin, athraíodh an dáta chun Treoir 2019/1833 a thrasuí ó mhí na Samhna 2021 go dtí mí na Samhna 2020 le go mbeadh sé i gcomhréir le Treoir 2020/739). Trasuíodh an dá Threoir go hiomlán agus in am *via* I.R. Uimh. 539/2020 agus Cód Cleachtais 2020 maidir le Gníomhaithe Ceimiceacha, a d'fhoilsigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. Leagtar amach na leibhéil riosca a bhaineann le gníomhaithe bitheolaíocha áirithe agus na réamhchúraim a theastaíonn le haghaidh gach leibhéal riosca in áiteanna oibre sa Chód Cleachtais.

In 2020, lean an Roinn dá hidirchaidreamh le hOifig an Ard-Aighne chun dul chun cinn a dhéanamh ar an leasú ar na Rialacháin maidir le Glantaigh a shocrú faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010.

I ndiaidh comhoibriú a dhéanamh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus le Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) in 2019, thrasuigh an Roinn dhá Threoir Chódúcháin AE (2004/9/CE agus 2004/10/CE) maidir le Dea-chleachtas Saotharlainne, lena n-éilítear go mbeidh aon saoráidí tástála a dhéanann tástáil ar tháirgí ceimiceacha i gcomhlíonadh le Prionsabail an OECD maidir le Dea-chleachtas Saotharlainne. Trasuíodh na rialacháin nua an 23 Eanáir 2020 *via* I.R. Uimh. 18 de 2020.

## AN CÓRAS REACHTACH MAIDIR LE SUBSTAINTÍ CONTÚIRTEACHA

In 2020, lean an Roinn dá clár oibre maidir leis na rialacháin faoi stóráil pheitriliam agus an earnáil miondíola a nua-aoisiú. Áiríodh leis sin tograí a fhorbairt chun córas rialála nua a chur i bhfeidhm chun cabhrú leis an earnáil na caighdeáin is airde sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil a choimeád.

In 2019, tugadh dhá shraith rialachán le teacht in áit rialacháin 1979 maidir le stóráil agus miondíol pheitriliam chun críche agus foilsíodh iad:

- Rialacháin maidir le Substaintí Contúirteacha (Siopaí Miondíola Breoslaí agus Leachtanna Inlasta), 2019 (I.R. Uimh. 630 de 2019); agus
- Rialacháin maidir le Substaintí Contúirteacha (Siopaí Soláthair Tráchtála agus Dáilte Breoslaí agus Leachtanna Inlasta), 2019 (I.R. Uimh. 631 de 2019).

Tháinig an dá shraith rialachán nua i bhfeidhm an 1 Aibreán 2020. I ndiaidh a bhfoilsithe, fuair an Roinn comhairle ó pháirtithe leasmhara agus rinne athbhreithniú ar Rialacháin 2019 chun soiléiriú a fháil. Foilseofar Rialacháin athbhreithnithe in 2021.

I mí Aibreáin 2020, foilsíodh I.R. Uimh. 147/2020, inar deimhníodh leachtanna inlasta ina substaintí contúirteacha faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha. Leis an I.R. sin, is féidir stáisiúin nach ndíolann ach díosal a cheadúnú faoin, rud nár éilíodh roimhe. Tá an Roinn ag coinneáil le leasú ar an Acht um Shubstaintí Contúirteacha chun béim níos mó a chur ar an athrú, trí bhíthin an Bhille um Fhorbairt Tionscail (Forálacha Ilghnéitheacha).

Ullmhaíodh dréacht-Ionstraim Reachtúil chun Rialacháin 1979 maidir le Táillí Ceadúnúcháin a thabhairt cothrom le dáta agus seoladh í chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe lena hathbhreithniú sula síneofar í. Tá an Roinn ag fanacht ar aiseolas faoi láthair.

Tá an Roinn fós i mbun idirchaidrimh le Gníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus le páirtithe leasmhara eile maidir le creat nua eagrúcháin agus oibriúcháin a fhorbairt le go ndéanfaidh earnáil na nÚdarás Áitiúil maoirseacht ar chur i bhfeidhm na Rialachán nua. Go dtí seo, tá an Cás Gnó don chóras nua ceadúnúcháin sin ceadaithe ag an nGrúpa Maoirseachta maidir le hAthchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus ag grúpa measúnaithe piaraí. Roghnaíodh Údaráis Áitiúla ceannaireachta le haghaidh gach réigiún trí bhíthin comórtais agus beidh an Roinn ag obair leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun Meabhrán a chur faoi bhráid an Rialtais.

## AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH SAN ÁIT OIBRE

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh an 1 Deireadh Fómhair 2015 faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 (Uimh. 16 de 2015).

Fuair an tSeirbhís Breithnithe tuairim is 18,969 ngearán shonracha in 2020: bhain trí cheathrú de na cásanna le pá, iomarcaíocht, dífhostú éagórach agus uaireanta oibre. Cé gur tháinig laghdú ar an líon gearán agus gearán sonrach a fuarthas, i gcomparáid le 2019, b'ionann líon 2020 agus an líon iomlán ab airde a fuarthas i mbliain ar bith eile ó bunaíodh an tseirbhís.

Thionóil an tSeirbhís Bhreithnithe 2,000 éisteacht in 2020, idir chinn fhíorúla agus chinn ar an láthair, agus eisíodh tuairim is 1,629 gcinneadh.

Ar an tslí chéanna, cuireadh comhréiteach agus eadráin ar fáil, go cianda ar ardáin éagsúla go príomha, ach ar an láthair freisin nuair ab fhéidir. Maidir leis sin, thionóil an tseirbhís Comhréitigh tuairim is 735 chomhdháil chomhréitigh agus 242 éascú i ndáil le díospóidí comhchoiteanna i rith 2020.

Rinne an tseirbhís Cigireachta líon iomlán de 7,687 gcigireacht ar áiteanna oibre agus aisghabhadh €1.7m i bpá nach raibh íoctha i rith 2020. Mar chuid den Phrótacal Náisiúnta um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, rinne cigirí an Coimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre 5,202 chigireacht lenar bhain seiceálacha ar chomhlíonadh leis an bPrótacal agus leis an dlí fostaíochta, agus fuarthas go raibh 87% de na fostóirí a ndearnadh cigireacht orthu i gcomhlíonadh.

In 2020, phléigh an Coimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre le 52,726 ghlao agus le 6,895 ríomhphost chuig fostóirí agus fostaithe a bhí ag lorg faisnéise faoi chearta fostaíochta, comhionannas, caidreamh tionsclaíoch agus ceadanna fostaíochta. Ina theannta sin, tugadh

os cionn 2.6m amharc gréasáin ar láithreán gréasáin an Coimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, (www.workplacerelations.ie).

## AN CHÚIRT OIBREACHAIS

I rith 2020, fuair an Chúirt Oibreachais 940 achomharc agus tarchur; laghdú 20% ón líon tarchur (1,182) a fuarthas in 2019. D'eisigh an Chúirt Oibreachais 337 moladh/cinneadh, agus rinne imscrúdú ar 61 chás a socraíodh roimh éisteacht nó le linn éisteachta. Ba 396 an líon cásanna a tharraing páirtithe siar roimh iad a éisteacht.

# Sprioc 5: A CHINNTIÚ GO nÉASCAÍONN RIALÁIL GNÓ INFHEISTÍOCHT AGUS FORBAIRT GNÓ, IOMAÍOCHAS SA MHARGADH, ARDCHAIGHDEÁIN I dTACA LE COSAINT TOMHALTÓIRÍ AGUS RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS GO dTUGTAR BUNTÁISTE IOMAÍOCH D'ÉIRINN SA MHARGADH DOMHANDA

## AN DLÍ CUIDEACHTAÍ, IOMAÍOCHAS AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

Le linn 2020, chuir an Roinn leis an obair a rinneadh roimhe sin chun creat dlí na gcuideachtaí atá seasmhach, trédhearcach agus nua-aimseartha a fhorbairt in Éirinn agus lean sí ag forbairt agus ag múnlú freagairtí nua do dhúshláin nua agus do dhúshláin atá ag teacht chun cinn i ndlí na gcuideachtaí, iomaíochas agus beartas tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus go náisiúnta, go háirithe maidir leis an mBreatimeacht agus le COVID-19. Rinneadh an obair sin i gcomhar le páirtithe leasmhara, oifigí agus gníomhaireachtaí na Roinne agus Ranna Rialtais eile chun na torthaí is fearr a bhaint amach de réir ár sprice ardleibhéil.

## FREAGRA A THABHAIRT AR COVID-19

Le linn 2020, thug an Roinn freagra ar dhúshlán na paindéime COVID-19, dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, agus é mar aidhm aici na tionchair ghearrthéarmacha agus mheántéarmacha ar chuideachtaí a mhaolú.

San áireamh leis sin bhí mear-chomhaontú le Ballstáit maidir leis an leasú an Rialachán maidir le Cuideachtaí Eorpacha (CE 2157/2001) lenar cuireadh síneadh leis an am chun cruinnithe ginearálta a thionól, de bharr thionchar ón bpaindéim COVID-19.

## ACHT NA gCUIDEACHTAÍ (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA) (COVID-19) 2020

Achtaíodh an tAcht an 1 Lúnasa 2020, lena ndéantar leasuithe sealadacha ar Acht na gCuideachtaí, 2014 agus ar an Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 chun dul i ngleic le saincheisteanna a d'eascródh as COVID-19.

Cinntítear leis go bhféadfaidh 240,000 cuideachta agus 950 cumann tionscail agus soláthair in Éirinn a gCruinnithe Cinn Bliana agus a gcruinnithe ginearálta a thionól trí mheán leictreonach. Déantar foráil leis freisin i ndáil le sócmhainneacht ghnó trí bhíthin síneadh 150 lá a chur leis an tréimhse scrúdaitheoireachta agus an tairseach a meastar nach bhfuil cuideachta in ann a fiachais a íoc a ardú go dtí €50,000.

Bhí na leasuithe i bhfeidhm ar feadh tréimhse eatramhach, go dtí an 31 Nollaig 2020 ar dtús. Cuireadh síneadh leis an tréimhse eatramhach go dtí an 9 Meitheamh 2021 i ndiaidh faomhadh a fháil ón Rialtas an 15 Nollaig agus rinneadh foráil dó le dhá Ordú Rialtais:

- I.R. Uimh. 672 de 2020 an tOrdú um Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 12A (1)) (COVID-19) 2020
- I.R. Uimh. 671 de 2020 an tOrdú um an Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893 (Alt 14A (1)) (COVID-19) 2020

## REACHTAÍOCHT MHOLTA MAIDIR LE hATHDHÍOL TICÉAD

Cuireadh an Bille um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt), 2020 ar aghaidh chuig an gCoimisiún Eorpach agus chuig Ballstáit eile an 5 Feabhra 2020 i gcomhréir le ceanglais Threoir (AE) 2015/1535 maidir leis an nós imeachta um sholáthar faisnéise sa réimse rialachán teicniúil agus rialacha i ndáil le seirbhísí sochaí faisnéise. Níor ardaigh an Coimisiún Eorpach ná Ballstát aon cheist faoi chomhoiriúnacht le dlí AE ná leis an Margadh Inmheánach agus an Scéim á himscrúdú.

D'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta an Bhille an 29 Meán Fómhair 2020 lena dhréachtú. An phríomh-fhoráil sa Bhille, toirmeasc a chur le ticéid nó pacáistí ticéid, le haghaidh imeachtaí a bheidh ar siúl in ionaid shainainmnithe do 1,000 duine nó níos mó, a dhíol nó a fhógairt lena ndíol ar phraghas is mó ná a bpraghas díola bunaidh. Áirítear leis toirmeasc a chur le ticéid do chluichí agus d'imeachtaí a thionólfar i rith chraobhchomórtas sacair EURO 2020 atá le tionól in 2021 a athdhíol go neamhúdaraithe.

Rinne an Comhchoiste Fiontar, Trádála agus Fostaíochta scrúdú réamh-reachtach ar an mBille an 9 Nollaig 2020 agus is tosaíocht é an Bille a fhoilsiú agus a chur trí Thithe an Oireachtais é in 2021.

## SCÉIM GHINEARÁLTA BHILLE NA gCUIDEACHTAÍ (ÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH)

Le Scéim Ghinearálta Bhille na gCuideachtaí (Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), bunaítear Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) mar ghníomhaireacht, i bhfoirm Coimisiúin, ar a dtabharfar an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Ach struchtúr an ODCE a athrú ó oifig sa Roinn go dtí gníomhaireacht reachtúil, tabharfar níos mó neamhspleáchais agus solúbthachta dó chun dul in oiriúint do na dúshláin roimhe agus é ag imscrúdú agus ag ionchúiseamh sáruithe ar dhlí na gcuideachtaí atá ag éirí níos casta.

Níor tugadh scrúdú réamh-reachtach ar an mBille chun críche roimh lánscor na 32ú Dála, agus cuireadh tús leis arís faoin gComhchoiste Fiontar, Trádála agus Fostaíochta nua i mí na Nollag 2020. Táthar ag fanacht go dtabharfar an scrúdú réamh-reachtach ar an mBille chun críche sula dtabharfar an Bille chun críche agus sula bhfoilseofar é, rud a bhfuiltear ag súil go ndéanfar go luath in 2021.

## ATHBHREITHNIÚ AR NA hACHTANNA UM CHUMAINN TIONSCAIL AGUS SOLÁTHAIR

I ndiaidh athbhreithniú ó bhonn a dhéanamh ar an gcreat reachtúil atá ann ón ré Victeoiriach, den chuid is mó, lean an Roinn dá cuid oibre ar Scéim Ghinearálta maidir le Bille Comhar-Chumann. Is píosa reachtaíochta thar a bheith cuimsitheach agus fada í sin agus tá sí beartaithe forálacha reatha a chomhdhlúthú agus creat reachtúil nua-aimseartha agus éifeachtach a sholáthar, a bheidh oiriúnach don raon éagsúil eagraíochtaí a mbaineann úsáid as samhail na gcomhar-chumann in Éirinn.

## GRÚPA ATHBHREITHNITHE AN DLÍ CUIDEACHTAÍ

Is sainghrúpa comhairleach é Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí (CLRG) a bhfuil de chúram aige comhairle a chur ar an Aire maidir le cúrsaí an dlí cuideachtaí. Oibríonn sé clár oibre dhá bhliain arna chinneadh ag an Aire, agus is í an Roinn a chuireann an rúnaíocht ar fáil.

Bhí an CLRG rannpháirteach go mór i bhfreagra na Roinne ar thionchar COVID-19 ar chúrsaí gnó, ó thaobh an dlí cuideachtaí de, agus chuir dhá thuarascáil isteach maidir leis sin i rith 2020. Ina tuarascáil ó mhí an Mheithimh 2020 ar bhearta chun dul i ngleic le ceisteanna an dlí cuideachtaí mar gheall ar phaindéim COVID-19, pléadh leis na leasuithe reachtacha éigeandála a raibh gá leo chun gnáth-oibriú Acht na gCuideachtaí 2014 i rith na paindéime a chinntiú. Bhí na moltaí sa tuarascáil sin mar lón eolais d'Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (COVID-19), 2020 mar a leagadh amach thuas. Bhreithnigh an CLRG, i dtréimhse ama luathaithe, ar bhearta cobhsaíochta don mheántéarma chun tionchar eacnamaíoch COVID-19 a mhaolú. Thug sé moltaí ina thuarascáil ó mhí Dheireadh Fómhair 2020, maidir le próiseas tarrthála a bheadh oiriúnach do chuideachtaí beaga. I ndiaidh an tuarascáil a fháil, bhreithnigh an Roinn na moltaí agus thosaigh an obair riachtanach chun an togra a fhorbairt le súil agus Scéim Ghinearálta a dhréachtú go luath in 2021.

Dírítear go mór ar dhócmhainneacht i gClár Oibre an CLRG 2020-2022. Chuir Coiste an Ghrúpa um Dhócmhainneacht Chorparáideach tús lena bhreithniú ar an tsaincheist a bhaineann le cearta creidiúnaithe faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, i gcomhthéacs leachtuithe chomh maith le i ndáil le seachaint idirbheartaíochta.

Tá mar shainchúram ag an CLRG freisin, mar chuid dá chlár oibre, scrúdú a dhéanamh ar cibé an bhfuil sé riachtanach nó inmhianaithe an dlí cuideachtaí a leasú i bhfianaise an Bhreatimeachta, agus moltaí a thabhairt i leith na ceiste sin. Maidir leis sin, bhí tuarascáil an Ghrúpa ó mhí an Mheithimh 2020, '*Tuarascáil ar shaincheisteanna áirithe faoin dlí cuideachtaí a eascraíonn faoi Rialachán an AE maidir le Taisclanna Lárnacha Urrús 909/2014 (CSDR)'* mar lón eolais do Chuid 4 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2020 (tuilleadh faisnéise thíos).

I mí na Nollag 2020, chuir an CLRG a '*Thuarascáil ar an tionchar a bhféadfadh a bheith ag intleacht shaorga ar an dlí cuideachtaí i gcomhthéacs an rialachais chorparáidigh'* i láthair.

## ASCNAMH URRÚS

Socraíocht trádála urrús – lena n-aistríonn an díoltóir urrúis chuig an gceannaitheoir agus lena n-aistríonn an ceannaitheoir ciste chuig an díoltóir – déantar iad i gcóras socraíochta urrús de ghnáth, arna fheidhmiú ag Taisclann Lárnach Urrús (CSD).
Le Cuid 4 den Acht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha), 2020 a achtaíodh an 10 Nollaig 2020, déantar leasuithe ilghnéitheacha ar Acht na gCuideachtaí 2014 chun oibriú chóras ionaid socraíochta urrús a éascú a bheadh comhoiriúnach le dlí an Aontais Eorpaigh, i ndiaidh na tréimhse aistrithe. Cuireadh tús le Cuid 4 an 15 Márta 2021, an dáta a shainaithin Stocmhalartán na hÉireann mar an dáta ascnaimh.

Lena chinntiú nach mbeadh aon chur isteach ar sheirbhísí CSD d' oibritheoirí AE a úsáideann córas socraíochta urrús de chuid na Ríochta Aontaithe, dheonaigh an Coimisiún Eorpach comhionannas do CSDanna de chuid na Ríochta Aontaithe go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2021. Rinneadh leasú, dá bharr sin, ar Rialacháin maidir le hAcht na gCuideachtaí 1990 (Urrúis Neamhdheimhnithe) (Leasú) 2020 chun aitheantas leanúnach a chur ar fáil do CSDanna de chuid na Ríochta Aontaithe arna gceadú ag údarás inniúil sa Ríocht Aontaithe don tréimhse chomhionannais i gceist.

## TREORACHA/RIALACHÁIN AN AONTAIS EORPAIGH

- **2017**

### Treoir maidir le spreagadh rannpháirtíocht scairshealbhóirí fadtéarmacha

Tháinig *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cearta Scairshealbhóirí) 2020 (I.R. 81 de 2020)* i bhfeidhm an 30 Márta 2020 lenar tugadh éifeacht d'fhorálacha Theoir 2017/828 ón Aontas Eorpach maidir le spreagadh rannpháirtíocht scairshealbhóirí fadtéarmacha. Leis na Rialacháin, cuireadh roinnt Caibidlí inar pléadh le hábhar na Treorach le Cuid 17 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Bhain forálacha áirithe le ceanglais thrédhearcachta d'infheisteoirí institiúide, bainisteoirí sócmhainní agus comhairleoirí seachvótála.

- **2019**

### Treoir maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú

Foilsíodh Treoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 11 Nollaig 2018, maidir le húdaráis iomaíochta na mBallstát a chumhachtú le bheith ina bhforfheidhmitheoirí níos éifeachtaí agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, an 14 Eanáir 2019. Ní mór an Treoir a thrasuí i ndlí na hÉireann faoin 4 Feabhra 2021 agus tá sé i gceist an Treoir ECN+ a thrasuí le reachtaíocht phríomha.

Leis an mBille, cabhrófar leis an ngealltanas i gClár an Rialtais a sholáthar maidir le cur ar chumas an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus ComReg úsáid níos mó a bhaint as pionóis riaracháin chun smachtbhannaí a ghearradh ar oibritheoirí bradacha agus is gníomh é sa Phlean Gníomhaíochta maidir le hAthchóiriú Árachais. Ina theannta sin, déanfar cumhachtaí an Stáit ó thaobh dul i ngleic le coireacht an bhóna bháin, coireacht eacnamaíoch agus and éilliú a neartú tuilleadh, leis an mBille.

Is é aidhm lárnach na Treorach ECN+ a chinntiú go mbeidh ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas ag na hÚdaráis Náisiúnta Iomaíochta (NCAanna), go mbeidh go leor acmhainní acu agus cumhachtaí oiriúnacha forfheidhmithe, lena n-áirítear an cumas fíneálacha a eisiúint as sáruithe ar Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. In éineacht le cur i bhfeidhm Airteagail 101 agus 102, cuimsítear cur i bhfeidhm comhthreomhar an dlí náisiúnta iomaíochta leis an gcás céanna faoin Treoir freisin agus cur i bhfeidhm dlí náisiúnta iomaíochta ar bhonn aonair. Leagtar amach rialacha sa Treoir faoi chúnamh frithpháirteach chun dlúth-chomhoibriú leis an nGréasán Eorpach Iomaíochta (ECN) a chinntiú.

Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an Treoir:

1. a chinntiú go bhfuil uirlisí éifeachtacha imscrúdaithe agus cinnteoireachta ag NCAanna;
2. a chinntiú go bhfuil NCAanna in ann fíneálacha éifeachtacha díspreagtha a ghearradh;
3. a chinntiú go bhfuil clár trócaire éifeachtach i bhfeidhm ag NCAanna lena n-éascaítear iarratas ar thrócaire a dhéanamh i ndlínsí iolracha; agus
4. a chinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag NCAanna agus go bhféadfaidh siad rialacha iomaíochta AE a fhorfheidhmiú go neamhspleách.

I mí an Mhárta 2020, thionóil an Roinn Grúpa Tionscadail a bhí comhdhéanta de na NCAanna[7] agus de pháirtithe ábhartha eile[8] chun Scéim Ghinearálta a dhréachtú le haghaidh Chinn Bhille chun an Treoir ECN+ a thrasuí. Áiríodh sna Cinn Bhille freisin cumhachtaí breise do na NCAanna, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iomaíochta éagsúla amhail Camastaíl Tairiscintí agus Gníomhú Róluath. Bhain an dréacht-Scéim Ghinearálta leas as comhairle fhairsing dlí ó Oifig an Ard-Aighne faoi na gnéithe a bhféadfadh impleachtaí bunreachtúla a bheith ag baint leo. Déanfar *an Bille Iomaíochta (Leasú) 2021* den Scéim Ghinearálta.

Ceadaíodh Meabhrán don Rialtas an 22 Nollaig lenar lorgaíodh ceadú chun *an Bille Iomaíochta (Leasú) 2021* a dhréachtú mar thosaíocht. Tá an Bille curtha san áireamh mar thosaíocht ó thaobh a Fhoilsithe agus a Achtaithe sa chéad leath de 2021.

## Rialachán lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta um fhaireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí

Foilsíodh Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle den 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus an Treoir leasaithe 2004/42/EC agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 205/2011 an 25 Meitheamh 2019.

Tá mar aidhm leis an Rialachán cumhachtaí forfheidhmithe na n-údarás faireachais mhargaidh a neartú, go háirithe maidir le táirgí a dhíoltar ar líne, agus rialuithe ag teorainneacha seachtracha a neartú. Tá mar aidhm leis an Rialachán freisin slabhraí soláthair nua a chuimsiú agus aghaidh a thabhairt ar dhíolachán ar líne, chomh maith le feabhas a chur ar chomhlíonadh dhlí an Aontais Eorpaigh. Beidh roinnt de na forálacha sa Rialachán i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021, agus beidh an chuid eile i bhfeidhm ón 16 Iúil 2021.

## Treoir maidir le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí

Foilsíodh Treoir (AE) 2019/1151 lenar leasaíodh Treoir (AE) 2017/1132 maidir le huirlisí digiteacha san Iris Oifigiúil an 11 Iúil 2019 agus chuaigh sí i bhfeidhm an 31 Iúil 2019. Is é an 1 Lúnasa 2021 an dáta trasuite. Tá an Treoir mar chuid de phacáiste Dhlí na gCuideachtaí de chuid an AE: an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as réitigh dhigitigh agus rialacha éifeachtúla a sholáthar d'oibríochtaí trasteorann. Is é aidhm an togra réitigh dhigiteacha a chur i bhfeidhm ionas gur féidir teacht ar chláir ghnó ar líne, do chuideachtaí a chláraíonn agus a sholáthraíonn faisnéis, chomh maith le rochtain ar an bhfaisnéis sin i measc tríú páirtithe. Leanadh le cruinnithe de chuid Sainghrúpa an AE um Dhlí na gCuideachtaí faoi

[7] An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus ComReg, an tSeirbhís Chúirteanna agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
[8] An Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Chomhshaoil

thrasuí agus faoin Acht Cur Chun Feidhme le linn 2020. Ní mór an Treoir a thrasuí faoin 1 Lúnasa 2021.

### Treoir maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais

Le Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a glacadh i mí an Mheithimh 2019, féachtar le gnéithe de dhlíthe náisiúnta dócmhainneachta a chomhchuibhiú do chuideachtaí agus do dhaoine aonair araon. Díríonn sí ar réimsí sonracha de dheiseanna chun ‘athstruchtúrú luath’ a dhéanamh (do ghnólachtaí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus nach bhfuil dócmhainneach, nó nach bhfuil dócmhainneach go fóill) agus ar ‘dara deis’ a chinntiú ‘d’fhiontraithe macánta’ a d’éirigh dócmhainneach gan aon chalaois ná míchleachtas a bheith i gceist.

Is í an Roinn Dlí agus Cirt atá freagrach as gnéithe den Treoir a bhaineann le dócmhainneacht phearsanta a thrasuí agus lean an Roinn sin uirthi i rith 2020 ag ullmhú do thrasuí na Treorach. Ag tarraingt ar dheireadh 2020, áfach, bhí an dá Roinn den tuairim nach bhféadfaí an spriocdháta 17 Iúil 2021 a bhaint amach, mar gheall ar an gcur isteach agus ar na riachtanais reachtúla bhreise a tháinig chun cinn mar thoradh ar COVID-19. Cuireadh an Coimisiún ar an eolas an 23 Nollaig 2020 de rún an Stáit leas a bhaint as an síneadh bliana mar a ndearnadh foráil dó faoi Alt 34, mír 2. Ní mór an Treoir a thrasuí faoin 17 Iúil 2022.

### Treoir maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann

Foilsíodh Treoir (2121/2019) lenar leasaíodh Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann i mí na Samhna 2019 agus tá mar aidhm léi rialacha trasteorann a shimpliú agus Margadh Aonair an AE a fheabhsú fad a ndéanfar soláthar do chosaintí iomchuí lena ndíspreagfar mí-úsáid agus lena gcosnófar leasanna dlisteanacha oibrithe, creidiúnaithe agus scairshealbhóirí mionlaigh eile. Tá trasuí le bheith déanta laistigh de chreat ama trí bliana, faoi mhí na Samhna 2022.

### Na rialacháin maidir le forfheidhmiú na héicidhearthóireachta a chumasú

Tá Treoir an AE maidir le hÉicidhearthóireacht leagtha amach chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh na dtáirgí ar an margadh a bhaineann le fuinneamh trí bhíthin caighdeáin éifeachtúlachta fuinnimh níos airde a leagan amach. Is éard is aidhm léi, tomhaltóirí a spreagadh le bheith níos freagraí as a gcuid úsáide fuinnimh. Dá bharr sin, brúitear táirgí nach bhfuil chomh héifeachtúil ó thaobh fuinnimh de amach as an margadh. Tá níos mó táirgí á gcur leis faoin Treoir.

Cumasaíodh forfheidhmiú na Rialachán (Eorpach) maidir le hÉicidhearthóireacht in I.R. Uimh. 625 de 2020. Tagann an I.R. in áit an Sceidil in I.R. 454/2013 agus tugtar liosta nuashonraithe de na táirgí agus de na Rialacháin (Eorpacha) a bhaineann leo. Áirítear orthu na cinn seo a leanas:

- An Rialachán maidir le Freastalaithe agus Táirgí Stórála Sonraí (AE) Uimh.

2019/424;

- An Rialachán maidir le Mótair Leictreacha (AE) Uimh. 2019/1781;
- An Rialachán maidir le Soláthar Seachtrach Cumhachta (AE) Uimh. 2019/1782;
- An Rialachán maidir le Claochladáin Chumhachta Bheaga, Mheánmhéide agus Mhóra (AE) Uimh. 2019/1783;
- An Rialachán maidir le Trealamh Táthúcháin (AE) Uimh. 2019/1784;
- An Rialachán maidir le Foinsí Solais (AE) Uimh. 2019/2020;
- An Rialachán maidir le Taispeáint Leictreonach (AE) Uimh. 2019/2021;
- An Rialachán maidir le Miasniteoirí Tí (AE) Uimh. 2019/2022;
- An Rialachán maidir le Meaisíní Níocháin Tí (AE) Uimh. 2019/2023;
- An Rialachán maidir le Cuisneoirí lena bhfuil Feidhm Díolacháin Dhírigh (AE) Uimh. 2019/2024.

## 2020

## Treoir maidir le hEintitis Cháilithe a Chumhachtú chun Caingne Ionadaíocha a Thabhairt thar ceann Ghrúpa Tomhaltóirí chun Soláthar a dhéanamh do Shásamh i gCásanna Díobhála do Shlua Mór Daoine

Foilsíodh Treoir 2020/1828 san Iris Oifigiúil an 4 Nollaig 2020 agus moltar córas nua-aimseartha de chaingne ionadaíocha, ag cur leis an Treoir reatha maidir le hUrghairí (Treoir 2009/22/EC).

Moltar córas nua-aimseartha de chaingne ionadaíocha sa Treoir chomhaontaithe, trí bhíthin:

- raon feidhme na sean-Treorach a leathnú amach chun ionstraimí AE cothrománacha eile agus ionstraimí a bhaineann le hearnálacha faoi leith atá ábhartha do chosaint comhleasanna tomhaltóirí in earnálacha eacnamaíocha difriúla, amhail seirbhísí airgeadais, fuinneamh, teileachumarsáid, sláinte agus an comhshaol, a chur san áireamh;
- is féidir le heintitis cháilithe neamhbhrabúis, amhail eagraíochtaí tomhaltóirí nó comhlachtaí poiblí neamhspleácha, arna n-ainmniú ag na Ballstáit roimh ré, caingne ionadaíocha intíre nó trasteorann a thabhairt chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint i gcásanna díobhála do shlua mór daoine;
- ceanglaítear ar Bhallstáit 'luas cuí' nósanna imeachta a áirithiú mar aon le costais nós imeachta atá ró-ard a sheachaint ionas nach bac airgeadais iad a bheadh mar bhonn le caingne ionadaíocha a thabhairt;
- ceanglaítear ar Bhallstáit na pionóis a bheidh infheidhme le neamhchomhlíontacht le cinntí arna n-eisiúint laistigh den chaingean ionadaíoch a leagan síos, go ndéanfaidh siad gach beart riachtanach lena chinntiú go gcuirfear i bhfeidhm iad agus go gcinnteoidh siad go bhféadfaidh pionóis a ghearradh i bhfoirm fíneálacha; agus
- cumasaítear eintitis cháilithe caingne ionadaíocha a thabhairt ag lorg cineálacha éagsúla beart de réir mar is cuí, ag brath ar dhálaí an cháis i.e. bearta eatramhacha nó

críochnaitheacha chun cleachtas trádálaí a stopadh nó a thoirmeasc nó chun éifeachtaí leantacha an tsáraithe a dhíothú. D'fhéadfaí go n-áireofaí orduithe sásaimh i measc éifeachtaí leantacha an tsáraithe lena mbunaítear dliteanas an trádálaí i leith na dtomhaltóirí a ndearna an tsáraithe díobháil dóibh.

Tá an Roinn ag breithniú na saincheisteanna sin agus ag obair lena chinntiú go dtrasuífear an Treoir sin i ndlí na hÉireann faoi mhí na Nollag 2022, mar a cheanglaítear.

## AN tACHT UM CHONARTHAÍ FOIRGNÍOCHTA, 2013 – RIALÁIL ÍOCAÍOCHTAÍ FAOI CHONARTHAÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS TEIDLÍOCHT REACHTÚIL AR BHREITHNIÚ

Le linn 2020, rinneadh 54 iarratas chuig Cathaoirleach an Phainéil Breithneoirí um Chonarthaí Foirgníochta, maidir le Breithneoir a cheapadh faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

Chuir Cathaoirleach an Phainéil Breithneoirí um Chonarthaí Foirgníochta, an Dr. Nael Bunni, an ceathrú Tuarascáil Bhliantúil ar chur i bhfeidhm an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013, faoi bhráid an Aire English i mí Lúnasa 2020 agus tá an tuarascáil sin le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

## ÁRACHAS

### ➢ PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA MAIDIR LE hATHCHÓIRIÚ ÁRACHAIS

Leagtar amach raon gealltanas i gClár an Rialtais chun athchóiriú a dhéanamh ar an earnáil árachais. De bharr go mbaineann an tsaincheist sin le Ranna éagsúla, bhunaigh an Rialtas Foghrúpa den Choiste Comh-Aireachta um Théarnamh Eacnamaíochta agus Infheistíocht, faoi chathaoirleacht an Tánaiste, i mí Mheán Fómhair 2020. Tagann an Foghrúpa le chéile go tráthrialta chun athchóiriú a mhaoirsiú agus a chur i bhfeidhm agus chun an dul chun cinn atá á dhéanamh ag gach Aire maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha sonracha a bhfuil siad freagrach astu a bhreithniú.

Ag eascairt as obair an Fhoghrúpa, d'fhoilsigh an Rialtas an chéad Phlean Gníomhaíochta maidir le hAthchóiriú Árachais an 8 Nollaig 2020 chun earnáil árachais na hÉireann a dhéanamh níos iomaíche agus níos áisiúla do thomhaltóirí, chun tacú le fiontar agus chun poist a chruthú. Leagtar amach 66 ghníomh a bhaineann le gach Roinn Rialtais sa Phlean, chun costais do thomhaltóirí a laghdú agus don lucht gnó; chun níos mó iomaíochais a thabhairt isteach sa mhargadh; chun calaois a chosc agus chun an t-ualach ar lucht gnó, ar an bpobal agus ar eagraíochtaí deonacha a laghdú.

Tabharfaidh Airí sa Roinn seo, sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Dlí agus Cirt faoi na gníomhartha agus tabharfar chun críche iad sna hocht mí dhéag amach romhainn. Tiocfaidh an Foghrúpa le chéile go tráthrialta, déanfaidh sé caidreamh le páirtithe leasmhara agus foilseofar an dul chun cinn ar na gníomhartha gach sé mhí.

### ➢ OIFIG CHUN IOMAÍOCHAS SA MHARGADH ÁRACHAIS A CHUR CHUN CINN

I ndiaidh na hoibre a rinne an Roinn i gcomhar leis an Roinn Airgeadais, bunaíodh an 'Oifig chun Iomaíochas sa Mhargadh Árachais a Chur Chun Cinn' i mí na Nollag 2020 faoi

fhreagracht an Aire Stáit do Sheirbhísí Airgeadais, Comhair Chreidmheasa agus Árachas, Seán Fleming T.D.

Tá an Oifig nua seo comhdhéanta d'oifigigh ón Roinn Airgeadais a dtugann oifigigh ón Roinn seo cúnamh dóibh, agus tabharfaidh Ranna, Gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ionchur don Oifig go tráthrialta. Bunaíodh an Oifig de bhun gealltanas i gClár an Rialtais chun obair an Rialtais ar athchóiriú árachais a bhrú chun cinn, d'fhonn tuilleadh iomaíochais i margadh árachais na hÉireann a spreagadh. Cuirfear cur chuige comhordaithe ar bheartas an Rialtais ar fáil leis an Oifig nua, chun iomaíochas san earnáil árachais a chur chun cinn.

## ➢ BORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA

Ó bunaíodh é in 2004, tá tairbhe ollmhór á sholáthar ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) trí bhíthin rogha tapa, cóir agus íseal ó thaobh costais de ar fáil maidir le cúiteamh i leith díobhálacha. Léirítear sa dara Tuarascáil faoi Mhótarárachas a d'fhoilsigh Bunachar Sonraí Náisiúnta Éileamh de chuid Bhanc Ceannais na hÉireann (mí na Samhna 2020) go mbíonn na costais dlí a bhaineann le dlíthíocht ar éilimh chomh hard le €100,000 níos mó ná cúig oiread déag níos airde ná héilimh a shocrú trí bhíthin PIAB. Léirítear sa tuarascáil freisin difríochtaí suntasacha sa mhéid ama a thógann sé éilimh a réiteach i gcás nach féidir iad a chomhaontú go díreach idir éilitheoirí agus freagróirí. I gcás na n-éileamh a shocraítear trí bhíthin PIAB, ba 2.9 bliain an meánmhéid ama ó dháta an timpiste go dáta na dámhachtana, ach ba 4.7 bliana a bhí i gceist le dlíthíocht.

Tá gealltа i gClár an Rialtais ról PIAB a fheabhsú agus a athchóiriú. Is í an aidhm uileghabhálach tuilleadh cásanna a réiteach trí bhíthin chóras PIAB. Rinneadh dul chun cinn ar an obair idir an Roinn agus PIAB i rith 2020 chun scrúdú a dhéanamh ar roghanna maidir leis an ngníomhaireacht a fheabhsú agus a athchóiriú. Rinneadh comhairliúchán poiblí ar fheabhsú PIAB i mí an Mhárta 2021 agus tá an ról feabhsaithe, lena n-áirítear tograí reachtacha, le cur i bhfeidhm faoi mhí an Mheithimh 2021.

## ➢ STAIDÉAR AN CHOIMISIÚIN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ MAIDIR LEIS AN MARGADH ÁRACHAIS DLITEANAIS PHOIBLÍ

An 23 Nollaig 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) a staidéar margaidh ar an margadh árachais dliteanais phoiblí. Fuarthas sa staidéar gur ábhar imní suntasach é feidhmiú an mhargaidh árachais dliteanais phoiblí. Fuarthas go bhfuil préimheanna arda á ngearradh i ngach earnáil agus go ndealraítear go bhfuil saincheisteanna infhaighteachta ag imirt tionchair ar chodanna áirithe den mhargadh go príomha (eagraíochtaí pobail agus spóirt ach go háirithe).

Moltar i staidéar an CCPC go nglacfaí le cur chuige straitéiseach ar an margadh árachais a athchóiriú, fáil níos fearr ar shonraí, bearta chun iomaíochas a fheabhsú, tacaíocht don lucht gnó agus do thomhaltóirí agus athchóiriú ar an PIAB. Beidh an staidéar sin ina chuid thábhachtach de bhonn eolais obair an Fhoghrúpa Comh-aireachta maidir le hAthchóiriú Árachais agus é ag obair chun bearta a chur i bhfeidhm ar fеadh an Rialtais chun an earnáil árachais a athchóiriú. Léirítear formhór na moltaí i staidéar an CCPC sa Phlean Gníomhaíochta maidir le hAthchóiriú Árachais.

## SMACHTÚ AGUS CEADÚNÚ TRÁDÁLA

Cuireann an Roinn Rialuithe Onnmhairithe náisiúnta agus ón Aontas Eorpach i bhfeidhm chun cosc a chur le leathadh na n-arm ollscriosta, tacú le seasmhacht réigiúnach agus cearta an duine a chosaint. Is cuid thábhachtach é an réimeas sin den chreat rialaithe gnó do chuideachtaí a thrádálann go hidirnáisiúnta as Éirinn. D'ainneoin na ndeacrachtaí a chruthaíodh leis an bpaindéim dhomhanda, bhí gníomhaíocht sa réimse sin láidir i gcónaí i rith 2020. I measc an méid a baineadh amach bhí:

- Eisíodh 873 ceadúnas onnmhairithe le haghaidh earraí rialaithe, dar luach beagnach €3.8bn;
- Eisíodh 17 ceadúnas idir mhí an Mhárta agus mhí na Bealtaine 2020 a bhain le cur i bhfeidhm Rialuithe Onnmhairithe AE maidir le Trealamh Cosanta Pearsanta, a tugadh isteach chun soláthar leordhóthanach tháirgí den sórt sin san AE a chinntiú sna céimeanna tosaithe de phaindéim COVID-19;
- Eisíodh 300 ceadúnas chun táirgí áirithe cruach agus alúmanaim a allmhairiú ó thríú tíortha go dtí mí na Bealtaine 2020, tráth ar scoradh de riachtanais AE maidir le faireachas sa réimse sin;
- Rinneadh cuairteanna for-rochtana agus comhlíontacha ar onnmhaireoirí nuair ab fhéidir, ag brath ar shrianta. Rinneadh iniúchtaí deasc-bhunaithe agus cruinnithe fíorúla chun tacú leo; agus
- Achtaíodh 25 Ionstraim Reachtúil chun éifeacht dlí iomlán a thabhairt do smachtbhannaí AE.

## DEIMHNIÚ FEISTÍ LEIGHIS

Go luath in 2020, faomhadh an Rannán Feistí Leighis san Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann lena ainmniú sa Treoir AE nua maidir le Feistí Leighis. I ndiaidh dhá bhliain go leith de bheith ag obair ar son an ainmniúcháin sin, ba é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an 11ú comhlacht dá dtugtar fógra dó ar domhan le bheith ainmnithe sa Treoir nua. Léiríonn an t-éacht sin tacaíocht mhór agus aitheantas domhanda don eagraíocht mar an t-aon chomhlacht dá dtugtar fógra in Éirinn i réimse na teicneolaíochta leighis.

## MÉADREOLAÍOCHT NÁISIÚNTA

Go luath in 2020, bronnadh an Gradam Saotharlann Tástála agus Calabrúcháin na Bliana ar an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML) ag Gradaim Saotharlanna na hÉireann, rud a thug aitheantas do thábhacht NML san earnáil.

I rith 2020, d'fhan NML i mbun oibre agus sholáthair seirbhísí tomhais ríthábhachtacha agus riachtanacha do thionscal na hÉireann le linn shrianta phaindéim COVID-19. Bhí éileamh mór ar sheirbhísí calabrúcháin NML i gcaitheamh na bliana agus d'eisigh an tsaotharlann os cionn 4,600 deimhniú calabrúcháin i rith na bliana.

Cé gur cuireann srian ollmhór ar chumas NML cúrsaí oiliúna inmheánacha a sholáthar, d'éirigh le NML 12 cúrsa a sholáthar do 21 cuideachta, sé cinn díobh ar líne i dtimpeallacht

fhíorúil saotharlainne. Rinne NML trí chur i láthair ar líne a bhain le saincheisteanna Méadreolaíochta atá tábhachtach don tionscal.

## MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

Bhí tionchar suntasach ag srianta COVID-19 ar na gníomhaíochtaí cigireachta a rinne cigirí Méadreolaíochta dlíthiúla an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ar an láthair, go háirithe i rith tréimhsí srianta Leibhéal 5. Mar sin féin, thug cigirí cuairteanna ar 2,504 trádálaí (59% de líon 2019) agus rinne cigireacht ar 13,599 uirlis (92% de líon 2019) i rith na bliana. Rinneadh sé fheachtas cigireachta sna hearnálacha gnó seo: Iascach, Áitreabh Ceadúnaithe, Méadair Ola Feistithe ar Thrucailí, Droichead Meáite, Meá Dramhaíola Feistithe ar Thrucailí, Córais Méadraithe Bainne.

I gcás a thug Seirbhís na Méadreolaíochta Dlíthiúla i rith na bliana, fuarthas seirbhís tacsaí ciontach in dhá mhéadar tacsaí neamhfhíoraithe a fheidhmiú agus i séala slándála a bhaint. Anuas ar phionós agus ranníocaíocht le táillí dlíthiúla an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm freisin.

Thug Méadreolaíocht Dhlíthiúil seirbhís Faisnéise Trádálaithe Tacsaí ar líne isteach don lucht suiteála méadar tacsaí. Cuireann an tseirbhís feabhas ar bhainistiú taifead don lucht suiteála, cuireann úinéir/oibritheoir an mhéadair tacsaí ar an eolas faoina n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le fíorú méadar tacsaí agus cuirtear feabhas in inbhuanaitheacht chomhshaoil. Ina theannta sin, cuirtear socruithe séalaithe slándála nua ar fáil do mhéadair tacsaí; fearas glasála sreinge agus plaisteach in ionad an tsean-ghreamáin dosháraithe.

# Sprioc 6: OIBRIÚ GO hUAILLMHIANACH I nGACH CUID DEN RIALTAS LENÁR gCOMHPHÁIRTITHE AE AGUS IDIRNÁISIÚNTA CHUN DUL CHUN CINN A DHÉANAMH I bhFÓRAIM AE AGUS IDIRNÁISIÚNTA I RÉIMSE LEATHAN LEASANNA, LENA nÁIRÍTEAR AN BREATIMEACHT

## RANNPHÁIRTÍOCHT AG LEIBHÉAL AE

Lean tionchair éagsúlaithe phaindéim COVID-19 de chroíról a bheith acu an chuid is mó de 2020. Le cois codanna móra de gheilleagar an AE a bheith dúnta síos, chuathas go mór i gcion ar sceidealú réimse de chruinnithe fisiciúla. De thoradh na gcúinsí eisceachtúla leanúnacha seo, thug na hUachtaránachtaí AE a ndeachthas i gcion orthu agus Coimisiún na hEorpa iarraidh a chinntiú gur lean a oiread gnó agus is féidir ar aghaidh ina oiread fóram agus ab fhéidir. Cruinnithe fís-chomhdhála ó thaobh cruinnithe Chomhairle Aireachta, le cois an Choiste Polasaí Trádála ina bhformáidí éagsúla an phríomhghné a bhain leo fós. Eisceacht shuntasach air seo an cruinniú neamhfhoirmiúil Chomhairle d'Airí Trádála ar an 11 Meán Fómhair a eagraíodh i mBeirlín agus ar fhreastail an Tánaiste air.

Le linn 2020, rinne an tAire Humphreys, an Tánaiste agus na hAirí Breen, Troy agus English ionadaíocht thar ceann na hÉireann ar na Comhairlí Trádála agus Iomaíochais (Margadh agus Tionsclaíocht Inmheánach) agus Gnóthaí Fostaíochta agus Sóisialta (EPSCO). Chuaigh COVID-19 i bhfeidhm ar eagrú na gcruinnithe comhairle agus níor tionóladh ach cruinniú fisiciúil amháin den Chomhairle Iomaíochais faoi Uachtaránacht na Cróite agus eagraíodh 6 cruinniú fíorúil eile faoi Uachtaránachtaí na Cróite agus na Gearmáine.

Bhreithnigh an Chomhairle Iomaíochais (Margadh agus Tionsclaíocht Inmheánach) 'Margadh Glas' na hEorpa agus ghlac le Conclúidí na Comhairle ar Rialáil Níos Fearr ag an aon chruinniú fisiciúil amháin a bhí acu. Bhí fócas cruinnithe eile ar thionchar COVID-19 ar thionsclaíocht AE agus an Margadh Aonair, Plean Téarnaimh an Choimisiúin agus ar thógáil Eoraip stóinsithe, iomaíoch agus béim ar an Margadh Aonair a dhaingniú agus ar sheachadadh an aistrithe ghlais agus dhigitigh.

I nDeireadh Fómhair 2020, aistríodh ról comhordaithe an EPSCO chun na Roinne. D'fhreastail an tAire English ar dhá chruinniú neamhfhoirmiúla i nDeireadh Fómhair agus i mí na Nollag ina raibh an fócas ar théarnamh ó COVID-19 ó thaobh na fostaíochta agus gnóthaí sóisialta de.

I measc an gceisteanna a thug an Chomhairle Trádála chun cinn le linn 2020 bhí Athbhreithniú ar Bheartas Trádála AE (a seoladh i Meitheamh 2020) a pléadh i Meán Fómhair agus arís i mí na Samhna. Caitheadh achar suntasach ama fosta ar chur chuige comhaontaithe AE maidir le ceapachán phost Ard-Stiúrthóir WTO. Croí-ábhar fós le linn 2020, áfach, caidreamh trádála AE-SAM agus leanadh den chaibidil i rith na bliana idir an AE agus SAM d'fhonn filleadh ar chaidreamh trádála níos 'intuartha' mar pháirtithe comhstádais. Níor tharla aon chomhaontú suntasach, más ea. Forbairt shuntasach ag tarraingt ar dheireadh na bliana ab ea toradh thoghchán Uachtaránacht SAM.

Rinneadh obair shuntasach laistigh den AE chun clár oibre athchóiriú WTO a thabhairt chun cinn. Stad Foras Achomhairc an WTO d'fheidhmiú amhail 11 Nollaig 2019. San idirlinn, chomhaontaigh an AE agus 24 comhpháirtí trádála eile Socrú Eadrána Achomhairc

Eatramhach ilpháirtí (MPIA) a chur ar bun. Feidhmíonn an MPIA faoi chreat an WTO, bunaithe ar fhoráil (Airteagal 25) i dTuiscint Socrú Díospóide an WTO i gcomhair eadráin díospóide. Tá sé bunaithe ar ghnáthrialacha an WTO a bhaineann le hachomhairc. Lean Éire den chomhoibriú lenár bpáirtithe AE chun tabhairt faoi roinnt údair cur isteach trádála leis na Stáit Aontaithe, go háirithe maidir le forchur taraifí ar easpórtálacha áirithe AE chun na Stát Aontaithe mar fhreagairt do thorthaí an WTO i gcás 'Airbus' chomh maith le freagairt an AE do bhronnadh an WTO i gcás comhreathach Boeing. Lena chois sin, rinneadh an dara hathbhreithniú ar bhearta Steel Safeguard an AE trínar scaoileadh na leibhéil chuóta le 3%. Rachaidh na bearta in éag i mí Iúil 2021.

Le cois ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Roinne agus na hÉireann ar bhonn straitéiseach ag an gComhairle, bhíothas ag déanamh cúraim do chroíleas AE na Roinne ag an leibhéal tras-Rialtais trí Ghrúpa Oifigigh Shinsearacha AE na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus an Grúpa Idir-Rannach ar Ghnóthaí AE agus Breatimeachta, chomh maith le rannpháirtíochtaí déthaobhacha le Ballstáit atá ar aon intinn agus le Coimisiún na hEorpa.

Lean an Roinn den chumarsáid ó chian agus le háiseanna fís-chomhdhála ar leibhéal Choiste agus Mheithleacha AE chun seasamh na hÉireann ar cheisteanna trádála a chur in iúl lena chinntiú go gcabhraítear leis agus go ndaingnítear an córas oscailte, saor, bunaithe ar rialacha, iltaobhach. Óna thaobh sin de, freastalaíonn an fhoireann i mBaile Átha Cliath agus sa Bhruiséil ar Choistí agus Meithleacha iomadúla, lena n-áirítear an Ghinéiv i dtaca leis an Eagraíocht Trádála Dhomhanda de. Tá ról ceannais againn fosta d'Éirinn i bhfóraim eagrais idirnáisiúnta eile (NA, WTO), trína Mhisean Buan Ionadaíochta sa Ghinéiv, chomh maith leis an Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíochta (ECFE).

Thug na hAirí faisnéis dár bpáirtithe leasmhara gnó ar fhorbairtí Trádála Idirnáisiúnta trí fhóram Fiontair na Roinne i rith na bliana.

Ar aon dul le hoibleagáidí Iniúchta Oireachtais AE na Roinne, thug an Roinn faisnéis don Oireachtas ar 38 moladh AE ar réimse de cheisteanna beartais, seacht dtuairisc reámhrabhaidh agus chomhlíon a hoibleagáid dhá thuairisc 6 mhí a chur isteach ar fhorbairtí AE.

## MARGADH AONAIR AE I SEIRBHÍSÍ

Ó thús deireadh 2020, lean an Roinn dá rannpháirtíocht ag leibhéal AE, Coimisiún na hEorpa san áireamh, agus le Ballstáit eile agus trí ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann ar Mheithleacha agus Coistí ar cheisteanna Margadh Aonair. Leanadh den obair le Ballstáit atá ar aon intinn linn agus le Coimisiún na hEorpa chun constaicí a shainaithint agus a bhaint maidir le soláthar seirbhísí trasteorann i Margadh Aonair AE, tríd an Tascfhórsa Forfheidhmiú Margadh Aonair nuabhunaithe san áireamh.

Maidir leis an reachtaíocht, chomhordaigh an Roinn seasaimh náisiúnta ar mholadh i gcomhair Rialúchán lena mbunófaí Clár Margadh Aonair laistigh de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an AE i dtréimhse 2021-2027, a comhaontaíodh níos déanaí sa bhliain. Is comhbhailiúchán é an clár nua seo de 6 chlár reatha maoinithe de chuid an AE a fhaigheann cúnamh faoi láthair ó 10 líne bhuiséid AE éagsúla agus, ag leibhéal náisiúnta, atá laistigh de théarmaí tagartha beartais roinnt ranna Rialtais.

Lean an Roinn de láithreán gréasáin Phointe Teagmhála Aonair na hÉireann a bhainistiú, ar acmhainn faisnéise agus cúnaimh é do sholáthróirí seirbhísí san Aontas Eorpach ar mian leo seirbhísí a sholáthar in Éirinn. Is cuid de líonra láithreán gréasáin ar feadh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) é, a bhfuil d'aidhm leis saorghluaiseacht seirbhísí laistigh den Mhargadh Aonair a éascú. Lean an Roinn d'fheabhsú chaighdeán na faisnéise atá ar fáil ar an bPointe Teagmhála Aonair agus tabhairt faoi easnaimh a shainaithin Coimisiún na hEorpa cheana.

Bhainistigh an Roinn ionchur na hÉireann le líonraí eile de chuid an Aontais Eorpaigh a chuireann le feidhmiú réidh an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear an córas SOLVIT agus Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh. In 2020, scóráil Ionad SOLVIT na hÉireann scór ard arís i dTuarascáil Bhliantúil Choimisiún na hEorpa ar fheidhmíocht ionaid náisiúnta i líonra SOLVIT.

## SCAGADH INFHEISTÍOCHTA

Ghlac an tAontas Eorpach leis an *Rialachán chun Creat a Chur ar Bun Maidir le Scagadh Infheistíochtaí Coigríche Díreacha.* Tháinig an Rialachán (AE) (2019/452) i bhfeidhm i Márta 2019 agus feidhmeofar é ó 11 Deireadh Fómhair 2020.

Bunaítear leis an Rialachán seo creat do Bhallstáit chun faisnéis a chomhordú agus a chomhroinnt maidir le scagadh Infheistíochtaí Coigríche Díreacha ó thríú tíortha. Tháinig sé i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2020. Cumasaítear an Roinn dá thoradh fosta tuairimí neamhcheangailteacha a eisiúint i gcásanna a bhaineann leis an iomad Ballstát nó nuair a d'fhéadfadh infheistiú dul i bhfeidhm ar thionscadal nó ar chlár a bhaineann leis an AE ina iomláine.

Is freagairt é an Rialachán um Scagadh Infheistíochta agus forbairtí beartas intíre ina dhiaidh sin d'ábhair imní atá ag dul i méid i measc Ballstát faoi cheannach agus infheistíocht i gcomhlachtaí agus sócmhainní straitéiseacha Eorpacha ag gnóthais faoi úinéireacht eachtrach (agus i gcásanna áirithe, gnóthais faoi úinéireacht stáit) a d'fhéadfadh tochailt faoi shlándáil nó ord poiblí Ballstáit.

Faoin Rialachán, is gá do Bhallstáit Pointe Teagmhála Náisiúnta (NCP) a bhunú mar ar féidir faisnéis agus fiosruithe a mhalartú idir an Coimisiún agus Ballstáit. Tá an NCP freagrach as na riachtanais éagsúla tuairiscithe atá leagtha amach sa Rialachán a chomhlíonadh.

Gníomhaíonn an Roinn mar NCP na hÉireann agus is rannpháirtí gníomhach muid ar Ghrúpa Saineolaithe Choimisiún na hEorpa ar Scagadh Infheistíochtaí Coigríche Díreacha ar fóram luachmhar é chun dea-chleachtais a chomhroinnt ar bheartais scagtha agus lena n-éascaítear malartú dearcthaí ar threochtaí agus ceisteanna ar comhúdair imní iad maidir le scagadh infheistíochtaí coigríche díreacha. In 2020, rinne an Roinn anailís ar cuimsíodh inti sraith de theagmhálacha déthaobhacha chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt beartais sa spás seo. Rinneadh comhairliúchán poiblí fosta chun faisnéis a thabhairt don Roinn ar roghanna beartais in iniúchadh ár bhfreagartha d'fheidhmiú an Rialacháin.

I ndiaidh an chomhairliúcháin, bhreithnigh an Rialtas an cheist agus cinneadh ar chóras scagtha infheistíochta a thabhairt isteach in Éirinn trí reachtaíocht phríomhúil. D'fhaomh an Rialtas Scéim Ghinearálta Bille Scagadh Infheistíochta i mí Iúil 2020 agus tá an reachtaíocht á dréachtú le hoifig an Ard-Aighne. Nuair a achtófar an Bille, beidh de chumhacht ag an Aire

Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freagairt do bhagairtí ar shlándáil agus ord poiblí na hÉireann ó chineálacha áirithe infheistíochta coigríche agus bagairtí den sórt a chosc nó a mhaolú.

## AN BREATIMEACHT

### ULLMHÚCHÁIN

Leanadh den obair fhorleathan chomhordaithe i ngach cuid den Roinn agus dá gníomhaireachtaí ar fhreagairt na Roinne don Bhreatimeacht, lena n-áirítear rannpháirtíocht ar fud an Rialtais chun a chinntiú gur cuireadh ár leas náisiúnta san áireamh i gcomhthéacs na n-idirbheartaíochtaí AE-RA ar an gcaidreamh trádála feasta.

Bhí ionchuir ag an Roinn i bPlean Gníomhaíochta Ullmhacht Breatimeachta an Rialtais a foilsíodh i Meán Fómhair 2020 agus in Oll-Bhille Breatimeachta 2020. I mí na Nollag 2020, shínigh an tUachtarán an tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2020 (Oll-Acht Breatimeachta) agus rinneadh dlí de. 19 cuid a bhí san Oll-Acht a chuir go maith le bearta dleathacha ar leibhéal AE agus lenar leanadh d'obair Oll-Bhille 2019 trí dhíriú ar bhearta chun ár saoránaigh a chosaint agus cuidiú leis an ngeilleagar, lucht fiontair agus poist i gcroí-earnálacha eacnamaíochta. I measc ionchur na Roinne bhí Cuid a 4, 5 agus 15 den Oll-Acht inar díríodh, faoi seach, ar cheisteanna a bhaineann le Taisclanna Urrús Lárnacha; coigeartuithe ar reachtaíocht Ceadúnais Oibre; chomh maith le hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí). Le cois an Bhille, cuireadh bailchríoch fosta ar reachtaíocht chomhlántach thánaisteach roimh dheireadh na tréimhse aistrithe ar 31 Nollaig 2020.

Leanadh de rannpháirtíocht dhian le páirtithe leasmhara na Roinne in 2020 ar mhaithe le cabhrú le gnólachtaí ullmhú i gcomhair na Breatimeachta faoi dheireadh 2020. Bhain an obair seo le rannpháirtíocht Airí trí ghrúpaí croípháirtithe leasmhara amhail an Fóram Fiontair ar Bhreatimeacht agus Dúshláin Dhomhanda agus an Fóram Comhairliúcháin Miondíola, le cois Ghníomhaireachtaí fiontair agus rialála na Roinne.

### IOMPÓRTÁLACHA CEIMICEÁN

I rith 2020, lean an Roinn, i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, de thacú le tionscnamh an Rialtais 'Éire a Ullmhú don Bhreatimeacht' chun aird a tharraingt ar na tionchair fhéideartha ar thionscail na hÉireann. Leanadh d'aird ar leith a tharraingt ó thús deireadh 2020 ar thionchair fhéideartha ar thionsclaíocht maidir le foinsiú ceimiceán agus iompórtáil táirgí, óir d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh tionscail dul i ngleic le tuilleadh dualgais agus oibleagáidí rialála.

### BEARTA MAOLAITHE DO FBManna

➢ **Scéim Iasachta Breatimeachta**

Seoladh Scéim Iasachta Breatimeachta i Márta 2018, i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Banc Eorpach Infheistíochta. Cuirtear ar fáil sa Scéim maoiniú inacmhainne do ghnólachtaí Éireannacha incháilithe ina bhfuil suas le 499 fostaí a bhfuil Breatimeacht ag dul i bhfeidhm orthu faoi láthair nó a mbeidh amach anseo. Tá an Scéim ar oscailt do chliaint Gníomhaireacht Stáit chomh maith leis na gnólachtaí sin nach bhfuil aon chaidreamh acu le Gníomhaireacht Stáit. Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) a sheachadann an Scéim trí iasachtóirí tráchtála chun caipiteal oibre a

chur isteach i ngnólachtaí Éireannacha agus cuireadh léi in 2020 chun go leanfaí d'iasachtaí a chur ar fáil do ghnólachtaí a dtéann Breatimeacht i bhfeidhm orthu go dtí deireadh 2021. I gcomhar le Scéim Chaipiteal Oibre SBCI COVID-19, amhail deireadh 2020, tugadh €337.5m ar iasacht chun cabhrú le riachtanais leachtachta FBManna, tríd an dá scéim iasachta seo. Tá síneadh eile ar siúl chun suim iasachta €500m a chur ar fáil. Faoi dheireadh 2020, bhí 282 iasacht i ndiaidh dul chomh fada le faomhadh leibhéal bainc agus luach €57.5m leo.

### ➢ Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí

Mar a thagraítear dó faoi Sprioc 1, seoladh an Scéim Iasachta €300m d'Fhás sa Todhchaí i Márta 2019, chun gur féidir le gnólachtaí Éireannacha incháilithe agus na hearnálacha príomhúla talmhaíochta agus bia mara iasachtaí a rochtain chun cuidiú lena n-infheistíocht straitéiseach fhadtéarmach. Cuireadh leis an scéim i mí Iúil 2020 agus is €800m na tsuim atá ar fáil anois. Is fusa airgeadas atá ar fáil faoin scéim seo a rochtain, tá praghsanna níos iomaíche i gceist agus tairgtear iad faoi théarmaí níos fabhraí ná iasachtaí eile don chineál seo gnólachtaí. Tairgtear suimeanna idir €100,000 (€50,000 don talmhaíocht) agus €3m agus iasachtaí neamhurraithe suas go dtí €500,000. Téarmaí idir 7 agus 10 mbliana atá i gceist leis na hiasachtaí seo - chun tabhairt faoi bhearna sa mhargadh i gcomhair airgeadas fadtéarmach. An Roinn seo agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Banc Eorpach Infheistíochta a chómhaoiníonn an scéim.

Glacadh go maith leis an scéim sa mhargadh, óir tugadh 2,742 iasacht a fhad le faomhadh ag leibhéal bainc agus luach €555m leo agus faomhadh 2,023 de na hiasachtaí seo, luach €415.1m in 2020 amháin.

### ➢ Iasacht Ghnó Breatimeachta Mhicrea-airgeadas Éireann

I mí na Samhna 2020, sheol Micrea-airgeadas Éireann a Iasacht Ghnó Breatimeachta. Tá sí ar fáil do ghnólachtaí a bhfuil láimhdeachas níos lú ná €2m acu agus 9 bhfostaí ar a mhéad. Suas go dtí €25,000 is ea suim na n-iasachtaí agus ó 6 mhí go 3 bliana. Le rátaí úis laghdaithe ó 4.5% agus tréimhse saor ó ús suas le 12 mhí, is ísle arís costas na hiasachta seo ar ghnólachtaí na hÉireann. Táthar ag dúil go n-úsáidfear na hiasachtaí seo ar chúiseanna iompórtála nó athruithe sna slabhraí soláthair mar gheall ar mhéid na ngnólachtaí atá i gceist.

### ➢ Feasacht

Rinne an Roinn infheistíocht mhór i dtacaíocht do lucht fiontair agus cumarsáid agus ardú tréan feasachta ar Bhreatimeacht. Tomhaistear freagairtí Breatimeachta san earnáil FBM trína sraith de shuirbhéanna Breatimeachta, a thugann léargas ar mhéid agus cineál na bhfreagairtí Breatimeachta a fheidhmíonn gnólachtaí. Le tuilleadh monatóireachta, tiomsaithe agus scaipeadh leibhéil rannpháirtíochta le tacaí Breatimeachta, éascaítear forbairt léargais ar thionchar na Breatimeachta ar lucht gnó.

Le cois acmhainní ar líne, foilsíodh roinnt bileog agus leabhrán chun a chinntiú go bhfuil gnólachtaí chomh hullmhaithe agus is féidir do na tionchair a eascraíonn as Breatimeacht. Áirítear orthu seo 'Treoir Achomair Breatimeachta do Lucht Gnó: Custaim, taraifí agus

dleachtanna, airgeadra, iompórtálacha, teastasú, caipiteal oibre, maoiniú' agus 'Bainistíocht Riosca Airgeadra do FBManna na hÉireann'. Mar gheall ar an éileamh, rinneadh an iomad athchló ar 'Treoir Achomair Breatimeachta do Lucht Gnó'. Nuair ba chuí, rinneadh faisnéis a nuashonrú le go léireofaí cúinsí atá ag athrú in imeacht na RA ón AE. Rinneadh suíomh gréasáin na Roinne a uasdátú fosta le go gcuimseofaí treoir ar 'Do Ghnólacht a Ullmhú don Bhreatimeacht', lena n-áirítear faisnéis ar bhearta cuí do ghnólachtaí a ndeachthas i bhfeidhm orthu.

D'fhoilsigh an Roinn fosta treoir chuimsitheach ar réimse de bhearta éagsúla atá ar fáil ag gnólachtaí a bhfuil maoiniú uathu, 'Rochtain tacaí airgeadais do FBManna agus mionfhiontair'.

## FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Le tacaíocht na Roinne, lean Fiontraíocht Éireann dá fhócas ar chuidiú le gnólachtaí in Éirinn ullmhú don Bhreatimeacht in 2020. Ina measc seo bhí:

- Seoladh an deontais *Ullamh do na Custaim* - ranníocaíocht €9,000 i dtreo costais a bhaineann le fostaithe nua a earcú agus córais teicneolaíochta trealamh chun acmhainn custaim comhlachta a mhéadú. Faoi dheireadh 2020, bhí €7.6m dáilte agus tacaíocht dá bharr do 1,000 post san earnáil.
- Seoladh *Seiceálaí Ullmhacht Breatimeachta* - uirlis ar líne a chuireann measúnú ullmhachta ar fáil do ghnólachtaí aonair. Bhí an Seiceálaí comhlánaithe ag breis agus 660 comhlacht faoi dheireadh 2020.
- *Feachtais fhorleathana fógraíochta agus margaíocht dhíreach* le bonn cliant Fhiontraíocht Éireann agus an pobal gnó i gcoitinne chun feasacht a ardú ar an tábhacht atá le hullmhú don Bhreatimeacht.
- Sraith de *chúig sheimineár gréasáin réigiúnacha* go luath i mí na Nollag 2020, a raibh breis agus 1400 gnólacht cláraithe orthu. I measc na n-imeachtaí leantacha bhí roghanna breathnaithe ar éileamh agus scaipeadh doiciméad mór C&F ar an mBreatimeacht.

Tháinig méadú as cuimse ar chuairteanna ar shuíomh gréasáin tiomnaithe Fhiontraíocht Éireann *Ullmhaigh don Bhreatimeacht*, le breis agus 66,500 cuairt idir Meán Fómhair - Nollaig 2020.

## GFT ÉIREANN

In 2020, lean GFT Éireann den chomhoibriú díreach lena chliaint reatha chun tabhairt faoi na dúshláin ach, lena chois, féachaint le deiseanna a bhaineann le Breatimeacht a uasmhéadú.

Tá teagmháil déanta ag an nGníomhaireacht lena bonn cliant, le blianta fada, chun cabhrú leo rioscaí a bhaineann le Breatimeacht a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar infheistíocht dhíreach eachtrach a aithint agus a mhaolú.

Lena chois sin, ón reifreann sa RA i Meitheamh 2016, chuardaigh GFT Éireann deiseanna chun infheistíocht bhreise a bhaineann leis an mBreatimeacht a mhealladh go hÉirinn agus

fuarthas 92 infheistíocht a bhféadfadh 5,900 post a bheith ag gabháil leo le linn an achair sin. Tá bearta déanta ag an IDA chun a margaí foinse a éagsúlú ó thaobh infheistíocht dhíreach eachtrach de. Tá a oibríochtaí Eorpacha athstruchtúraithe aige chun plé leis an RA mar mhargadh ar leith agus lonnófar acmhainní breise sa Mheán-Oirthear, san Áise agus i Meiriceá Laidineach.

Tá GFT Éireann ag leanúint de bhéim a chur ar chroíghnéithe thairiscint na hÉireann don infheistíocht dhíreach eachtrach. Ár mbuanna - lena n-áirítear timpeallacht beartais atá fabhrach don fhiontraíocht, lucht saothair Béarla a bhfuil ardoideachas acu agus ár mballraíocht den Aontas Eorpach - tá siad seo uile tarraingteach ag infheisteoirí idirnáisiúnta.

## OIFIGÍ FIONTRAÍOCHTA ÁITIÚLA

Tá bearta Breatimeachta tríd an 32 Oifig Fiontraíochta Áitiúla (LEO) ar fud na tíre dírithe ar fhaisnéis agus feasacht, éagsúlú margaidh, iomaíochas méadaithe agus an nuálaíocht a chur chun cinn. Chomh maith leis an mBreatimeacht, meantóireacht agus oiliúint bhainteach, sheachaid na LEOnna fosta saintionscnaimh Breatimeachta do mhionfhiontair, lena n-áirítear:

- 3,267 rannpháirtí a d'fhreastail ar imeachtaí Faisnéis Breatimeachta a bhí dírithe ar chroíchliaint agus eile trí ardáin oiliúna ar líne na LEOnna;
- Bhí Cúnamh Teicniúil ar fáil do Dheontais Micri-Easpórtálaithe chun cliaint a dhreasú le deiseanna nua margaidh a fhiosrú agus a fhorbairt. Faomhadh cúnamh do 1,072 cliant faoin mbeart seo in 2020, breis is dhá oiread an lín a faomhadh in 2019.

## I IDIR-THRÁDÁIL ÉIREANN

Ós rud é go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag Breatimeacht ar na FBManna dá dtugann Idir-Thrádáil Éireann cúnamh, d'fhaomh an Roinn arís maoiniú breise do ITI in 2020. Dá thairbhe seo bhí Idir-Thrádáil Éireann in ann na nithe seo a leanas a fheabhsú a thuilleadh:

- An tSeirbhís Chomhairleach Breatimeachta trína soláthraítear réimse de bhearta saincheaptha. San iomlán, bhí an tSeirbhís Chomhairleach Breatimeachta i dteagmháil dhíreach le breis is 3,897 FBM ar fud an oileáin.
- 'Dearbháin Breatimeachta Tús le Pleanáil' dar luach €2,250, chun a chur ar chumas comhlachtaí sainchomhairle a fháil ar cheisteanna amhail pleanáil airgeadra, taraifí agus custaim, riachtanais rialála agus ceisteanna cánach. In 2020, fuair Idir-Thrádáil Éireann 962 iarratas ar Dhearbháin 'Tús le Pleanáil' do FBManna agus faomhadh 856 díobh.

## ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Is é fócas an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) i dtaca leis an mBreatimeacht, na rioscaí agus deiseanna do ghnólachtaí i dtéarmaí teastasú ÚCNÉ agus feidhmiú chaighdeáin AE, ISO agus na Breataine iar-Bhreatimeacht. Le linn 2020, bhí an-rannpháirtíocht ag Aonad Breatimeachta ÚCNÉ le gnólachtaí agus le heagrais trádála ar fud na hÉireann, ag reáchtáil sraith de sheónna bóthair agus ag eisiúint bileoga eolais ar réimsí sainiúla earnála. Tá bearta faisnéise forbartha ag ÚCNÉ chun cabhrú le gnólachtaí Éireannacha ina n-ullmhúcháin le tionchar na Breatimeachta a íoslaghdú, a slabhraí soláthair a chosaint agus rochtain mhargadh RA a choinneáil.

In 2020, d'éirigh leis an ÚCNÉ a lán tionscnaimh Breatimeachta a chur i gcrích, lena n-áirítear:

- Cur le rochtain ábhair Bhreatimeachta trí thairseach Breatimeachta;
- Ceisteanna Coitianta ar Threalamh Leictreachais agus ar Dheimhniú Táirgí;
- Bileoga eolais maidir le croí-earnálacha;
- Aistríodh Teachtaireachtaí Breatimeachta chuig ardáin ar líne le;
    - 11 seimineár gréasáin Breatimeachta lena n-áirítear Cumann Easpórtálaithe na hÉireann, IBEC, Cumann na Suirbhéirí Cainníochta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta,
    - Seachadadh sraith de sheimineáir ghréasáin Bhreatimeachta san fhómhar le breis agus 650 i láthair,
    - Cur i láthair ar chomhdhálacha Slabhra Soláthar Déantúsaíochta agus Déantóirí Táirgí Leictreachais agus an Cumann Dáileacháin
- D'éascaigh Aonad Breatimeachta ÚCNÉ cruinnithe de chuid Líonra Comhlachtaí dá dTugtar Fógraí na hÉireann le cois trí fhoghrúpa nua, Foirgníocht, Árthaí Bhrú agus Leictreach/Raidió

Chuidigh ÚCNÉ le tionscnaimh *Éire a Ullmhú don Bhreatimeacht* trí chur i láthair agus Sraith Lón agus Foghlaim na LEOnna, Seisiún Faisnéise Foirgníochta Breatimeachta Chomhairle Co. Mhuineacháin agus Seisiún Faisnéise Chumann Trádála Dhún Dealgan/ITI agus Seisiún Faisnéise LEO Dhún Dealgan.

## EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR

Is í an Roinn atá i gceannas ar rannpháirtíocht na hÉireann san Eagraíocht Saothair idirnáisiúnta (ILO) [9], sainghníomhaíocht de chuid NA. Tá Éire ag déanamh téarma mar bhall Teidealach (cearta cainte agus vótála) den Fhoras Rialaithe (GB). Grúpa Idir-rannach a chomhordaíonn seasaimh náisiúnta ar chlár oibre GB, a thugann le chéile Ranna ar a bhfuil freagracht bheartais as míreanna ar chlár oibre leathan GB. Croíghné d'obair an Ghrúpa is

[9] I Meitheamh 2017, toghadh Éire mar bhall Teidealach d'Fhoras Rialachais (GB) an ILO. De bharr phaindéim Covid-19, síneadh an tréimhse Theidealach go 2021. Seo an chéad uair a toghadh Éire i suíochán Teidealach (gona chearta cainte agus vótála) ó chláraíomar leis an ILO in 1923. Chomhlánaigh Éire téarma mar Chomhordaitheoir Réigiúnach Ghrúpa Iarthar na hEorpa den ILO i mí na Samhna 2020.

ea rannpháirtíocht na bPáirtithe Sóisialta, chun go léireofar gur eagraíocht thríthaobhach í an ILO.

Chuir paindéim COVID-19 as go mór d'fhéilire oibre an ILO. Cuireadh ar ceal an cruinniú GB agus an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair i Márta agus Meitheamh faoi seach. Mar sin féin, lean an ILO dá chlár oibre a thabhairt chun cinn go fíorúil trí chórais ar líne agus tionóladh GB mhí na Samhna ó chian thar thréimhse choicíse. I mí Iúil, ar Chruinniú Mullaigh Domhanda '*Todhchaí oibre níos fearr a thógáil*', pléadh thar 5 lá os comhair an chruinnithe ar líne is mó riamh d'oibrithe, fostóirí agus de rialtais, mar is féidir aghaidh a thabhairt ar thionchair eacnamaíochta agus sóisialta na paindéime. Labhair an tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn lena raibh i láthair ar Lá na gCeannairí Domhanda.

## COMHAONTUITHE TRÁDÁLA AGUS MISIN TRÁDÁLA

D'oibrigh an Roinn i ndlúthpháirt, ar son na hÉireann, le Coimisiún an Aontais Eorpaigh agus le Ballstáit chun an iomad comhaontú trádála a chur i gcrích go sásúil.

Aontaíodh an pacáiste éascaithe trádála chun dleachtanna custaim a scor nó a laghdú i leith líon beag línte taraife idir an AE agus SAM i Lúnasa 2020. Ba shuntasach an beart é an chéad chomhaontú ar scor taraifí idir an AE agus SAM le breis agus fiche bliain agus féadtar é a fheidhmiú mar dhul chun cinn dearfach a bhí de dhíth go géar i gcaidreamh trádála AE-SAM.

Ar 1 Lúnasa 2020, tháinig Comhaontú Saorthrádála (FTA) AE-Vítneam i bhfeidhm, i ndiaidh gur síníodh é an bhliain roimhe. Ar 28 Aibreán 2020, thug an AE agus Meicsiceo chun críche an ghné dheiridh lena gcumhdaítear oscailt chómhalartach margaí soláthar poiblí, in idirbheartaíocht FTA nua AE-Mheicsiceo. Leis an gComhaontú nua, sínfear an comhaontú reatha le go gcuimseofar comhoibriú rialála, trádáil bhreise sa talmhaíocht agus soláthar poiblí. Cuirfear ardán ar fáil leis an gcomhaontú chun easpórtálacha go Meicsiceo a mhéadú, lena n-áirítear earnáil thábhachtach Agrai-bhia go háirithe earraí déiríochta, muiceola agus mairteola. Leanadh in 2020 d'idirbheartaíochtaí FTAnna ar leith leis an Astráil agus an Nua-Shéalainn agus táthar ag dúil le teacht ar chomhaontú sa dá idirbheartaíocht in 2021.

Shínigh an AE agus an tSín comhaontú déthaobhach chun 100 Tásc Geografach (GI) a chosaint sa tSín, lena n-áirítear Uisce Beatha agus Uachtar na hÉireann agus 100 GI Síneach san Aontas Eorpach i gcoinne forghabhála agus aithrise. Tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm in 2021. Lena chois sin, ag deireadh 2020, chuir an AE agus an tSín i gcrích idirbheartaíochtaí a bhain le Comhaontú Cuimsitheach ar Infheistíocht (CAI) agus nuair a fhaomhfar é, feabhsófar rochtain mhargaidh d'infheisteoirí na hÉireann agus na hEorpa ar mhargadh na Síne ina bhfuil 1.4bn duine i ngach earnáil gheilleagair. Nuair a dhaingneofar é, is é an CAI seo an comhaontú infheistíochta is uaillmhianaí dá ndearna an tSín riamh le tríú tír. Le cois rialacha i gcoinne aistriú faoi bhrú teicneolaíochtaí, beidh an CAO ar an gcéad chomhaontú oibleagáidí i leith iompraíocht fiontair faoi úinéireacht stáit agus rialacha cuimsitheacha trédhearcachta ar fhóirdheontais a sheachadadh.

Lean an Roinn fosta den chomhoibriú le Coimisiún na hEorpa agus le Ballstáit chun a chinntiú go gcuirfear chun cinn agus go gcumhdófar leas na hÉireann in idirbheartaíochtaí trádála eile atá idir lámha ag an AE. Leanadh den obair ar athrú ar ionstraimí cosanta

trádála AE agus ar reachtaíocht eile cosanta trádála de chuid an AE, lena n-áirítear Rialachán Forfheidhmiúcháin arna chomhaontú i nDeireadh Fómhair 2020 agus ar an gcaibidil leanúnach ar thabhairt chun cinn na hIonstraime Soláthair Idirnáisiúnta a nglactar léi mar bhunsprioc reachtaíochta don AE in 2021.

I ndiaidh thabhairt chun críche idirbheartaíochtaí Chomhaontú Chomhlachas AE-Mercosur i Meitheamh 2019, chuir an Roinn tairiscint amach i mí na Nollag 2019 ar Mheasúnacht Tionchair Eacnamaíochta agus inbhuanaitheachta ar mhargadh trádála AE-Mercosur i gcomhar leis an Roinn Trádála, Bia agus Mara. Tá an Mheasúnacht Tionchair le cur i gcrích go luath in 2021.

## COMHOIBRIÚ NÍOS DLÚITHE LENÁR nGNÍOMHAIREACHTAÍ CHUN SPRIOCANNA TRÁDÁLA AGUS INFHEISTÍOCHTA A GHNÓTHÚ

Mar gheall ar fhás an chosantais i margaí idirnáisiúnta trádála, lagú an ollstruchtúir iltaobhaigh trádála, díospóidí móra domhanda trádála, cinneadh RA tarraingt siar ón AE faoi 31 Nollaig 2020 agus na dúshláin a tháinig le COVID-19, leanadh den ghá a bhí le forbairt ionchuir chuí ón Roinn ó thús deireadh 2020. Ba é toradh comhordú éifeachtach idir an Roinn agus a Ghníomhaireachtaí, forbairt freagairtí beartais straitéiseach i réimsí forbairt fiontraíochta, nuálaíochta, beartas trádála agus idirbheartaíochtaí agus, san am céanna, ag iarraidh leibhéil reatha infheistíocht isteach agus feidhmíocht láidir easpórtála a choinneáil.

Is cuidiú é don Rialtas Misin Trádála agus Infheistíochta faoi stiúir Airí i mórfheachtas an Rialtais i dtreo éagsúlú margaidh. Le blianta beaga anuas, díríodh sna Misin seo ar chur chun cinn inniúlachtaí nuálacha agus ar thairiscintí iomaíocha comhlachtaí Éireannacha do cheannaitheoirí idirnáisiúnta in earnálacha amhail seirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta, teicneolaíocht airgeadais, foirgníocht ardteicneolaíochta, innealtóireacht, TFC agus eolaíochtaí beatha. Níl sna Misin Trádála ach cuid amháin de chlár cuimsitheach d'imeachtaí idirnáisiúnta trádála a sheachadann gníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne, a thugann deis do chomhlachtaí Éireannacha bualadh le ceannaitheoirí féideartha agus líonrú le lucht tionchair i dtíortha ar fud an domhain.

Bhí clár d'imeachtaí poiblíochta beartaithe chun a dtionól in 2020, a ceapadh chun na buntáistí a bhaineann le comhaontuithe den chineál seo d'easpórtálaithe na hÉireann a leagan amach. Mar gheall, áfach, ar shrianta ar chruinnithe in airéiní faoi dhíon, cuireadh bac ar ghnóthú éifeachtach an chuspóra seo. Ó d'éirigh sé soiléir nárbh fhéidir na cruinnithe páirtithe leasmhara a bhíothas a bheartú a thionól mar gheall ar rioscaí sláinte COVID-19, bhain an Roinn feidhm as deiseanna gréasáin agus ardáin eile meáin shóisialta chun feasacht a ardú ar an ábhar atá forbartha ag an Roinn, ag a gníomhaireachtaí agus ag Coimisiún na hEorpa chun na buntáistí atá le comhaontuithe trádála AE d'easpórtálaithe na hÉireann, lena n-áirítear tuairisc na Roinne ar an ról atá aici féin agus a gníomhaireachtaí i gcuspóirí trádála agus infheistíochta a chur chun cinn in 2019. Leanadh de chur chun cinn ár gcomhlachtaí thar lear trí obair ár nGníomhaireachtaí Stáit agus, go háirithe, a n-oifigí atá lonnaithe ar an talamh ar bhonn idirnáisiúnta.

Sa cheathrú dheiridh de 2020, chuaigh an Roinn i bpáirt lena gníomhaireachtaí chun a fhiosrú an bhféadfaí Clár Misean Trádála faoi stiúir Airí a fhorbairt chun a sheachadadh in 2021, de bharr mhéadú seasmhach i gcásanna COVID-19 a bhraitear ar fud na cruinne. I

gClár Misean Trádála 2021, beidh meascán de mhisin trádála, idir fhíorúil agus le daoine ach beidh a bhfeidhmiú ag brath ar an gcomhairle is déanaí sláinte phoiblí maidir le taisteal.

Chomh maith leis na hiarrachtaí domhanda le cúnamh ár nGníomhaireachtaí, ag croí an ratha a bhí orainn i bhfás easpórtálacha le blianta beaga anuas bhí ár dtiomantas do liobrálú trádála d'fhonn margaí nua a oscailt dár n-earnálacha dúchais. Mar a sonraíodh cheana, d'éirigh leis an AE roinnt comhaontuithe tábhachtacha trádála a thabhairt chun críche le comhpháirtithe trádála agus tá obair idir lámha in idirbheartaíocht nó uasghrádú a chomhaontuithe le go leor eile.

## STRAITÉIS MHARGADH AONAIR DIGITEACH AE

Seoladh straitéis nua AE mheántéarmach dhigiteach dar teideal *Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú* ar 19 Feabhra 2020. Go ceann cúig bliana, beidh an Coimisiún ag díriú ar thrí bhunchuspóir chun a chinntiú go gcabhróidh réitigh dhigiteacha leis an Eoraip dul a bealach féin i dtreo claochlú digiteach atá le leas an phobail trí mheas a léiriú ar luachanna Eorpacha. Is iad na cuspóirí seo: Teicneolaíocht a oibríonn do na daoine; geilleagar digiteach atá cothrom agus iomaíoch; agus sochaí oscailte, dhaonlathach agus inbhuanaithe. I Meán Fómhair 2020, mhol Uachtarán an Choimisiúin croíthionscnamh do 2021 - *Cumarsáid 10 mBliana Dhigiteach na hEorpa: Spriocanna Digiteacha 2030*. Moltar leis seo plean comónta don Eoraip dhigiteach ina mbeadh spriocanna a shainmhíneofaí go soiléir i dtreo 2030 agus fócas ar shonraí, intleacht shaorga, ardáin dhigiteacha agus nascacht.

I ndiaidh cruinniú de thíortha D9+ i Vársá i mí na Nollag 2019, d'ullmhaigh an D9+ páipéar leathoifigiúil do Choimisiún na hEorpa i mí na Bealtaine 2020 ar Phacáiste an Achta um Sheirbhísí Digiteacha. Is grúpa leibhéal Aireachta é an D9+ de thíortha atá ar aon intinn, Éire san áireamh, bunaithe ar a n-ionad ar an Innéacs Geilleagar agus Sochaí Dhigiteach a thagann i gceann a chéile chun ceisteanna Margadh Aonair Digiteach a phlé. Ar an ngrúpa tá na naoi dtír Eorpacha is airde aicmiú ar Innéacs Bliantúil Innéacs Geilleagar agus Sochaí Dhigiteach Choimisiún na hEorpa le cois roinnt bheag tíortha eile a bhfuil na huaillmhianta céanna acu ó thaobh Margadh Aonair Digiteach de. Bhí cruinniú fíorúil ag an D9+ i Meitheamh 2020 agus an fócas ar Pháipéar Bán AE ar an intleacht shaorga, I nDeireadh Fómhair 2020, thug an D9+ páipéar leathoifigiúil do Choimisiún na hEorpa ar Intleacht Shaorga nuálach, iontaofa.

## SAOTHARLANN NÁISIÚNTA MÉADREOLAÍOCHTA

Tá Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML) an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ina páirtí de chuid Chlár Méadreolaíochta na hEorpa um Nuálaíochta agus Taighde (EMPIR) a chomhordaíonn tionscadail taighde chun dul i ngleic le dúshláin mhórscála sa tsláinte, fuinneamh, comhshaol agus tionsclaíocht le cois acmhainn taighde a chothú ar fud bhallstáit an AE. Ghlac NML páirt i dtrí thionscadal EMPIR in 2020. Tá comhthionscadal taighde VersICaL, atá á chomhordú ag an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann sa bhliain deiridh anois.

Ba chomhúdar é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ar chur i láthair ar dhá chomhdháil idirnáisiúnta agus ar pháipéar a foilsíodh in Idirbhearta na hInstitiúide Innealtóirí Leictreacha agus Leictreonacha ar Ionstraimíocht agus Tomhas. De thoradh an tionscadail, tógadh droichead digiteach coiscis ag NML agus táthar á bhailíochtú faoi láthair. San am atá

le teacht, ba chóir go gcuirfí ar chumas NML scála tagartha a fhíorú gan a bheith ag brath ar chalabrúcháin fhorleathana sheachtracha.

Le linn 2020, feabhsaíodh calabrú Ama agus Minicíochta NML a thuilleadh óir glacadh lena chaighdeán príomhúil minicíocht caeisiam i Rannóg Ama an Bhiúró Idirnáisiúnta Meáchan agus Tomhas (BIPM) mar chlog adamhach atá anois ag cur le ríomh Am Idirnáisiúnta Adamhach agus Am Uilíoch Comhordaithe (UTC) trí Chiorclán T 394.

Coinníonn an NML anois Amscála Náisiúnta a aithnítear go hidirnáisiúnta (UTC (an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann)) agus atá inrianaithe chuig Am Uilíoch Comhordaithe (UTC) agus fiosróidh an t-amscála seo a scaipeadh ar eintitis ar spéis leo é le linn 2021. Foráiltear sa Chaighdeán Príomhúil seo i gcomhair inrianaitheacht dhíreach chuig sainmhíniú I.R. ar shoicind.

# Sprioc 7: INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH INÁR BHFOIREANN AGUS TACAÍOCHT A THABHAIRT DÓIBH LENA N-ACMHAINNEACHT AONAIR AGUS CHOMHCHOITEANN A FHEABHSÚ; ARDCHAIGHDEÁIN RIALTAS CHORPARÁIDEACH A CHINNTIÚ; AGUS ÁR N-ACMHAINNÍ GO LÉIR A BHARRFHEABHSÚ LENÁR STRAITÉIS, MISEAN AGUS SPRIOCANNA A SHOLÁTHAR

I measc na bhfeidhmeanna Corparáideacha a chuimsítear faoin gcuspóir seo tá na réimsí idir-rannacha seo a leanas: Rialachas, Acmhainní Daonna, TF, Airgeadas, Cumarsáid, Bainistíocht Saoráidí (lena n-áirítear Sláinte & Sábháilteacht) agus Iniúchadh Inmheánach.

## FREAGAIRT INMHEÁNACH AR COVID-19

Bhí ról ceannasach ag na feidhmeanna Corparáideacha maidir le tacú leis an Roinn agus lena hOifigí leanúint orthu de bheith ag feidhmiú agus seirbhísí feabhsaithe a sholáthar le linn na paindéime. I measc na mbuaicphointí tá na nithe seo a leanas:

- Feistíodh gach ball foirne chun oibriú ón mbaile laistigh de laethanta ó threoir an Rialtais agus rinneadh córais TFC a fheabhsú agus a uasghrádú, lena n-áirítear fís-chomhdháil, lena chinntiú go leanfaí de na seirbhísí go léir a sholáthar;
- Rinneadh ár bhfoirgnimh sábháilte de réir na treorach sláinte poiblí le comharthaíocht, TCP agus prótacail maidir le scaradh sóisialta agus sábháilteacht na foirne a raibh sé riachtanach dóibh obair a dhéanamh ar an láthair a chinntiú;
- Cuireadh córais i bhfeidhm chun baill foirne a athlonnú go tapa chuig réimsí a raibh géarghá leo chun freagairt do riachtanais na fiontraíochta - léirigh an fhoireann solúbthacht mhór agus iad ag glacadh le róil nua agus á gcruthú;
- Mhéadaigh Vóta ár Roinne faoi dhó le linn 2020, rud a léiríonn an t-ardú easpónantúil i scéimeanna atá ann cheana agus scéimeanna nua chun freastal ar riachtanais ghnó;
- Bogadh ár gcur chuige cumarsáid inmheánach agus seachtrach ar líne le méadú mór ar ár láithreacht ar na meáin shóisialta agus ar ár gcórais chumarsáide inmheánacha - fuarthas bealaí nuálacha chun plé le baill foirne ar gach leibhéal agus leibhéil arda nascachta a chinntiú;
- Cuireadh Ionad Faisnéise Fiontraíochta nua ar bun mar acmhainn thiomnaithe le haghaidh faisnéise ar an raon leathan tacaíochtaí atá ar fáil do ghnó a dhéileálann le COVID-19 i dtús báire, ach a leathnaíodh ansin chun faisnéis faoin mBreatimeacht a áireamh - d’fhreagair an tIonad os cionn 11,200 glao agus ríomhphost in 2020.
- I ndiaidh suirbhé a dhéanamh ar an bhfoireann, bunaíodh Grúpa Oibre inmheánach COVID-19 ina raibh 40+ ball foirne as gach grád agus as gach réimse sa Roinn chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi na céimeanna a glacadh chun tacú le baill foirne atá ag obair ón mbaile agus an obair chumaisc atá á pleanáil don todhchaí;
- Bogadh comórtais i gcomhair ardú céime agus foghlaim agus forbairt don fhoireann ar líne - bhain sé seo le hathdhréachtú próiseas agus nósanna imeachta agus le

modhanna oibre nua lena n-áirítear baill foirne nua a thabhairt ar bord agus tacú le soghluaisteacht foirne;
- Sheolamar ár gcéad Chreat Folláine an 1 Bealtaine 2020 a chuimsigh sraith tionscnamh nua chun tacú le folláine choirp, mheabhrach agus shóisialta na foirne uile.

## TEICNEOLAÍOCHT A ÚSÁID CHUN ÉIFEACHTACHT A LORG AGUS CHUN SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ A FHEABHSÚ

Chuaigh COVID-19 i bhfeidhm go mór ar sheirbhís inmheánach TFC na Roinne. Mar fhreagairt ar an gcéad dianghlasáil, b'éigean don Roinn aistriú faoi ghearrfhógra ó mhúnla oibríochta oifig-bhunaithe den chuid is mó go dtí cianobair iomlán do gach ball foirne ach mionlach a bhí ag teastáil ar an láithreán. Áiríodh leis seo imlonnú rathúil níos mó ná 800 ball foirne, ag úsáid meascán de ríomhairí glúine agus deasc, chun cianobair a dhéanamh. Ar a bharr sin, méadaíodh seirbhísí fís-chomhdhála go mór chun comhoibriú leanúnach idir baill foirne a éascú, go háirithe i bhfianaise méaduithe suntasacha ar go leor ualaí oibre mar fhreagairt don ghéarchéim.

Rinneadh roinnt feabhsuithe ar líonraí na Roinne i rith na bliana chun coinneáil suas leis an trácht líonra méadaithe a d'eascair as cianobair. Mar gheall ar an aistriú chuig cianobair, agus an gá leanúint orainn le seachadadh seirbhíse do chustaiméirí na Roinne a bhí ag úsáid múnlaí seachadta cianda, cuireadh feabhsúcháin phróisis i bhfeidhm go tapa i roinnt réimsí gnó. Ina measc sin bhí próiseáil agus eisiúint ceadanna fostaíochta, próiseáil ceadúnais easpórtála agus próisis sa Chúirt Oibreachais.

In ainneoin an ghá a bhí le freagairt go tapa ar an ngéarchéim, rinneadh roinnt tionscnaimh eile a sheachadadh i rith na bliana:

- tugadh straitéis nua TFC chun críche agus comhaontaíodh í don Roinn, a leagann amach ár n-uaillmhianta maidir le seachadadh seirbhíse agus athraithe TFC go 2025;
- tugadh tacaíocht don Oifig um Chlárú Cuideachtaí chun athnuachan an-suntasach a dhéanamh ar a córais cúloifige agus phoiblí dá custaiméirí;
- in Oifig Maoine Intleachtacha na hÉireann, rinneadh comhdhlúthú a sheachadadh ar a gcórais phoiblí, rud a fheabhsóidh roghanna i gcomhair tacaíochta;
- cuireadh tacaíocht ar fáil don Choimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre le múnla nua a sholáthar le cabhrú le seirbhísí idirghabhála;
- lean an Roinn uirthi lena clár chun seirbhísí a aistriú chuig an ardán seirbhísí comhroinnte 'Tógáil le Roinnt', lena n-áirítear córais le haghaidh bainistíocht riosca agus tacaíocht inmheánach deasc chabhrach;
- i bhfianaise na rioscaí breise a bhaineann leis an aistriú chuig cianobair, leagadh fócas leanúnach ar oideachas agus feasacht chibearshlándála, lena n-áirítear feachtas feasachta ar fhioscaireacht a rolladh amach; agus ar deireadh
- leanadh d'fhócas láidir a chur ar sheirbhísí atá láidir, slán agus oiriúnach a sholáthar do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

## ÁR SOCRUITHE CÓIRÍOCHTA A OIRIÚNÚ MAR FHREAGAIRT DO COVID-19

Mar fhreagairt do COVID-19, b'éigean don Roinn agus a hOifigí roinnt beart a bhaineann le cóiríocht a chur i bhfeidhm go tapa inár láithreacha chun iad a chosaint ar COVID-19 agus le sláinte agus sábháilteacht ár bhfoirne agus aon chuairteoirí a bhí ar an láthair ag tabhairt faoi aon ghnó riachtanach a chosaint. Tá an Roinn agus a hOifigí lonnaithe ar fud 11 fhoirgneamh éagsúla ar fud na tíre. De ghnáth, roinnimid suíomhanna le comhlachtaí poiblí eile agus/nó le cuideachtaí na hearnála príobháidí agus mar sin bhí freagairt shaincheaptha ag teastáil ó gach suíomh chun an riosca COVID-19 a laghdú do gach foirgneamh ar leith. I measc na mbeart a bhí ann mar fhreagairt bhí na nithe seo a leanas: coigeartuithe fisiciúla ar oifigí agus ar limistéir pobail chun riachtanais um scaradh sóisialta a éascú; comharthaíocht a bhaineann le COVID-19; soláthar TCP áirithe; agus prótacail nua maidir le láithreacht ar an suíomh de réir riachtanais sláinte phoiblí.

## FÓCAS AR FHOLLÁINE BAILL FOIRNE LE LINN COVID-19


Ón tús thuig an Bord Bainistíochta go maith an gá le tacaíocht a thabhairt d'fhoireann na Roinne plé leis na dúshláin ghairmiúla agus phearsanta a bhaineann leis an bpaindéim. Rinneamar é sin trí fhreagracht fheidhmiúil as Folláine a leithdháileadh ar Aonad sa Roinn agus d'fhorbraíomar agus sheolamar ár gcéad Chreat Folláine an 1 Bealtaine 2020 le bheith ann ag an am céanna leis an Lá Náisiúnta Folláine san Áit Oibre. Cuimsíonn an Creat na ceithre chroíréimsí seo a leanas: Aclaíocht Fhisiciúil, Aclaíocht Mheabhrach, Cothú agus Folláine Shóisialta, agus forbraíodh é i gcomhairle le baill foirne a chuaigh go deonach le bheith mar chuid dár nGrúpa Oibre Folláine. I measc na dtionscnamh a seachadadh tá: Acmhainní folláine ar ár nInlíon agus Nuachtlitir Folláine mhíosúil, seimineáir ghréasáin ag am lóin le Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe sa Státseirbhís agus le saineolaithe ar ábhair sláinte éagsúla, club leabhar, ranganna ióga/pilates ar líne.

Chun tacú go hiomlán leis an bhfoireann agus chun a chinntiú go raibh faisnéis cothrom le dáta acu ar gach forbairt chorparáideach a bhaineann le COVID-19, chuireamar rannán ar bun tiomnaithe ar inlíon na Roinne (Bob). Ar a bharr sin, d'eisigh an tArd-Rúnaí r-phost don fhoireann uile gach lá ó lár mhí an Mhárta go dtí deireadh mhí an Mheithimh. Ó mhí Iúil, d'aistrigh sé go nuashonrú seachtainiúil agus lean sé ar aghaidh ó shin mar tá an-tóir ag an bhfoireann air, chun iad a nascadh agus iad a choinneáil suas chun dáta leis an méid atá á dhéanamh ag an Roinn chun tacú le fiontar trí bheartas agus chláir, agus lena bhfuil ag tarlú ag leibhéal corparáideach.

## ACMHAINNÍ DAONNA AGUS FREAGAIRT DO COVID-19

In ainneoin an mhéadaithe shuntasaigh ar fheidhmeanna na Roinne, agus go leor scéimeanna nua agus dúbailt an Bhuiséid, bhain an Roinn é seo go léir amach le méadú measartha ar an bhfoireann. Ba iad na huimhreacha a bhí ag feidhmiú sa Roinn ná 927 (879.87 FTE) ag deireadh 2019 agus 940 (895.51 FTE) ag deireadh 2020. Nuair a tharla athrú sa Rialtas in 2020, bhí athruithe i struchtúr na Roinne agus ina sainordú le haistriú cuid dá feidhmeanna taighde chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta nuabhunaithe agus aistriú a gníomhaíochtaí gnóthaí fostaíochta a bhaineann le gníomhaíochtaí ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus feidhmeanna trádála ón Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Chuaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm go mór ar fheidhmeanna Acmhainní Daonna (AD) in 2020: rinneadh an t-aistriú mórdhíola chuig cianobair agus na riachtanais acmhainní a tháinig chun cinn mar fhreagairt don ghéarchéim mar phríomhfhócas AD i rith na bliana agus bhí gá le tús áite a thabhairt athuair do réimsí áirithe oibre.




Chruthaigh forbairt na cianoibre mar phríomh-mhodh oibre i rith 2020 deiseanna don Roinn teicneolaíocht a úsáid chun tuilleadh cuíchóirithe agus 'bogadh ar líne' a dhéanamh nuair is féidir.

Chuir suirbhé foirne a rinneadh i mí an Mheithimh sonraí cothrom le dáta ar riachtanais na foirne ar fáil agus d'éascaigh sé bearta freagracha a dhéanamh.

Rinne Acmhainní Daonna iarrachtaí breise dul i dteagmháil le cohóirt foirne áirithe lena chinntiú go raibh a gcuid riachtanas á gcomhlíonadh i bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le cianobair agus an phaindéim. Áiríodh leo sin cruinnithe breise rialta leis na Ceardchumainn tríd an gComhairle Roinne, agus teagmháil duine le duine le hiontrálaithe nua sa Roinn.

## MEITHEAL COVID-19

Mar thoradh ar an suirbhé foirne a rinneadh i mí an Mheithimh forbraíodh plean gníomhaíochta agus bunaíodh Meitheal COVID-19 chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, faoi stiúir AD agus na nAonad Bainistíochta Saoráidí (lena n-áirítear Sláinte & Sábháilteacht), le níos mó ná 40 comhghleacaí ó gach cuid den Roinn rannpháirteach ó gach Rannán agus ó gach ceann de na hOifigí. Aithníodh 14 ghníomh ardleibhéil a raibh beagnach 50 tionscnamh / gníomhaíocht mar bhonn fúthu.

Cuimsíonn siad sin cúig réimse théamacha de Threalamh & Eirgeanamaíocht, Foireann a Bhainistiú go cianda, Sláinte & Folláine, Cumarsáid le haghaidh Foirne agus Cianobair anois agus i ngnáthuaireanta.

## EARCAÍOCHT, POIST AGUS PLEANÁIL DON LUCHT SAOTHAIR

I bhfianaise srianta COVID-19, d'fhorbair AD modheolaíochtaí nua chun píblínte acmhainní a sheachadadh go leanúnach. Bhog feachtais cur chun cinn inmheánacha agus comórtais eile ar líne. Bhí 16 chomórtas inmheánach ann le linn 2020, a chuimsigh 218 iarratas; Rinneadh bainistíocht fhíorúil ar 15 de na comórtais sin.

Lean AD orthu ag dul i gcomhairle leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (CPS) chun gráid ghinearálta a earcú ó fheachtais earcaíochta oscailte agus idir-rannacha. Rinne an CPS bainistíocht freisin ar 10 bhfeachtas eile thar ceann na Roinne chun earcú do phoist sa

Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus in Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus chun sainscileanna dlí a fháil don Roinn.

Mar chuid de phleanáil chomharbais na Roinne agus leis an gcumas scileanna ar leith a earcú go tráthúil, rinne an Roinn iarratas ar cheadúnas earcaíochta agus fuair sí é ón gCoimisiún um CPS.

Trí úsáid a bhaint as pleanáil don lucht saothair agus rannpháirtíocht leis an mbainistíocht shinsearach, chinntíomar go leanfaí de lucht saothair atá 'oiriúnach don fheidhm' a thógáil, ag uasmhéadú tacar scileanna agus ag ceangal duine-le-post ar an mbealach is fearr chun cuspóirí na Roinne a bhaint amach. Ceadaíodh 40 ball foirne breise chun aonaid bheartais a neartú ar fud na Roinne agus ceadaíodh 10 ball foirne breise don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Faomhadh na poist bhreise chun tiomantais nua a leagadh amach sa Chlár Rialtais a sholáthar agus chun cabhrú le freagra na Roinne ar COVID-19. Chabhraigh poist a líonadh le tionscnaimh amhail dearadh, forbairt agus feidhmiú céimneach scéimeanna ríthábhachtacha le cabhrú le gnóthaí in Éirinn a ndeachaigh an ghéarchéim sláinte agus Ionad Faisnéise Fiontraíochta nua i bhfeidhm orthu.

Bhí athrú foirne nádúrtha, acmhainní breise agus deiseanna cur chun cinn mar chúis le 'hathnuachan' shuntasach foirne i rith na bliana:

- 95 iontrálaí nua;
- 92 imeacht, lena n-áirítear 32 scor;
- 78 aistriú inmheánach; agus
- 36 ardú céime.

Ag teacht le hAthnuachan na Státseirbhíse, tá an Roinn i ndiaidh dul i dteagmháil go láidir le Scéimeanna Soghluaisteachta Leathan na Státseirbhíse do gach leibhéal grád rannpháirteach ó bunaíodh í.

Lean an Roinn uirthi freisin ag cinntiú tacaíocht leordhóthanach d'fhoireann ina naoi nGníomhaireacht agus sna Boird Stáit atá faoina coimirce. Próiseáladh 186 iarratas chun déileáil le líonadh folúntais agus poist nua a bhunú do Ghníomhaireachtaí, agus ba é an t-ualach mór oibre mar gheall ar an ngá le méadaithe acmhainní mar thoradh ar an mBreatimeacht a ba chúis leis, i bpáirt.

## FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

Ag teacht leis an atosaíocht straitéiseach a d'eascair as an bpaindéim, rinneadh formhór na foirne san Aonad Foghlama agus Forbartha a athlonnú le cabhrú le freagra na Roinne ar COVID-19 agus d'fhan siad ag gabháil do na gníomhaíochtaí seo ar feadh cuid mhaith den bhliain.

Mar sin féin, cuireadh punann de dheiseanna oiliúna agus acmhainní foghlama ar fáil ar líne do bhaill foirne ar fud na Roinne. I rith na bliana, d'fhreastail os cionn 300 ball foirne ar réimse seisiún a bhain le sainchúram na Roinne lena n-áirítear beartas iomaíochais, próisis chaighdeánaithe náisiúnta, an Coimisiún Eorpach nua agus an próiseas reachtach.

Tríd an Scéim Réamhíocaíochta Táillí, mhaoinigh an Roinn clárú 21 ball foirne i gcúrsaí acadúla in 2020 agus lean sí de thacaíocht a thabhairt do 28 ball foirne a lean lena gcuid

staidéir ar cháilíochtaí ón Dioplóma go leibhéal Dochtúireachta i ndisciplíní atá ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha na Roinne amhail Eacnamaíocht, Eolaíocht in Anailís Bheartais, Dlí Fostaíochta agus Riarachán Gnó.

Cuireadh tairiscintí oiliúint meantóireachta agus feidhmiúcháin in oiriúint chun soláthar ar líne a éascú agus leanadh orthu ag feidhmiú mar uirlisí suntasacha chun cabhrú le fás agus forbairt foirne. Ghlac thart ar 70 ball foirne páirt faoi mheantóireacht nó mar mheantóirí sa chlár meantóra. Dírithe ar an mbainistíocht shinsearach, rinne 16 bhall foirne ar leibhéal an Phríomhoifigigh Cúnta agus an Phríomhoifigigh rochtain ar chúrsa de sheisiúin duine le duine oiriúnaithe le teagascóirí feidhmiúcháin seachtracha atá deimhnithe go gairmiúil.

Tugadh cabhair bhreise d'fhorbairt ceannaireachta trí rannpháirtíocht na foirne sa chlár Ceannaireachta Feidhmiúcháin Príomhoifigeach agus sa Chlár Dul i gCeannas - Mná sa Cheannaireacht. Chuir an Fóram Bainistíocht Shinsearach, a seachadadh i mí Eanáir 2020, fócas straitéiseach ar dhúshláin agus ar dheiseanna gníomhaíochta aeráide ar fáil.

Le linn na bliana, mhéadaigh OneLearning, Seirbhís Foghlama agus Forbartha na Státseirbhíse, a sheirbhís ar líne, ag soláthar beagnach 30 cineál cúrsa éagsúil trí sheomraí ranga fíorúla. In 2020, chríochnaigh baill foirne na Roinne beagnach 350 cúrsa OneLearning, 311 díobh go fíorúil, i réimsí lena n-áirítear bainistíocht daoine, scileanna cumarsáide agus cur i láthair agus seirbhísí do chustaiméirí. Chomh maith leis sin, dhearamar clár taighde gníomhaíochta ar a dtugtar 'Foirne Nasctha', agus muid ag súil go mbeidh obair chumaisc sa bhaile, sa mhol nó san ionad oibre mar chuid den saol amach anseo, tá sé mar chuspóir ag an tionscnamh modhanna cianoibre agus cumaiscthe de na cleachtais is fearr a shainaithint agus a chur chun cinn agus cuirfear i bhfeidhm iad go céimneach sa chéad leath de 2021.




## AIRGEADAS

### Freagairt na Roinne don BHREATIMEACHT agus COVID-19 a Mhaoiniú

Chuir Imleabhar na Meastachán Athbhreithnithe a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2019 leithdháileadh comhlán de €970.9m ar fáil don Roinn le húsáid in 2020. Mhéadaigh an fíor-Mheastachán a d'fhaomh an Dáil i mí an Mheithimh 2020 leithdháileadh na Roinne go €1.453bn. Méadaíodh é sin ina dhiaidh sin go €1.907bn sa Mheastachán Athbhreithnithe Breise a d'fhaomh an Dáil i mí na Samhna 2020. Bhí an dúbailt nach mór seo ar mhaoiniú Vóta na Roinne ríthábhachtach chun a chur ar chumas na Roinne, ár nOifigí agus ár nGníomhaireachtaí, tionscnaimh riachtanacha thráthúla a fheidhmiú go céimneach chun cabhrú le gnóthaí agus le tomhaltóirí agus iad ag iarraidh a mbealach a dhéanamh trí dhúshláin an-suntasach COVID-19 agus an Bhreatimeachta. Chuige seo, bhí gá le hanailís mhionsonraithe agus soláthar scéimeanna iomchuí chun cabhrú le gnó ag gach céim den phaindéim.

I measc na bpríomhscéimeanna a sheol an Roinn in 2020 bhí an Deontas Atosaigh, an Ciste Fiontar Cothaitheach, an Scéim Táirgí COVID-19, an Scéim Ullamh le hAghaidh Custaim, agus an Scéim Leanúnachas Gnó. Freisin, chuir an maoiniú méadaithe ar chumas na

Roinne a sraith rochtana ar bhearta airgeadais a leathnú trí na háiseanna atá ar fáil faoin Scéim Iasachta Fáis Amach Anseo, an Scéim Caipitil Oibre, an Scéim Iasachta Micrea-airgeadas Éireann a leathnú chomh maith leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 scoite a thabhairt isteach.

Chomh maith leis na tionscnaimh nua a cuireadh i bhfeidhm in 2020, bhí an Roinn in ann an maoiniú a mhéadú do chomhlachtaí mar na hOifigí Fiontair Áitiúla, Intertrade Ireland chomh maith leis an maoiniú do Scéimeanna atá ann cheana a mhéadú mar an Scéim Miondíola Ar Líne agus an Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne.

D'éiligh paindéim COVID-19 freisin ar an Roinn a nósanna imeachta a oiriúnú don timpeallacht chianoibre lena chinntiú go leanfadh sí uirthi ag comhlíonadh go rathúil a cuid oibleagáidí i leith a soláthraithe agus a fostaithe.

## CUMARSÁID

Nuair a cuireadh srianta COVID-19 i bhfeidhm go luath in 2020, níorbh fhéidir beartais na Roinne a chur chun cinn a thuilleadh trí imeachtaí geallsealbhóirí agus preasráitis. Cuireadh béim níos mó mar sin ar bhealaí digiteacha a úsáid chun obair ár nAirí, agus forbairt agus cur i bhfeidhm beartas agus clár a chur in iúl.

I measc na bhfeachtas a reáchtáladh ar ár n-ardáin dhigiteacha bhí cabhrú le gnó trí thionchair COVID-19 agus Breatimeacht, lena n-áirítear: feachtas COVID-19 Tacaíochtaí do Ghnólachtaí; an Prótacal Náisiúnta um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte; an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa; an Scéim Miondíola Ar Líne; Feachtas maidir le Siopadóireacht go Sábháilte; agus tacaíochtaí Breatimeachta do Ghnólachtaí.

Mar thoradh ar an athrú béime seo tharla rannpháirtíocht níos mó dá réir ar ár gcainéil dhigiteacha, go háirithe ar LinkedIn, a mhéadaigh beagnach ceithre huaire ó bhonn díreach faoi bhun 10,000 leantóir, go beagnach 50,000 leantóir faoi lár 2021. Fágadh imprisin os cionn 1.6m postálacha ar ár gcuntas LinkedIn i rith na bliana.

Tharla fás freisin ar lucht leanúna Twitter na Roinne (@DeptEnterprise), cé gur measartha é ná ár rannpháirtíocht LinkedIn. Mhéadaigh líon na leantóirí níos mó ná an cúigiú cuid go dtí os cionn 28,000 agus fuair ár gcuid tvuíteanna breis agus 11.9m imprisean. Bhain an rannpháirtíocht go príomha le tacaíochtaí COVID-19 do ghnó, agus tacaíochtaí Breatimeachta ina dhiaidh sin, Siopadóireacht Shábháilte agus an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha.

Logáil suíomh gréasáin na Roinne os cionn 2.4m seisiún, ó níos mó ná 1.3m úsáideoir in 2020. Ba mhéadú é seo de 36% agus 83%, faoi seach, ar fhigiúirí 2019. Is é an t-ábhar is mó a bhfuil tóir air ná Ceadanna Fostaíochta, tionscnaimh ghnó COVID-19 agus an Prótacal um Obair go Sábháilte. Lean rannpháirtíocht níos traidisiúnta sa phreas idir an dá linn, trí phreasráitis a eisiúint agus trí phlé le ceisteanna iriseoirí ó gach ardán sna meáin.

Go hinmheánach, d'athraigh cianobair go bunúsach an dóigh ar idirghníomhaigh baill foirne sa Roinn. Ghluais formhór mór na foirne ó chomhghleacaithe agus cairde a fheiceáil go pearsanta, go glaonna físe nó teileafóin. In éagmais na hidirghníomhaíochta daonna sin, d'fhás tábhacht inlíon na Roinne (Bob), mar fhoinse iontaofa faisnéis chorparáideach agus shóisialta. Fuaireamar amach gur cuireadh ailt bhreise agus ábhar físe ar ardchaighdeán ar Bob in ionad na n-ócáidí traidisiúnta sin ina dtagaimid le chéile amhail an Nollaig, ceiliúradh

ar scor agus ár seirbhís bhliantúil d'iarchomhaltaí. Bhí sé thar a bheith dearfach go raibh caidreamh láidir ag an bhfoireann leis na hócáidí sóisialta nua grianghrafadóireachta agus fís-bhunaithe seo, agus iad ag roinnt scéalta pearsanta faoi na dúshláin a bhí rompu agus an mianach a fuair siad agus iad ag plé le deacrachtaí agus ag déanamh a mhór den bhliain a bhí ann.

## ATHRÚ AINM, AISTRIÚ FEIDHMEANNA AGUS TARMLIGEAN CHUIG AIRÍ STÁIT

Tar éis an athraithe Rialtais, athraíodh ainm na Roinne agus leis sin rinneadh roinnt athruithe ar fheidhmeanna. Tugadh faoi obair ar fud na Roinne leis an ainm nua a chur i bhfeidhm le hathruithe lena n-áirítear brandáil, seoladh ríomhphoist, ainm fearainn an tsuímh ghréasáin, na meáin shóisialta agus cumarsáid inmheánach. Socraíodh Orduithe Toscaireachta chun foráil a dhéanamh maidir le feidhmeanna gnó, fostaíochta agus miondíola a tharmligean chuig an Aire English agus feidhmeanna cur chun cinn trádála, agus rialacháin dhigiteacha agus chomhlachta chuig an Aire Troy. Tugadh faoi obair shuntasach chun cinntí a chur i bhfeidhm maidir le haistriú feidhmeanna isteach agus amach as an Roinn. Tugadh faoin obair sin de réir nósanna imeachta atá leagtha amach sna Treoirlínte um Aistriú Feidhmeanna agus sa Lámhleabhar Dea-Chleachtais agus áiríodh ann cur síos ar scóip na bhfreagrachtaí atá le haistriú, baill foirne agus acmhainní airgeadais a shainaithint le haistriú agus socruithe a dhéanamh do na dátaí éifeachtacha agus athruithe iarmhartacha ar ár Vóta.

Bhí cúig shruth oibre ar leith i gceist, ceithre cinn a bhain le feidhmeanna nua ag teacht isteach sa Roinn agus ceann amháin a bhain le haistriú na hoibre a bhí ann cheana. Aistríodh feidhmeanna eolaíochta, lena n-áirítear freagracht as Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Institiúid Tyndall, chuig an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. I measc na réimsí oibre a aistríodh isteach sa Roinn le linn 2020 bhí:

- Cur chun cinn trádála ón Roinn Gnóthaí Eachtracha;
- Cearta fostaíochta, beartas iomarcaíochta agus dócmhainneachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí;
- An Coimisiún um Pá Íseal ón Roinn Cosanta Sóisialta;
- Grúpa Cothromaíochta dó Ghnó Níos Fearr ón Roinn Dlí agus Cirt;
- Dearbháin Trádála ar líne ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

## FREAGRA INMHEÁNACH AR DHÚSHLÁN NA GNÍOMHAÍOCHTA AERÁIDE

### Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainní 2019/20.

Foilsíodh an chéad *Phlean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainní* (REAP) de chuid na Roinne i lár 2019 agus tá sé ar fáil ar ár láithreán Gréasáin. Leagtar amach ann go leor gníomhaíochtaí atá á ndéanamh againn go hinmheánach ar fud ár bhfoirgneamh le fócas ar 4 réimse téamacha Fuinneamh, Bainistíocht Dramhaíola, Úsáid Uisce agus Éiceolaíocht / Saol plandaí, agus tá an dara plean gníomhaíochta le foilsiú go luath in 2021.

Tá an REAP faoi stiúir ag 'Foireann Ghlas' inmheánach an-ghníomhach ina bhfuil níos mó ná 40 ball ar fud na Roinne agus a hOifigí a oibríonn i gcomhar lena chéile chun feasacht a

mhúscailt ar shaincheisteanna 'Glas', tionscnaimh a chur i bhfeidhm agus feabhsúcháin ar phróisis agus ar fhoirgnimh a bhainistiú ar fud na 4 réimse téamacha.

Ó foilsíodh an chéad *REAP* tá 78 gníomh sonrach sainaitheanta ag 'Foireann Ghlas' na Roinne, ag comhlánú 40 díobh, agus 23 gníomh eile ar siúl agus 15 bheart breise beartaithe le tosú in 2021. Ba é an mórthionscadal a seachadadh go rathúil in 2020 ná uasghrádú Soilsiú LED a críochnaíodh ar cheanncheathrú na Roinne ag 23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath, mar chuid de chlár an OOP *Optimizing Power @ Work*.

## Feidhmíocht Fuinnimh

Taispeánann Tuarascáil Bhliantúil 2020 Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann 2020 ar fheidhmíocht Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí gur sholáthair an Roinn 52.9% i gcoigilteas fuinnimh ón mbliain bhonnlíne (2009), is é sin coigilteas i bhfad níos mó ná an sprioc thosaigh 33% a leagadh síos do chomhlachtaí poiblí agus atá suite go maith le soláthar thar sprioc de 50% faoi 2030 a bhaint amach.

## Oibleagáidí chun Monatóireacht agus Tuairisciú a dhéanamh ar Sholáthar Poiblí Glas

Éilíonn Ciorclán 20/2019 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe go gcaithfidh gach Roinn tuairisciú go bliantúil ar a soláthar poiblí glas (GPP) ag tosú le Tuarascálacha Bliantúla 2020.

Tá monatóireacht agus meastóireacht ar GPP á meas ag leibhéal an AE agus rinneadh tagairt dó le déanaí i Socrú Glas an AE. Cuimsítear sa teimpléad in Aguisín 3 na hocht n-earnáil tosaíochta atá liostaithe i dTreoir Soláthar Glas 2014 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don Earnáil Phoiblí agus taispeánann sé luach iomlán na gconarthaí a d'eisigh an Roinn seo in 2020, ar luach os cionn € 25,000 de réir na hearnála tosaíochta, a ionchorpraíodh in GPP.

## ATHNUACHAN NA STÁTSEIRBHÍSE

Thacaigh an Roinn go láidir leis na gníomhaíochtaí a leagadh amach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse agus bhí ról ceannasach aici ar roinnt tionscadal, lena n-áirítear sannadh foirne chun tacú leis an gclár oibre seo sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. An tríú Suirbhé ar Rannphháirtíocht Fostaithe sa Státseirbhís a seoladh in 2020, léiríonn sé deis d'fhoireann a dtuairim a thabhairt ar an gcaoi ar fhreagair a n-eagraíochtaí féin le torthaí dúshlánacha suirbhéanna roimhe seo.

Cuireadh Gradaim Bhliantúla Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 'ar sos' in 2020. Ina áit sin, reáchtáladh Imeacht Aitheantais Fíorúil an 26 Samhain le haitheantas a thabhairt do na tionscnaimh a forbraíodh mar fhreagairt do ghéarchéim COVID-19 i dtimpeallacht dhúshlánach atá ag athrú go tapa; bhreithnigh an Roinn roinnt tionscadal fiúntach agus roghnaigh sí an tionscadal don Phlean Teagmhasach chun Leanúint Chóras Ceadanna Fostaíochta na hÉireann a Chinntiú. Chuir Oifigí na Roinne seirbhís teileafóin glao-ghlao an Coimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre um Fhaisnéis Oibre agus Seirbhís do Chustaiméirí, agus Seomra Cúirte Fíorúil na Cúirte Oibreachais isteach. I measc na dtionscadal nuálach eile bhí an tIonad Faisnéise Fiontar agus Agallaimh Físe cianda.

## Innovate@ETE

Ag deireadh 2020, faoi réir an athraithe ar ainm oifigiúil na Roinne, rinneadh an grúpa stiúrtha 'dbeinnovation' a athbhrandáil mar 'Innovate@ETE'. In 2020, thug seacht bhfoghrúpa de bhaill foirne faoi chláir oibre faoi rialachas an ghrúpa stiúrtha Innovate @ ETE. I measc na n-éachtaí lárnacha in 2020 bhí:

1. Coiste na Roinne um Dheich mBliana na gCuimhneachán: Cainteanna ag 23 Sráid Chill Dara – 'An Chuntaois, Iad siúd a Gortaíodh agus an Státseirbhís.'
2. Cultúr Nuálaíochta: Seimineár gréasáin ar dheiseanna agus constaicí ar nuálaíocht
3. Bainistíocht Eolais: Treochlár gníomhaíochta
4. Iompraíocht Bhainisteora: Páipéar ar chultúr 'Oiliúna' sa Roinn a fhorbairt
5. Gluaiseacht: Ag obair le grúpa COVID-19 ar an doiciméad 'Prionsabail na Cianoibre'
6. Folláine: Sceideal imeachtaí agus nuachtlitir choicíse le tacú le folláine na foirne
7. Foireann Ghlas: Feachtas feasachta agus eolais; uasghrádú ar fhuinneamh, teas agus uisce.

## LEASÚ NA hEARNÁLA POIBLÍ

Tá sé mar aidhm ag Gníomh 6 de '*Ár Seirbhís Phoiblí 2020*' 'Cultúr Nuálaíochta a Chur Chun Cinn sa tSeirbhís Phoiblí'. Bhí ról lárnach ag an Roinn i gcur chun cinn an Ghnímh seo leis an Ard-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn, agus le POF Fhiontraíocht Éireann, Julie Sinnamon, ag feidhmiú mar cheannairí ainmnithe. Is í an Rúnaí Cúnta Pauline Mulligan Urraitheoir an Ghnímh agus tá sí freagrach as cathaoirleacht a dhéanamh ar fhoireann Ghníomh 6, a bunaíodh i mí na Bealtaine 2018 agus a chuimsíonn saineolaithe earnála ar fud na Seirbhíse Poiblí.

Faoi dheireadh 2020 sholáthair an grúpa agus an Oifig Bainistíochta Tionscadail (PMO) sa Roinn Caiteachais agus Athchóirithe Poiblí na tionscnaimh seo a leanas.

- Staidéar ar aibíocht ár gcóras nuálaíochta ag tabhairt bunlíne dúinn chun dul chun cinn a thagarmharcáil:
- Dréachtú agus glacadh leis an Dearbhú Seirbhíse Poiblí;
- Saineolaithe earnálacha a chur ar iasacht chuig an Oifig Bainistíochta Clár (PMO);
- Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí a Bhunú;
- Líonra Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí a Bhunú;
- Gradaim Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse a leathnú amach don tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne do chatagóirí ar leith; agus
- Forbairt agus feidhmiú céimneach réimse seirbhísí nuálaíochta L&D le tógáil ar chumas agus ar acmhainn na foirne nuálaíocht a leabú ina gcuid oibre ó lá go lá.

Tá sé mar aidhm ag an ngrúpa leanúint de thacaíocht a thabhairt do chlár oibre leanúnach leasaithe na Seirbhíse Poiblí i 2021.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Cuireann an Roinn béim mhór ar rialachas corparáideach atá láidir agus éifeachtach. Faigheann an Bord Bainistíochta tacaíocht ón bhfoireann san Aonad Tacaíochta Rialachais, Faisnéise agus Bainistíochta chun dea-chleachtas agus cloí lenár n-oibleagáidí uile a chinntiú.

### Creat Rialachais

Leagann Creat Rialachais na Roinne amach an tuiscint atá againn ar rialachas, an fáth a bhfuil sé tábhachtach, an dóigh a ndéanann an Roinn a cuid oibre agus mar a oibríonn sí chun a sainordú agus a feidhmeanna a chomhlíonadh. Cinntíonn sé go bhfuil an bealach a ndéanann an Roinn cinntí agus beartais a chur i bhfeidhm níos trédhearcaí don phobal agus, chomh tábhachtach céanna, don fhoireann laistigh den Roinn.

### Creat Comhlíonta

Tá Creat Comhlíonta i bhfeidhm agus soláthraíonn sé léargas ginearálta ar gach gníomhaíocht dearbhaithe comhlíonta sa Roinn agus sainaithníonn sé cé atá freagrach as gach oibleagáid comhlíonta.

### Bainistíocht Riosca

Cuireadh sraith seisiúin oiliúna maidir le feasacht riosca ar fáil i rith 2019 agus 2020 d'fhoireann ag gráid Príomhoifigigh agus Príomhoifigigh Chúnta agus d'fhreastail dhá thrian den fhoireann sna gráid sin ar na seisiúin a forbraíodh agus a soláthraíodh go hinmheánach.

I mí an Mhárta 2020, fuarthas tuarascáil deiridh an Iniúchta ar Bhainistíocht Riosca sa Roinn agus léirigh an Coiste Iniúchta gur thug an tuarascáil dearbhú go rabhthas ag cloí le dea-chleachtais bhainistíochta riosca agus go raibh na struchtúir bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm sa Roinn go láidir. Fuarthas amach sa tuarascáil go raibh cultúr dearfach ann maidir le bainistíocht riosca ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí sa Roinn.

I mí na Samhna 2020, chomhaontaigh an Bord Bainistíochta Beartas Bainistíochta Riosca athbhreithnithe don Roinn a chuimsigh moltaí ón iniúchadh inmheánach ar riosca, moltaí ó bhaill foirne ag na seisiúin feasachta agus oiliúna, agus córas nua scórála riosca chun ailíniú leis an bhfeidhmchlár eRisk atá á fhorbairt ag an OGCIO agus a bheifear a thabhairt isteach ar fud na Roinne go luath in 2021.

## INIÚCHADH INMHEÁNACH

Thug an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh dearbhú don Ard-Rúnaí agus comhairle maidir le próisis agus nósanna imeachta inmheánacha airgeadais agus próisis inmheánacha eile le linn 2020, bunaithe ar chaighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta a ghlac an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don Státseirbhís. Is é ról an Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar fud na Roinne agus meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh maith agus atá rioscaí á mbainistiú trí cháilíocht na bpróiseas bainistíochta riosca, córais rialaithe inmheánaigh agus próisis rialachais chorparáidigh a mheas ar fud na heagraíochta.

Rinne an tAonad Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú ar a phlean oibre bliantúil in 2020, i gcomhthéacs thionchar COVID-19 ar oibríochtaí agus ar thosaíochtaí gnó na Roinne agus ghlac sé cur chuige cothrom maidir le gníomhaíocht iniúchta a chur ar aghaidh. I measc na

réimsí a ndearnadh athbhreithniú orthu in 2020 bhí athbhreithniú ar an gcreat bainistíochta riosca, athbhreithniú ar chomhlíonadh RGCS agus riachtanais chosanta sonraí, agus ar mhaoirseacht ar shampla gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne. Sa tábla thíos tá liosta de na tuarascálacha iniúchta a cuireadh i gcrích i rith na bliana.

| Tuarascálacha iniúchta a cuireadh faoi bhráid an Choiste iniúchta in 2020 |
|---|
| Bainistíocht Riosca |
| Comhlíonadh RGCS |
| GFT Éireann – Idirchaidreamh & Rialachas |
| An Clár Forbartha Eolaíochta & Teicneolaíochta – Idirchaidreamh & Rialachas |
| Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann – Idirchaidreamh & Rialachas |
| Athbhreithniú ar Chórais Rialaithe Inmheánaigh 2019 |
| Síntiúis le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta |
| Bainistíocht Sócmhainní Seasta |

## AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ

Le linn 2020, lean Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) lánaimseartha na Roinne air ag obair le hAonaid Ghnó ar fud na Roinne agus a n-Oifigí chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcleachtais sonraí pearsanta agus le cabhrú leo beartais agus prótacail nua a fhoirmliú. Rinneadh obair freisin le roinnt Aonaid Ghnó a raibh baint acu le cabhrú a sholáthar do ghnó i gcomhthéacs phaindéim COVID-19. Chomh maith leis na seisiúin oiliúna agus faisnéise caighdeánacha a sholáthraíonn ár OCS don fhoireann, dearadh agus seachadadh roinnt seisiún oiliúna oiriúnaithe chun cabhrú le baill foirne déileáil le riachtanais bhreise um chomhlíonadh sonraí a bhaineann le paindéim COVID-19. Freisin, rinne an OCS bosca poist tiomnaithe le cosaint sonraí a riar chun plé le ceisteanna cosanta sonraí ó bhaill an phobail.

In 2020, fuair an Roinn agus a hOifigí 40 Iarratas ar Rochtain ar Ábhair agus próiseáladh iad seo de réir fhorálacha na nAchtanna um Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus Cosaint Sonraí 1988 go 2018.

## AN tACHT UM BRÚSTOCAIREACHT A RIALÁIL, 2015

Ceapadh an tAcht um Bhrústocaireacht le heolas a chur ar fáil don phobal faoi cé atá ag brústocaireacht, cé air a bhfuiltear ag brústocaireacht, agus cad é an t-ábhar brústocaireachta. Rinneadh liosta dár nOifigigh Phoiblí Ainmnithe a athshonrú faoin Acht seo in 2020 agus foilsítear é ar ár láithreán Gréasáin.

## AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

D'fhoilsigh an Roinn a Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta do 2019 ar shuíomh Gréasáin na Roinne i mí an Mheithimh 2020.

## AN tACHT UM ÍOCAÍOCHTAÍ PRAS, 1997

Le linn 2020 d'fhoilsigh an Roinn tuarascálacha ráithiúla ar fheidhmíocht íocaíochta don Roinn agus do na comhlachtaí atá faoina coimirce.

## COTHROMAÍOCHT INSCNE AR BHOIRD STÁIT

Leanann an Roinn uirthi ag cur cothromaíocht inscne chun cinn ar gach ceapachán de chuid an Bhoird Stáit. Déanann Bainistíocht Shinsearach na Roinne tagairt i gcónaí do chothromaíocht inscne i roghnú ball boird. Breithníonn Airí comhdhéanamh inscne reatha an bhoird i gcónaí ar cheapacháin / athcheapacháin.

## SCÉIM NA GAEILGE 2019-2022

Tháinig Tríú Scéim Gaeilge na Roinne, a d'fhormheas an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, i bhfeidhm in 2019 agus leagtar amach a mhéad atá seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair agus sainaithníonn sé réimsí le haghaidh forbartha amach anseo. Le linn 2020, chinntigh an Roinn gur cuireadh gealltanais i bhfeidhm maidir le seirbhísí a sholáthar i nGaeilge.

## CAIRT CHUSTAIMÉIRÍ AGUS PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA SEIRBHÍSE DO CHUSTAIMÉIRÍ 2019-2021

Is ráiteas poiblí é Cairt Chustaiméirí na Roinne 2019-2021 a leagann amach na caighdeáin agus an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméirí a bheith ag súil leis agus iad ag plé lenár Roinn. Sonraíonn Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2019-2021 na bealaí a gcuireann an Roinn na príomhghníomhartha a leagtar amach sa Chairt i bhfeidhm.

Ar fud 2020, chinntigh an Roinn gur cuireadh na tiomantais a rinneadh maidir le seirbhísí do chustaiméirí a sholáthar faoi Chairt Chustaiméirí na Roinne 2019-2021 agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2019-2021 i bhfeidhm.

Bhí cruinnithe rialta ag Coiste Monatóireachta Tras-rannach inmheánach na Roinne, a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm na ngealltanas a tugadh i bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí agus Scéim na Gaeilge i rith 2020. Rinne an fóram sin a chinntiú gur tugadh aghaidh ar aon dúshláin a tháinig chun cinn maidir le gealltanais a chomhlíonadh a bhí le seachadadh in 2020.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Foilsíodh Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise (FOI) na Roinne den chéad uair in 2016 agus rinneadh í a nuashonrú in 2018 de réir Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Leagann an Scéim amach faisnéis, faoi 6 cheannteideal, chun cabhrú le baill an phobail ina dtuiscint ar an Roinn agus a feidhmeanna. In 2020 fuair an Roinn 218 iarratas um Shaoráil Faisnéise agus próiseáladh iad seo de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014.

## ATHBHREITHNITHE CRITICIÚLA TRÉIMHSIÚLA

Cuimsíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 ceanglas go ndéanfaí Athbhreithnithe Criticiúla Tréimhsiúla (PCRanna) ar Ghníomhaireachtaí Rialtais gach cúig bliana. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Treoir ar Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil ar Chomhlachtaí Stáit Neamhthráchtála i Meán Fómhair 2020. Mar gheall ar nádúr eisceachtúil 2020 agus ról ceannasach na Roinne i bhfreagra uile-Rialtais ar

ghéarchéim COVID-19 agus in ullmhúcháin Breatimeachta, cuireadh PCRanna den sórt sin do Ghníomhaireachtaí na Roinne seo ar athló in 2022.

## AN tACHT FÁ CHOIMISIÚN NA hÉIREANN UM CHEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS, 2014

De réir ár n-oibleagáidí faoin Acht seo, tá an Roinn tiomanta a cuid beartas, nósanna imeachta agus seirbhísí i gcoitinne a dhéanamh níos doichte ar fud a réimsí gnó lena chinntiú go gcomhlíonann an Roinn a cuid riachtanas i réimse chearta an duine agus an chomhionannais.

In 2020, bunaíodh foireann le hionadaithe ó gach Rannán le cur i bhfeidhm Dhualgas um Chearta an Duine agus Dhualgas Comhionannais na Seirbhísí Poiblí a chur chun cinn.

Áirítear na nithe seo a leanas le samplaí d'obair na Roinne i réimse Chearta an Duine agus an Chomhionannais:

### An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Is é an Coimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre an comhlacht neamhspleách a bunaíodh de réir dlí le gearáin faoi leithcheal a imscrúdú nó le hidirghabháil a dhéanamh ina leith. Tá an Coimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre clúdaithe ag an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Tarlaíonn leithcheal nuair nach gcaitear chomh maith céanna le duine agus a chaitear, a chaitheadh, nó a gcaithfí le duine eile. Clúdaíonn an reachtaíocht íospairt freisin.

### Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Is ann don Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach nuair a dhéanann gnólachtaí agus eagraíochtaí eile a bhfreagrachtaí sóisialta agus comhshaoil a chomhtháthú ina n-oibríochtaí gnó príomhshrutha agus nuair a dhéantar cinntí gnó ina dtagraítear do shaincheisteanna inbhuanaitheachta níos leithne. Soláthraíonn an Roinn rúnaíocht don Fhóram Geallsealbhóirí Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach faoi stiúir fiontar a dhéanann maoirseacht ar chur i bhfeidhm na ngníomhaíochtaí sa Phlean Náisiúnta um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach.

### Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní

Tá ionadaíocht ag an Roinn ar Choiste Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní 2017-2020. Cuirimid leis na comhghníomhartha amhail forbairt saineolais intí i ngníomhaíochtaí príomhshruthaithe inscne agus muid ag tabhairt aird ar thionchar inscne i bhforbairt straitéisí nua.

### An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais

Glacann an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2021 cur chuige uile-Rialtais maidir le feabhas a chur ar shaol daoine faoi mhíchumas ar bhealach praiticiúil agus freisin maidir leis na deiseanna is fearr agus is féidir a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas a gcumas a chomhlíonadh. Tá ionadaíocht ag an Roinn ar ghníomhartha faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais 2017-2021 agus faoin Straitéis Fostaíochta Chuimsitheach do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2024 agus tá sí á gcur chun cinn.

In 2020, tháinig Coiste Comhairleach Míchumais na Roinne (DCC) i gceann a chéile uair amháin go fíorúil agus scaipeadh 18 ríomhphost ar na baill i rith na bliana chun

nuashonruithe a sholáthar ar COVID-19. Freisin, scaipeadh faisnéis ar bhaill faoi cheardlanna agus seimineáir ábhartha a tionóladh le linn 2020. Tá ballraíocht an DCC comhdhéanta d'ionadaithe ón nGrúpa Geallsealbhóirí Míchumais, ón Údarás Náisiúnta Míchumais agus ó bhaill foirne ar fud na Roinne agus a hOifigí agus a Gníomhaireachtaí.

Chomh maith leis an méid thuas, oibríonn an Roinn laistigh den dlí fostaíochta agus reachtaíocht ábhartha eile a fhéachann le cearta an duine agus comhionannas a chinntiú, i measc rudaí eile, mar shampla:

An tAcht um Rialáil Státseirbhíse, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, an tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, an tAcht Comhionannais, an tAcht um Chaidreamh Tionscail, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, an tAcht um Chosaint Sonraí, an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhairliúchán a Sholáthar), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, An tAcht um Chosaint Máithreachais, an tAcht um Shaoire Cúramóra, an tAcht um Eagrú Ama Oibre, an tAcht um Dhífhostú Éagórach.

## AN tACHT UM LEANAÍ AR DTÚS, 2015

Tá Ráiteas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm ag an Roinn a forbraíodh de réir na gceanglas faoin Acht um Leanaí Ar dtús 2015, an Chéad Treoir Náisiúnta do Leanaí agus Cosaint Leanaí Tusla: Treoir maidir le beartas, nós imeachta agus cleachtas. Tá an Roinn tiomanta do chur i bhfeidhm an Ráitis um Chosaint Leanaí seo agus na nósanna imeachta a chabhraíonn lenár rún leanaí a choinneáil slán ó dhochar agus iad ag obair le foireann na Roinne.

# Aguisín 1 BILLÍ A ACHTAÍODH IN 2020

- Achtaíodh an tAcht um an gCiste Iasachta do Mhionfhiontair (Leasú) 2020 10 Iúil 2020
- Achtaíodh an tAcht um Ráthaíocht Chreidmheasa (Leasú) 24 Iúil 2020
- Achtaíodh Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha) (COVID-19) 1 Lúnasa 2020

# Aguisín 2

## IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A RINNEADH IN 2020

- I.R. Uimh. 2 de 2020 — Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa san Ionad oibre (Feidhmiú Ginearálta (Leasú) 2020
- I.R. Uimh. 14 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhoibriú idir Údaráis Náisiúnta atá Freagrach as Forfheidhmiú Dlíthe Cosanta Tomhaltóirí) 2020
- I.R. Uimh. 18 de 2020 — Rialacháin Phobail na hEorpa (Dea-chleachtas Saotharlainne), 2020
- I.R. Uimh. 24 de 2020 — An Acht um Chaidreamh Tionsclaíoch (Leasú) 2019 (Tosú) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 42 de 2020 — Ordú Bunaithe 2020 Scoileanna Béarla Comhchoiste Saothair
- I.R. Uimh. 64 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Veiniséala) 2020
- I.R. Uimh. 65 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir leis an tSiombáib) 2020
- I.R. Uimh. 66 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó) 2020
- I.R. Uimh. 67 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Poblacht na hAfraice Láir) 2020
- I.R. Uimh. 68 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir leis an mBurúin) 2020
- I.R. Uimh. 69 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir leis an tSiria) 2020
- I.R. Uimh. 70 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Nicearagua) 2020
- I.R. Uimh. 71 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir leis an Túinéis) 2020
- I.R. Uimh. 72 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Poblacht na Guine) 2020
- I.R. Uimh. 78 de 2020 — Rialacháin (Leasú) Scéim Iasachta do Mhionfhiontair 2020

- I.R. Uimh. 84 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rialú Easpórtálacha Trealamh Cosanta Pearsanta) 2020
- I.R. Uimh. 102 de 2020 — Rialacháin (Leasú) Sábháilteachta, Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre (Foirgníocht)
- I.R. Uimh. 147 de 2020 — An tAcht um Shubstaintí Dainséaracha 1972 (Forógra Cuid IV) 2020
- I.R. Uimh. 156 de 2020 — Rialacháin (Leasú) Ceadúnais Fostaíochta 2020
- I.R. Uimh. 159 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Rialú Easpórtáil Trealamh Cosanta Pearsanta)
- I.R. Uimh. 256 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cothroime agus Trédhearcacht a Chur chunCinn d'Úsáideoirí Gnó Seirbhísí Eadrána Ar Líne) (Uimh. 2) 2020
- I.R. Uimh. 275 de 2020 — Ordú Cóipchirt agus Cearta Bainteacha (Deimhniú Scéim Cheadúnaithe do Bhunscoileanna) (Gníomhaireacht na hÉireann um Cheadúnú Cóipchirt Teoranta) 2020
- I.R. Uimh. 276 de 2020 — Ordú Cóipchirt agus Cearta Bainteacha (Deimhniú Scéim Cheadúnaithe d'Iar-bhunscoileanna) (Gníomhaireacht na hÉireann um Cheadúnú Cóipchirt Teoranta) 2020
- I.R. Uimh. 277 de 2020 — Ordú Cóipchirt agus Cearta Bainteacha (Deimhniú Scéim Cheadúnaithe d'Institiúidí Ardoideachais) (Gníomhaireacht na hÉireann um Cheadúnú Cóipchirt Teoranta) 2020
- I.R. Uimh. 278 de 2020 — Ordú Cóipchirt agus Cearta Bainteacha (Deimhniú Scéim Cheadúnaithe do Sholáthraithe Breisoideachais) (Gníomhaireacht na hÉireann um Cheadúnú Cóipchirt Teoranta) 2020
- I.R. Uimh. 325 de 2020 — Scéim Ráthaíocht Chreidmheasa COVID-19 2020
- I.R. Uimh. 359 de 2020 — An tAcht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) Act2020 (Alt 31) (Coimisiún um Chaidreamh Ionad Oibre (Ainmniú) Order 2020
- I.R. Uimh. 386 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Veiniséala) (Uimh.2) 2020
- I.R. Uimh. 387 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Nicearagua) (Uimh.2) 2020
- I.R. Uimh. 388 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir leis an Iaráin)
- I.R. Uimh. 389 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir leis an Iaráin) (Uimh.2) 2020

- I.R. Uimh. 390 de 2020 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Poblacht na hAfraice Láir) (Uimh.2) 2020
- I.R. Uimh. 391 de 2020 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Poblacht na Cóiré)
- I.R. Uimh. 392 de 2020 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Poblacht Dhaonlathach Chongó) (Uimh.2) 2020
- I.R. Uimh. 393 de 2020 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir leis an tSiria) (Uimh.2) 2020
- I.R. Uimh. 510 de 2020 Rialacháin Ceadúnais Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 2) 2020
- I.R. Uimh. 514 de 2020 Acht um an Dlí Sibhialta agus an Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 (Alt 29) (Cúirt Oibreachais) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 515 de 2020 Acht um an Dlí Sibhialta agus Dlí Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2020 (Alt 31) (Cúirt Oibreachais) (Ainmniú) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 519 de 2020 Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht (Athrú Ainm na Roinne agus Teideal an Aire) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 539 de 2020 Rialacháin 2020 Sábháilteachta, Sláinte agus Folláine san Ionad Oibre (Oibreáin Bhitheolaíochta) (Leasú)
- I.R. Uimh. 579 de 2020 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht (Tarmligean Feidhmeanna Aireachta) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 580 de 2020 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht (Tarmligean Feidhmeanna Aireachta) (Uimh.2) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 586 de 2020 Beartas agus Cláir Taighde (Aistriú Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aireachta) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 608 de 2020 Rialachán Fostaíochta (Leasú) (Comhchoiste Saothair Glantóireacht Conartha) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 609 de 2020 Rialacháin Acht na gCuideachtaí 1990 (Urrúis Neamhdheimhnithe) (Leasú) 2020
- I.R. Uimh. 615 de 2020 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir leis an mBurúin) (Uimh.2)
- I.R. Uimh. 616 de 2020 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Poblacht na hAfraice Láir) (Uimh.3)
- I.R. Uimh. 617 de 2020 Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2020 (Bearta Coisctheacha Maidir le hIomadú agus Úsáid Airm Cheimiceacha)
- I.R. Uimh. 618 de 2020 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh.2)

- I.R. Uimh. 619 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó) (Uimh.3)
- I.R. Uimh. 620 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir leis an tSiria) (Uimh.3) 2020
- I.R. Uimh. 621 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir le Veiniséala) (Uimh.3) 2020
- I.R. Uimh. 622 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Bearta Coisctheacha maidir leis an Iaráin) (Uimh.3)
- I.R. Uimh. 623 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2020 (Údarú Ginearálta Náisiúnta Easpórtála)
- I.R. Uimh. 624 de 2020 — Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2020 (Prótacal Airm Thine NA)
- I.R. Uimh. 625 de 2020 — Rialachán an Aontais Eorpaigh 2020 (Riachtanais Éiceadheartha um tháirgí áirithe fuinnimh) (leasú)
- I.R. Uimh. 626 de 2020 — Rialacháin Acht na gCuideachtaí 2014 (Táillí) 2020
- I.R. Uimh. 627 de 2020 — Rialacháin Acht na gCuideachtaí 2014 (Foirmeacha) 2020
- I.R. Uimh. 628 de 2020 — Acht na gCuideachtaí 2014 ( (Cineál agus Ábhar Cáipéisí a Sheachadtar chuig an gCláraitheoir) 2020
- I.R. Uimh. 629 de 2020 — Acht na gCuideachtaí 2014 (Mír 897) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 630 de 2020 — Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla 2018 (Tosú) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 631 de 2020 — Acht na gCuideachtaí 2019 (Leasú) (Tosú) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 633 de 2020 — Acht um Ráthaíocht Chreidmheasa 2020 (Leasú) (Síneadh Dáta Ráthaíochta) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 671 de 2020 — Acht um Chumainn Tionscail agus Choigiltis (Alt 14A (1)) (COVID-19) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 672 de 2020 — Acht na gCuideachtaí 2014 (Alt 12A (1)) (COVID-19) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 674 de 2020 — Acht um Chaidreamh Tionsclaíochta 1990 (Cód Cleachtais d'Fhostóirí agus d'Fhostaithe ar Chosc agus Réiteach Bulaíochta san Ionad Oibre) Ordú 2020
- I.R. Uimh. 680 de 2020 — An tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2020 (Cuid 5) (Tosú) Ordú 2020

# Aguisín 3 SOLÁTHAR POIBLÍ GLAS

| Bliain tagartha 2020 | A. Líon iomlán conarthaí a eisíodh thar €25,000 de réir earnáil tosaíochta | B. Luach iomlán conarthaí a eisíodh thar €25,000 de réir earnáil tosaíochta | C. Líon iomlán conarthaí a eisíodh thar €25,000 de réir earnáil tosaíochta ina bhfuil GPP ionchorpraithe | D. Luach iomlán conarthaí a eisíodh thar €25,000 de réir earnáil tosaíochta ina bhfuil GPP ionchorpraithe |
|---|---|---|---|---|
| **Earnáil Tosaíochta** | | | | |
| Iompar | Náid | Náid | Náid | Náid |
| Tógáil | Náid | Náid | Náid | Náid |
| Fuinneamh | Náid | Náid | Náid | Náid |
| Seirbhísí Bia & Lónadóireachta | 1 | €88,000 | 1 | €88,000 |
| Táirgí agus Seirbhísí Glantóireachta | 1 | €35,261 | 1 | €35,261 |
| Teicstílí | Náid | Náid | Náid | Náid |
| Trealamh TF | 3 | €164,130.50 | Náid | Náid |
| Páipéar | Náid | Náid | Náid | Náid |
| **Eile** | | | | |
| Aistriú Troscáin | 1 | €65,000 | 1 | €65,000 |
| Comhairleoireacht | 4 | €353,350 | Náid | Náid |
| Staidéar Taighde | 1 | €107,561 | 1 | €107,561 |
| Staidéar Measúnacht Tionchair | 1 | €199,500 | Náid | Náid |
| Seirbhísí Dlí | 1 | €132,612 | Náid | Náid. |
| **Iomláin** | **13** | **€1,145,414.50** | **4** | **€295,822** |